

I dTreo Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d'Éirinn
Páipéar Glas

Clár na nÁbhar

RÉAMHRÁ ÓN AIRE.....	3
ACHOIMRE FEIDHMÍUCHÁIN.....	5
1 CÚLRA.....	21
1.1 COMHTHÉACS AN BHEARTAIS GHINEARÁLTA.....	215
1.2 DEARCADH EARNÁLA.....	26
1.3 DEARCADH TRAS-EARNÁLA.....	39
2 AN CREAT BEARTAIS.....	47
2.1 SLÁNDÁIL AN tSOLÁTHAIR FHUINNIMH A CHINNTIÚ.....	47
2.2 INBHUANAITHEACHT AN tSOLÁTHAIR FHUINNIMH A CHUR CHUN CINN.....	61
2.3 IOMAÍOCHAS AN tSOLÁTHAIR FHUINNIMH A FHEABHSÚ.....	79
3 AN BEALACH CHUN CINN.....	89
3.1 COMAIRLIÚCHÁN AGUS COMHOIBRIÚ.....	89
3.2 CEISTEANNA UM CHOMHAIRLIÚCHÁN.....	91
ACRAINMNEACHA AGUS NODANNA.....	94
GLUAIS NA DTÉARMAÍ.....	95
FOINSÍ ROGHNAITHE.....	96

Réamhrá ón Aire

Is gné bhunúsach í fuinneamh maidir lenár ngnáthshaol. Cuireann sé soilsiú agus teas ar fail dár dteaghlaigh, tugann sé cumhacht d’ospidéal agus monarchana agus tá sé ina chuid ríthabachtach den bhonneagar agus fás eacnamaíoch. Glactar leis go soláthraítear ar bhealach sábháilte agus iontaofa é.

Leagann an Páipéar Glas seo “I dTreo Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe d’Éirinn” roghanna amach maidir le treoir ar bheartas fhuinnimh sa todhchaí bunaithe ar na trí bunchlocha de:

- slándáil soláthair;
- inbhuanaitheacht chomhshaoil agus;
- iomaíochas eacnamaíoch.

Úsáideadh raon iontach d’anailís, tráchttaireacht agus ionchur ó chomhlachtaí poiblí, eagraíochtaí agus ón earnáil phríobháideach mar bhonn eolais air.

Tá sé leagtha amach i gcúlra Chlár an Rialtais in éineacht le *“An Dul Chun Cinn a Choinneáil”* agus *“I dTreo 2016”* a chuireann béim ar thiomantas an Rialtais tosaíochtaí beartais fuinnimh a sheachadadh/

Tá sé leagtha amach i gcomhthéacs na saindúshlán atá os comhair Éireann chomh maith.

Tá margadh láidir agus daonra atá ag méadú againn agus tá méadú tagtha ar éileamh fuinnimh isteach sa todhchaí dá bharr, agus caithfear freastal ar an éileamh seo i gcoinne cúlra de thiomantais comhshaoil agus srianta carbóin lena mbaineann ceangal dlíthiúil.

Mar gur margadh beag ar imeall na hEorpa atá ionainn, cuirtear dúshlán os ár gcomhair maidir le scála, infheistíocht agus soláthar. Dá bharr seo caithfimid ár n-idirnascaidh fisiciúil leis an RA agus b’fhéidir leis an Eoraip a threisiú sa todhchaí.

Táimid ag forbairt ár mhargaidh fhuinnimh uile-oileáin ar mhaithe le gnóthaí agus tomhaltóirí, Thuaidh agus Theas. Táimid ag leagann síos spriocanna ardaidhmeannacha. Táimid ag tabhairt tús áite do thaighde fuinnimh.

Tá ár gcostais fuinnimh ard agus caithfear dul i ngleic leo i raon de bhealaí. Tagann na costais arda fuinnimh chun chinn de bharr struchtúr reatha mhargadh leictreachais na hÉireann. Mar thoradh air seo tagann ceisteanna chun cinn maidir le ceansaíocht agus an gá d’iomaíocht bhreise. Tá gá feabhas a chur ar iomaíocht san earnáil seo láithreach.

Beidh príomhról ag fuinneamh in-athnuaite maidir le haghaidh a thabhairt ar ár ndúshlán fuinnimh. Tá an Rialtas seo ag déanamh a lán rudaí chun an tionscal seo atá ag méadú go gasta a spreagadh agus díronn an Páipéar Glas ar thodhchaí ina n-éireoidh ról an fhuinnimh in-athnuaite níos tábhachtaí leis, go háirithe i dtéarmaí éagsúlachta fuinnimh. Amach anseo, is féidir leis na foinsí fuinnimh seo an iarmhairt dhiúltach ar an gcomhshaol a laghdú agus cuideoidh siad le slándáil ár soláthar fuinnimh.

Tá muinín agam go gcuirfidh an Páipéar Glas bonn ar fáil chun munlú dearfach a chur ar earnáil fuinnimh na hÉireann agus a chúnamh do chuspóirí beartais eacnamaíocha agus shóisialta.

Tá sé curtha ar aghaidh anois le haghaidh tréimhse chomhairliúcháin. Cé go bhfuil comhthoil ag teacht chun cinn maidir leis na tosaíochtaí foriomlána tá roinnt easaontuithe ann maidir leis an mbealach a ndéanfar na tosaíochtaí seo a sheachadadh.

Tá fáilte roimh thuairimí nó tráchtanna ar bith uait maidir leis an raon iomlán de cheisteanna sainaitheanta agus na gnímh riachtanach faoin gcreat. Cuirimid príomhcheisteanna chun tosaigh le haghaidh díospóireachta - agus cuideoidh na freagraí orthu linn treoracha beartais a chur le chéile don todhchaí.

Tiocfaidh an próiseas athbhreithnithe chun buaice i bhfoilsíú de Pháipéar Bán, a leagfaidh amach ár straitéis chun Todhchaí Fuinnimh Inbhuanaithe a chruthú d'Éirinn

Noel Dempsey, T.D.

Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha

Achoimre Feidhmiúcháin

Baineann tábhacht bhunúsach le fuinneamh ó thaobh fholláine eacnamaíoch agus shóisialta na hÉireann de. Leagann an Clár don Rialtas chomh maith leis *"An Dul Chun Cinn a Choinneáil"* agus *"I dTreo 2016"* béim ar thiomantas leanúnach an Rialtais do raon iomlán na dtosaíochtaí beartais fuinnimh a sheachadadh. Áirítear orthu sin, infheistíocht shuntasach i mbonneagar fuinnimh, tacaíocht do spriocanna uailmhianacha méadúcháin um fhuinnimh in-athnuaite, straitéisí éifeachtúlachta fuinnimh, forbairt agus nuálaíocht taighde agus oscailt leanúnach na margáí gáis agus leictreachais d'iomáíocht.

Is léir, áfach, nach leor beartas fuinnimh an lae inniu don lá amarach. Leagann an Páipéar Glas roghanna beartais fuinnimh amach a fhreastalóidh ar an tír do dheich mbliana eile agus níos mó – roghanna beartais a chruthaíonn fíis do sholáthar fhuinnimh agus úsáid fuinnimh a fhreastalóidh ar riachtanais tomhaltóirí agus gnóthaí agus atá ábalta ár bhfás eacnamaíoch a thacú agus a choinneáil.

Léiríonn an Páipéar Glas sprioc an Rialtais maidir le soláthairtí fuinnimh sábháilte agus daingne a chinntiú, todhchaí d'fhuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn, agus praghsanna tíosacha a sheachadadh do thomhaltóirí na hÉireann. Tugann an Rialtas tacaíocht do sheachadadh na gcuspóirí seo trí shásraí iomaíocha margaidh, ndéanann na Rialtóirí maoirseacht orthu. Is córas an-chasta é an córas fuinnimh, a théann i bhfeidhm ar ghnéithe éagsúla den chomhshaol, an earnáil iompair agus earnálacha na dtimpeallachtaí tógtha. Bíonn gá le clár comhtháite maidir le beartas éifeachtach fuinnimh a sheachadadh, rud atá nasctha le chéile ar fud an rialtais uile.

CÚLRA

COMHTHÉACS AN BHEARTAIS GHINEARÁLTA

Treochtaí Domhanda

Tá riachtanais fuinnimh an domhain ag athrú go gasta. Méadóidh riachtanais fuinnimh dhomhanda ó leibhéal an lá inniu, mar atá le thart ar 50% sna cúig bliana is fiche amach romhainn mar thoradh ar fhás daonra agus geilleagair. Tarlóidh an chuid is mó den fhás seo i dtíortha atá ag forbairt, go sonrach an tSín agus an India, agus sna earnálacha iompair agus giniúna leictreachais. Braitheann an domhan go mór ar bhreoslaí iontaise fós, agus meastar go leanfaidh sí de bheith mar phríomhfhoinsé i soláthar fuinnimh ag baint amach 80% den méadú tuartha in éilimh go 2030. Meastar nach mbeidh mórán athraithe ar úsáid roinnt foinsí fuinnimh le

híósdéine measartha íseal carbóin, (núicléach, hidrea agus bithmhais) ar bhonn domhanda. D'fhéadfadh méadú gasta a thart ar úsáid breoslaí in-athnuaite eile (geoiteireach, gréine, gaoithe, taoide agus toinne) agus meastar go mbainfidh siad amach scair de thart ar 14% d'éilimh deiridh faoi 2030.

Is dúshlánach an rud é freastal ar riachtanais fuinnimh dhomhanda. Beidh infheistíocht shuntasach de dhíth chun dul i ngleic leis an éileamh seo agus neamhspleáchas a iompórtáil chomh maith le buarthaí faoi inniúlacht leanúnach soláthair agus d'fhéadfaí go mbeadh praghsanna arda agus luaineacha mar thoradh air seo, go háirithe ar ola agus gás nádúrtha. Tá impleachtaí ag spleáchas leanúnach ar bhreoslaí iontaise ar athrú aeráide, leis an ardú ar astuithe domhanda de gháis cheaptha teasa. Soláthróidh cur chuige polasaí malartaigh a dhíreodh ar athrú ó bhreoslaí iontaise agus a chuirfeadh úsáid níos éifeachtaí ar fhuinnimh chun cinn bealach chun fuinneamh a shábháil agus todhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe.

Treochtaí an Aontais Eorpaigh

Is é an AE an dara margadh fuinnimh is mó ar domhan, agus bonn bunaithe tionscail agus breis is 450 milliún tomhaltóir aige. Meastar, go ginearálta, go bhfuil méadú eacnamaíoch i mballstáit an AE agus méadú eacnamaíoch i dtíortha eile forbartha mar a chéile, agus é ag méadú ag ráta bliantúil arb ionann é agus thart ar 2.3% suas go dtí 2030. Meastar, agus na tuartha sin á n-úsáid mar bhunús, go méadóidh an t-éileamh fuinnimh phríomhúil don AE ag ráta bliantúil thart ar 1% go dtí 2030. Is iad giniúint leictreachais agus iompar na bpríomhearnálacha, i gcónaí, a imrionn tionchar ar an éileamh. Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an úsáid a bhaintear as gás nádúrtha chun freastal ar riachtanais incriminteacha, a mbeidh níos mó ná 30% den éileamh deiridh i gceist leo faoi 2030. Beidh infheistíocht i mbonneagar soláthair chun dul isteach i margaí ciana agus an neamhchinnteacht a bhaineann le foinsí iompórtála ina mórbhagairtí do shlándáil fuinnimh. D'fhoilsigh an AE Páipéar Glas le gairid, a leagan amach creat nua cuimsitheach beartais fuinnimh Eorpaigh. Molann páipéar an AE bearta chun éilimh a laghdú trí éifeachtacht mhéadaithe, chun soláthar a mhúnlú trí athrú go dtí fuinneamh in-athnuaite agus trí phraghsanna iomaíocha a bhaint amach trí mhargaí léirscaoilte.

Treochtaí na hÉireann

Is frithchaitheamh é dearcadh fuinnimh na hÉireann den chomhthéacs domhanda agus de chomhthéacs an AE. Meastar go bhfásfaidh éileamh soláthair 2-3% gach bliain go dtí 2020, agus leanfaidh an tromspleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte agus an gá le hinfeistíocht sa bhonneagar fuinnimh. Déantar an cás seo níos deacra trí ghnéithe uathúla cosúil le scála margaidh atá measartha beag, leibhéal ísle d'idirnasca agus soláthairtí teoranta de bhreosla dúshasacha

Dearcadh Earnála

Léiríonn foramharc ar na príomhearnálacha fuinnimh gurb iad na príomhthéama ná forbairt iomaíochta, iarmhairt an éilimh mhéadaithe, athruithe i bpátrúin tomhaltóra, spleachás ar bhreosla iontaise sa chumasc soláthair, luaineacht praghais in ola agus gás, an laghdú coibhneasta i ngual agus móin i dtéarmaí scair an mhargaidh, an méadú i bhfás fuinnimh in-athnuaithe, an gá do thuilleadh acmhainne giniúna leictreachais, infheistíocht in athnuachán líonra agus idirnasc nua.

Dearcadh Tras-Earnála

Margadh Fuinnimh Uile-Oileáin

Leagtar síos cur chuige comhordaithe maidir le beartas fuinnimh ó Thuaidh agus ó Dheas i gcomhthéacs comhoibrithe leantaigh idir an dá Rialtas ar chomhcheisteanna fuinnimh a thagann le forbairt mhargadh inmheánach an AE do leictreachas agus gás nádúrtha agus an fás réigiúnaithe de mhargaí. Bhunaigh comhfhoilísú den Chreat Forbartha Margaidh Fhuinnimh Uile-Oileáin in 2004 na cuspóirí gearrthréimhseacha go meántréimhseacha agus rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an tionscadal a chur ar aghaidh. Sainaithníodh an SEM, margadh mórdhíola leictreachais chun Éire agus Tuaisceart Éireann a chuimsiú, mar thosaíocht luath agus lainséalfar é in 2007. D'fhormhuinigh an Rialtas méadú ar idirnasc leictreachais Thuaidh-Theas chomh maith.

Athrú Aeráide agus Astuithe

Glacadh Prótacal Kyoto in 1997 agus cuireadh i bhfeidhm é i mí Feabhra 2005 mar chomhaontú idirnáisiúnta lena mbaineann ceanglas dlíthiúil chun drochthionchar an athraithe aeráide a mhaolú trí ghás an cheaptha teasa (GHG) a laghdú. Chomhaontaigh tíortha forbartha, faoi Phrótacal Kyoto, ar spriocanna lena bhain ceanglais dlíthiúla chun laghduithe breis is 5% ar an iomlán a ghnóthú i nglanastuithe i rith na tréimhse 2008-2012, i gcomparáid le leibhéal in 1990.

Laistigh de thiomantas Aontais Eorpaigh fhoriomláin do laghdú 8% faoi leibhéal na bliana 1990, tá sí ina oibleagáid ar Éirinn teorainn a chur ar an méadú ina hastuithe bliantúla go 13% os cionn leibhéal na bliana 1990 faoin tréimhse chéanna. Is éard atá i gceist leis an bhfigiúr sin d'Éirinn, ná sprioc astuithe thart ar 63 milliún tona CO₂ in aghaidh na bliana.

Is é Scéim Trádála Astuithe an AE (ETS) an scéim is mó ag leibhéal cuideachta um thrádáil astuithe CO₂. Tá an ETS ag oibriú ar chéim phíolótach de thrí bliana ó mhí Eanáir 2005 agus faoi láthair clúdaíonn sé 105 suiteáil in Éirinn. Ba í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a riarann an Scéim. Cuireadh Plean Náisiúnta Leithdháilte (NAP) eile i gcrích don tréimhse 2008-2012 agus foilsíodh Athbhreithniú ar Straitéis Náisiúnta Athraithe Aeráide na hÉireann.

Éifeachtach Fuinnimh

Ní mór go mbeadh éifeachtacht fuinnimh mar phríomhthosaíocht d'Éirinn. Tá an acmhainneacht ag bearta a bhfuil sí mar aidhm acu feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh méid tábhachtach eile a chur le dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le soláthar fuinnimh, iomaíochas agus inbhuanaitheacht. Tá feabhas suntasach tagtha ar ár n-éifeachtacht fuinnimh ar an iomlán le deich mbliana anuas agus dechúpláil shuntasach maidir le héileamh fuinnimh ó bhfás eacnamaíoch. Is é an dúshlán atá ann ná leanúint d'fhás eacnamaíoch a choinneáil ach gan an méadú céanna a theacht ar úsáid fuinnimh.

Tá sábháil fuinnimh ar an mbealach is gaiste, is éifeachtúla agus is saoire chun úsáid fuinnimh agus astuithe a laghdú. Beidh an díbhinn sábhála féideartha suntasach agus is é an cuspóir ná feabhais charnach a sheachadadh maidir le héifeachtach fuinnimh de 20% faoi 2020.

Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

Is príomhghné é an dul chun cinn teicneolaíochta maidir le beartas fuinnimh a chumasú. Tá forbairt agus cur i gcrích teicneolaíochtaí nua fuinnimh riachtanach i dtaobh slándála soláthair, inbhuanaitheacht agus iomaíochas a sheachadadh. Go sonrach, comhdhéanann teicneolaíochtaí fuinnimh éifeachtacha agus íseal i gcarbón margadh idirnáisiúnta atá ag fás go gasta agus ní mor don AE agus d'Éirinn araon a chinntiú go bhfuil a dtionscail ina gceannairí ar an domhan sna haoiseanna nua teicneolaíochta seo. Bunaíonn cur chun cinn spreagthach i dteicneolaíochtaí fuinnimh trí thaighde agus nuálaíocht agus dreasachtaí príomhghné de bheartas fuinnimh an AE agus Éireann.

Tá €7 milliún tiomanta ag Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI) cheana i maoiniú deontais do thaighde ar fhuinneamh in-athnuaite, forbairt agus tionscadail taispeána in Éirinn. Diríonn clár maoinithe an SEI go príomha ar ghlacadh spreagthach d'fhuinneamh in-athnuaite, agus ar mheasúnú a dhéanamh ar fhorbairt theicneolaíochtaí ag a bhfuil ionchais don todhchaí. Go dtí seo is ar ghaoth agus bithmhais atá fócas an Chláir, ag léiriú acmhainneacht shuntasach na n-earnálacha seo. Trí fhócas an chláir RD&D a chur ar theicneolaíochtaí tús áite, tá sí mar aidhm ag an gclár cuidiú le hÉirinn a hacmhainneacht dá foinsí fuinnimh in-athnuaite is luachmhara a uasmhéadú.

2. An Creat Beartais

Leagann an Páipéar Glas seo moltaí an Rialtais maidir le beartas fuinnimh don 21ú haois amach. Tá trí bunchlocha ag an mbeartas: slándáil soláthair, inbhuanaitheacht agus iomaíochas.

SLÁNDÁIL AN tSOLÁTHAIR

A chinntiú gur féidir le soláthar fuinnimh freastal ar éileamh amach anseo

Baineann go leor gnéithe le seachadadh soláthairtí iontaofa fuinnimh chuig oileán Éireann. Tá an Rialtas tiomanta do chinnte a dhéanamh de go ndéanann soláthar fuinnimh freastal ar éilimh thomhaltóirí na hÉireann i gcónaí. Tugadh feidhmeanna leathana reachtúla don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) maidir le slándáil soláthair. Déanann EirGrid, an Oibreoir Córais Tarchuir (TSO) neamhspleách, monatóireacht ar leordhóthaineacht na hacmhainne giniúna thar am agus tuairiscíonn sé chuig an CER dá réir.

Tá tionscnamh fadtréimhseach bunaithe ag an Rialtas maidir le hÉirinn a chomhtháthú le margaí fuinnimh thart uirthi. Tacóidh an tionscnamh straitéiseach seo le leordhóthaineacht de chórais gháis agus leictreachais chun freastal ar riachtanais éilimh thomhaltóirí na hÉireann. Tá forbairt de Mhargadh Fuinnimh Uille-oileáin lárnach do bheartas fuinnimh. Beidh seachadadh d'idirnascadh breise chuig Tuaisceart Éireann agus Sasana lárnach maidir le rochtain ar fhoinsí nua fuinnimh a fheabhsú. Cuirfear dúbláil den idirnascadh Thuaidh-Theas atá ann cheana agus soláthar d'idirnascóir leictreachais 500WW Thoir-Thiar i gcrích faoin mbliain 2012.

Maidir le leictreachas, measann Eirgrid go mbeifear in ann leordhóthaineacht ghiniúna a riar suas go dtí 2009. Leanann coinneáil agus feabhas de léibhéil reatha infhaighteacht monarchan a bheith mar thosaíocht ríthábhachtach. Tá roinnt tograí láithreacha ann chun gléasra nua giniúna a fhorbairt san Iardheisceart agus aithnítear go mbeidh punann giniúna níos solúbhtha agus níos freagraí de dhíth ar an bhfás tuartha in athnuacháin, go háirithe teicneolaíocht eatramhach.

Sa chuid is mó de chásanna, is leor an córas tarchuir gáis chun déileáil le hionchais réasúnta éilimh. Oibreoidh CER agus NIAER le chéile amach anseo chun foramharc cuimsithe maidir le slándáil sholáthar gáis a chur ar fáil ar bhonn uile-oileáin.

Tá slándáil na soláthairtí ola don tír riachtanach maidir le méadú agus bonneagar eacnamaíoch. Déanfar tuarascáil a choimisiúnú níos déanaí i mbliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar shlándáil rochtain na hÉireann ar ola. Cuimseoidh an t-athbhreithniú sochair chostais maidir le hidirnascadh féideartha ola leis an Eoraip/RA, leithdháileadh féideartha píblíne laistigh d'Éirinn, stratéisí straitéiseacha soláthair, feabhsacháin straitéiseacha stórála ola, anailís riosca agus pleanáil theagmhasach.

Slándáil soláthairtí gáis chuig an tír a chinntiú

Allmhairítear os cionn 80% dár ngás nádúrtha ón RA, atá anois ina glan-allmhaireoir de ghás í féin. Beidh tionchar ag an méadú pleanáilte in inniúlacht sholáthar gáis agus éagsúlú na bhfoinsí soláthair, lena n-áirítear *Liquefied Natural Gas* (LNG), sa RA ar shlándáil agus iomaíochas costais gháis, ar aon dul le forbairt de mhargadh feidhmiúcháin gáis Eorpaigh. Braithfidh an slándáil d'iarbhairt soláthair ag an leibhéal seo a bhraitear air go mór mór ar an leibhéal de sholáthar dúchásach agus infhaighteacht sa fráma ama lena mbaineann. Tá sé ríthábhachtach gurb é ar shlándáil soláthair i dtéarmaí foinsí soláthair agus bonneagar a bhreathnófar.

Sa chomhthéacs baile, tá tiomantas an Rialtais do thaiscéalaíocht amach ón gcósta rithabhachtach. Tá tiomantas an Rialtais do thaiscéalaíocht amach ón gcósta rithabhachtach laistigh d'Éirinn. Tabharfaidh ceantar na Coiribe toirteanna suntasacha gáis isteach i gcóras na hÉireann nuair a bheidh sé forbartha, agus cuirfidh sé go suntasach le slándáil soláthairtí gáis na hÉireann go dtí 2018.

Rinneadh coimisiúnú do staidéar uile-oileáin chun slándáil an tsoláthair idir an meánthréimhse agus an fadtréimhse a mheasúnu ar bhonn uile-oileáin, lena n-áirítear, an scóip do chomhchur chuige maidir le stóráil gháis agus LNG. Tabharfar an tuarascáil chun críche i mbliana.

Is dea-chomhartha iad infheistíochtaí na hearnála príobháidí i stóráil gháis. Tá an chéad saoráid tráchtála stórála gáis nádúrtha, oibrithe ag Marathon, ag oibriú cheana i gcúrsaí tráchtála chun críche próifílithe gáis ghearrthréimhsigh agus cuirtear fáilte roimh an moladh críochfort LNG a thógáil ag Inbhear na Sionainne.

Aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht na mbreoslaí a úsáidtear laistigh den earnáil ghiniúna

Braitheann Éire go mór ar ghás agus ar ola a bhfuil a bpraghsanna ag na leibhéil is airde riamh. Bíonn baol ar an ngeilleagar i leith praghsanna luaineacha idirnáisiúnta mar thoradh ar an méid a táthar ag brath orthu sin agus is praghas-ghlacadóir í Éire. Meastar gur toradh é suas le 70% den éagsúlacht reatha atá idir costais ghiniúna na hÉireann agus na hEorpa ar thionchar an mheascáin reatha bhreosla sin. Tá an Rialtas dírithe ar chinnte a dhéanamh de go gcoimeádaimid meascán de bhreoslaí éagsúla chun an riosca praghais a mhaolú do thomhaltóirí na hÉireann. Tá na roghanna teoranta, áfach.

Déanfar an toirmeasc reachtúil a chothabháil maidir le giniúint núicléach. In éagmais fhoinsí hidrea-acmhainní suntasacha breise agus ag cur an toirmisc reachtúil ar ghiniúint núicléach san áireamh, beidh ár spleáchas ar ghás nádúrtha do ghiniúint leictreachais suas go dtí 70% faoi 2020, gan idirghabháil beartais. D'fhonn cothromaíocht a choinneáil i meascán breosla beidh gá fáilte a chur roimh na roghanna réadúla uile atá ar fáil chun dul i ngleic le spleáchas méadaithe ar ghás nádúrtha do ghiniúint leictreachais.

D'fhéadfadh go mbeadh leathnú na hacmhainne reatha ghuail nó cur i bhfeidhm teicneolaíochta 'guail ghlain' ina ngnéithe luachmhara i meascán giniúna na hÉireann. Baineann meallacht le gual, maidir le héagsúlacht i soláthar breosla a choinneáil inar féidir forlámhú carbóin a úsáid chun a tionchar comhshaoil a bhainistiú, toisc go bhfuil soláthar fada de ar fáil agus nach mbaineann sé le soláthairtí ola nó gáis i dtaobh praghais nó foinsí soláthair.

Thabharfadh úsáid bithmhaise chun críche comhdhó le móin éagsúlacht bhreise isteach sa mheascán breosla agus bheadh scóip theicniúil ann maidir le suas go dtí 30% de bhithmhais a chomhdhó ag na trí stáisiún móna atá ann cheana ag leathnú infhaighteachta na móna sa mheascán fuinnimh thar 2020.

Tá an Rialtas tiomanta do mhéadú suntasach i bhfuinneamh in-athnuaite. Leag an Rialtas síos sprioc úr do 2010 go dtiocfaidh 15% d'úsáid fuinnimh as fuinnimh in-inathuaithe, agus sprioc eile de 30% den úsáid ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain

2020. Tuigeann an Rialtas go mbeidh gá le punann sofhreagrach giniúna de dhíth do thuilleadh méadaithe i bhfuinnimh in-athnuaite chomh maith le hidirnascadh breise.

A chinntiú go soláthraítear leictreachas agus gás do theaghlaigh agus ghnólachtaí thar líonraí atá leordhóthaineach agus iontaofa

Creideann an Rialtas gur cheart tabhairt faoi fhorbairt agus athchóiriú bonneagair riachtanach ar bhonn tráthúil, a bheidh oiriúnach i ndearadh agus a bheidh rialaithe de réir chaighdeáin idirnáisiúnta sábháilteachta, teicniúla agus costais. Ba cheart go n-úsáidfaí na teicnícíochtaí soláthair is éifeachtaí ó thaobh costais d'fhonn luach ar airgead a chinntiú.

I ndiaidh tréimhse fo-infheistíochta tá obair á déanamh ag Líonraí BSL ar mhórchlár athnuachana líonra arb ionann é agus €7 billiún idir 2000 agus 2009.

I dtéarmaí líonraí nádúrtha gáis, tá obair á déanamh chomh maith ag Bord Gáis Éireann ar chlár suntasach infheistíochta agus infheistíodh €1.53 billiún i rith na tréimhse 2001-2005 le €1.25 billiún sa bhreis beartaithe le hinfeistíocht a dhéanamh leis idir 2006-2010.

Tá an margadh náisiúnta gáis ag teacht chun aibíochta i dtéarmaí leathnaithe eacnamaíoch i limistéir nua. Leanfar de bhreathnú ar thuilleadh leathnaithe a dhéanamh ar an líonra gáis nuair a léirítear go bhfuil sé inmharthana go heacnamaíoch. Laghdóidh an mhórinfeistíocht líonra i leictreachas cailliúintí tarchuir agus dáilte, agus meastar go ndéanfar 132 GWh de ghiniúint sheachanta a shábháil.

Déanfaidh an Staidéar Greille Uile-Oileáin, atá le bheith curtha i gcrích in 2007, measúnú ar an méid ar féidir freastal a dhéanamh ar ghiniúint inseolta go páirteach, neamhsheolta agus neadaithe go dtí 2020, le cois na roghanna forbartha líonra chun freastal ar fhuinneamh in-athnuaite méadaithe ar an gcóras. Tabharfar an staidéar criticiúil seo chun críche in 2007 agus beidh sé mar bhonn eolais don phleanáil agus forbairt ar an gcóras tarchuir sa todhchaí.

Tá an Rialtas ag cinntiú, trína ghníomhaireachtaí, go gcuirtear gníomhartha i gcrích chun acmhainneacht na bhfoinsí in-athnuaite ar scála beag a dhaingniú. Tá an CER ag déanamh iniúchta ar an gceist ó dhearcadh rialála de agus tá an SEI ag tabhairt faoi anailís áirithe i ndáil le córais mhéadrúcháin agus luacha saothair a chuireann coireáil leordhóthaineach agus chothromach ar fáil do ghineadóirí agus oibreoirí córais.

Ar an iomlán, tá an Rialtas ag déanamh athbheithnithe ar an gcás faoi láthair maidir le maoiniú an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 a chur i bhfeidhm i dtreo caiteachais phleanáilte ar tionscadail straitéiseacha bonneagair cosúil le hidirnascóirí.

Infheistíochtaí a spreagadh in acmhainní hidreacarbóin trí thimpeallacht mhealltach a chruthú

Tá an Rialtas tiomanta d'acmhainneacht tráchtála na n-acmhainní ola agus gáis atá ar fáil amach ón gcósta in Éirinn a ghnóthú. I gcoinne cúlra d'ardphraghsanna ola

agus gáis domhanda, leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag tabhairt spreagadh d'infheistíocht i dtaiscéalaíocht ola agus gháis.

Ghlac an Rialtas páirt le déanaí i mórstaidéir ar mheasúnacht acmhainne réigiúnach, a rinne cainníochtú ar acmhainneacht na hola agus an gháis nach nochtadh in iarthar na hÉireann. Tá an acmhainneacht acmhainne seo atá le fáil fós suntasach agus cuireann sé an réigiún ar an dul le cúigí imeallchríche taiscéalaíochta Imeall an Atlantaigh. De bharr na hacmhainneachta treisithe is é seo am maith chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár réimeas taiscéalaíochta agus céadúnaithe. D'athleasaigh Éire a téarmaí fioscacha do thaiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbóin in 1992 agus a téarmaí neamhfioscacha in 1987. Ba cheart go mbeadh réimeas fioscach ar bith amach anseo curtha ar aghaidh go maith má tá sí le freastal ar éagsúlachtaí in ola agus praghsanna agus an costas ard a bhaineann le taiscéalaíocht agus forbairt in uisce domhain amach ó chósta na hÉireann. Cuireadh tús le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim fhioscach reatha i gcónasc leis an Roinn Airgeadais.

Déanfar an obair seo a mhéadú trí thuilleadh anailíse a dhéanamh ar thábhacht agus luach gáis dúchásaigh, ról na stórála agus malairtí eile atá de dhíth chun na rioscaí a bhaineann le staid dheireadh an tslabhra soláthair na hÉireann a chur ar ceal.

Tionchar aon chuir isteach ar sholáthar fuinnimh a mhaolú trína chinntiú go bhfuil bearta teagmhasacha i bhfeidhm.

Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil pleananna teagmhasacha i bhfeidhm chun tionchar aon chuir isteach ar sholáthar leictreachais a mhaolú. D'fhonn slándáil soláthairtí fuinnimh i gcásanna teagmhasacha a choinneáil, coinníonn cuideachtaí agus gníomhaireachtaí Stáit go leor stoc breoslaí (cosúil le móin, ola agus gual) agus tá pleananna teagmhasacha i bhfeidhm acu chun aon chuir isteach ar sholáthar leictreachais a mhaolú.

Tá na nósanna imeachta teagmhasacha seo coinnithe de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr agus déanann an Rialtas agus a Ghníomhaireachtaí monatóireacht orthu go rialta. Moltar don Ghníomhaireacht um Stoc Náisiúnta Ola (NORA), athchothromú incriminteach a dhéanamh ar stoic ola, athchothromú a mbeidh coimeád a thuilleadh stoc atá faoi úinéireacht laistigh den tír.

Mar gur gás nádúrtha an phríomhfhoinsé breosla i nginiúint chumhachta, cosnóidh cur chuige comhordaithe idir an CER, an Roinn agus oibreoirí an chórais leictreachais agus gháis ionracas an dá chórais má tharlaíonn géarchéim i gceachtar de na líonraí.

Inbhuanaitheacht an tSoláthair Fuinnimh a Chur Chun Cinn

Cabhrú le haghaidh a thabhairt ar athrú aeráide trí astuithe gáis fuinnimh-ghaolmhara an cheaptha teasa a laghdú

Chuidigh earnáil na hÉireann go mór mór maidir le hastuithe CO₂ a laghdú trí athruithe a dhéanamh ar an meascán breosla, úsáid mhéadaithe ar fhuinneamh in-athnuaite agus feabhsuithe ar éifeachtacht fuinnimh. Leanfaidh fuinneamh in-

athnuaite de ról lárnach a bheith aige sa mhéid a chuireann earnáil an fhuinnimh le gnóthú sprioc Kyoto, ag laghdú déine carbóin de tháirgeadh leictreachais.

Forbairt foinsí malartacha fuinnimh a spreagadh trí dhreasachtaí a sholáthar

Tá an ráta d'fhorbairt agus nuálaíocht teicneolaíochta ard i bhfuinneamh in-athnuaite agus acmhainneacht mhaith iontu i réimsí cosúil le feistí gaoithe, tonnta agus thaidmhara na farraige. Beidh tacaíocht de dhíth ar na teicneolaíochtaí trí thaighde, forbairt agus taispeáint go dtí go mbaineann siad amach imscaradh suntasach atá iomaíoch i gcúrsaí gnó.

Tá tiomantas an Rialtais maidir le seachadadh spriocanna uailmhianacha d'fhuinneamh in-athnuaite luaite thuas, i dtéarmaí sainspriocanna. Soláthraíonn sprioc an Rialtais de 15% de 1,650MW faoi 2010 an bonn don sprioc de 30% faoi 2020. Tacófar le 400 MW, ar a laghad, d'acmhainn nua in-athnuaite faoin scéim. REFIT a sholáthraíonn dreasachtaí díreacha d'fhorbairt saoráidí nua in-athnuaite.

Tá acmhainneacht shuntasach ag bithfhuinnimh do ghiniúint leictreachais mar fhoinsé bhreosla in-athnuaite inseolta, don mhargadh teasa atá tacaíthe ag pacáiste deontais chun coirí bithmhaise a shuiteáil, agus mar bithbhreosla don earnáil iompair atá tacaíthe faoi láthair ag pacáiste d'fhaoiseamh máil. Cuireadh an Tascfhórsa Aireachta um Bithfhuinneamh úrbhunaithe Plean Gnímh Náisiúnta Bithfhuinnimh i gcrích, ag déanamh measúnaithe ar ardspriocanna maidir le dul chun cinn teas bithmhaise, leictreachas agus iompar bithbhreosla sa mhargadh. Déanfar an plean a fhorbairt i gcomhthéacs Phlean Gnímh Bhithmhaise Choimisiún na hEorpa.

Rachfar i ngleic leis an leibhéal íseal d'úsáid Teas agus Cumhacht in Éineacht (CHP) in Éirinn – cineál an-ardéifeachtach de ghiniúint fhuinnimh – trí scéim dheontais do scála íseal CHP agus mórscála CHP bithmhaise. Cuimsíonn tionscnaimh aonair úsáid fhorleiththeadach níos mó a chur chun cinn scrúdú CER ar bhacainní féideartha riaracháin agus rialála agus feachtas suntasach faisnéis leis an SEI.

Cuirfidh seachadadh iomlán den Straitéis Náisiúnta um Fhuinneamh Mara, a lainseáladh in Aibreán 2006, Éire ar a cumas a foinse fuinnimh mhara a úsáid laistigh de dheich mbliana.

Cuideoidh tabhairt isteach na Scéime Deontais um Thithe níos Glaise le húsáid de theaschaideáil agus trealamh gréine tearmach a mhéadú.

Éileamh a laghdú trí éifeachtacht fuinnimh agus bearta caomhnúcháin a threisiú

Éifeachtacht fuinnimh in Iompar, Tionscal agus an Timpeallacht Tógtha

Faoi Iompar 21 spreagfaidh an infheistíocht in iompar poiblí cineálacha iompair a bheidh níos éifeachtaí ó thaobh iompair de. Beidh ról tábhachtach ag an uasghrádú líonra náisiúnta bóthair chomh maith maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh san earnáil iompair.

thar an tréimhse 2006-2015

Is bealach bunúsach é bainistíocht éileamh agus éifeachtacht fuinnimh chun déine fuinnimh níos lú a sheachadadh san earnáil iompair agus forbrófar straitéis bainistíochta éilimh de réir a chéile, i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath ar dtús, chun dul faoi bhráid an Rialtais de réir mar a théann an plean infheistíochta faoi Iompar 21 ar aghaidh. Tá an acmhainneacht ag feachtas feasachta poiblí, dírithe thart ar chur chun cinn éiceachúrsaí chun laghdúithe i ngás ceaptha teasa a sheachadadh.

Tá an acmhainneacht ag dreasachtaí cánach ceannach d'fheithiclí níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de agus níos glaine a spreagadh. Leathnaíodh an faoiseamh VRT chuig fheithiclí breosla-sholúbtha le haghaidh tréimhse thrialach dhá bhliain agus soláthraítear maoiniú do thionscadail phiólótacha le haghaidh teicneolaíochtaí bithbhreosla agus hibrid-leictreacha faoi Iompar 21 chun cur leis an scéim faoisimh mháil um bithbhreoslaí. Beidh dul chun cinn teicneolaíochta domhanda ríthábhachtach maidir le teicneolaíochtaí úra glana atá níos éifeachtúla ó thaobh breoslaí de a thabhairt isteach sa mhargadh.

Forbróidh clár nua na gComhaontuithe Fuinnimh, laistigh den Líonra Fuinnimh um Mórthionscail ar ghnóthachtáil go data, trína éileamh ar chomhlachtaí a bheith ag oibriú i dtreo teastasaithe don Chaighdeán nua na hÉireann maidir le bainistíocht fuinnimh. Tá an acmhainneacht aige, in éineacht leis an gClár Gnímh um Bainistíocht Fuinnimh an SEI a dhíríonn ar earnáil na bhfiontar beag, éifeachtacht fuinnimh a uasmhéadú ar fud an gheilleagair.

I dtéarmaí níos leithne, forbróidh an Rialtas Plean Gnímh ar Éifeachtacht Fuinnimh níos déanaí sa bhliain, a dhíreoidh ar na réimsí sin a bhfuil sé ar a gcumas níos mó a bhaint amach sa réimse seo. Cuimsíonn tionscnaimh eile a rinneadh le déanaí athchóiriú ar an Rialacháin Tógála, Grádú Fuinnimh Foirgneamh, clár 'Tithe don Lá Amárach' an SEI agus tionscadail taispeána ar thithíocht shóisialta. Déanfar mórthionscadal náisiúnta maidir le feachtas ar éifeachtacht fuinnimh a lainseáil an Fómhar seo a dhíreoidh ar na príomhghnéithe uile a bhaineann le úsáid éifeachtach fuinnimh agus beidh sé sonraithe ar thomhaltóirí aonair agus earnálacha eacnamaíochta faoi Leith.

Clár taighde agus forbartha a sheachadadh a thacaíonn le dul chun cinn teicneolaíochta san earnáil.

Tá taighde agus nuálaíocht fuinnimh ina ghné thábhachtach maidir le clár oibre beartais fuinnimh idirnáisiúnta agus AE. Meastar gur príomhbhealach chun torthaí a sheachadadh é cur chuige níos straitéisí maidir le pleanáil agus maoiniú taighde agus nuálaíocht náisiúnta. Tacaíonn an Rialtas leis an tosaíocht atá á déanamh san AE agus sa Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh agus léirítear é sin sna cuspóirí náisiúnta taighde fuinnimh.

Ba é toradh athbhreithniú 2005 ar thaighde fuinnimh na hÉireann ná gur chóir go mbeadh gníomhaíochtaí agus maoiniú reatha comhordaithe níos fearr agus go dtabharfar iad de réir beartas fuinnimh agus beartais eacnamaíochta go ginearálta. Ar an tacaíocht a chuirfear ar fáil don mheántréimhse, áireofar, treoir straitéiseach a fheabhsú le haghaidh taighde fuinnimh na hÉireann sa bhonneagair náisiúnta fuinnimh. Beidh éifeachtacht fuinnimh, bainistíocht éilimh agus teicneolaíochtaí in-athnuaite ina bpríomhthosaíochtaí chomh maith, lena mbainfidh an sprioc maidir le hacmhainn taighde fuinnimh a thógáil sa chóras ardoideachais. Beidh comhoibriú

reatha ina bhonn ag deiseanna chun tionscnaimh uile-oileáin a fhorbairt i dtaighde fuinnimh.

Cuirfidh Comhairle Taighde Fuinnimh na hÉireann nua-bhunaithe, comhairle ar fáil faoi thosaíochtaí do thaighde fuinnimh na hÉireann suas go dtí 2013 agus don tréimhse níos faide. Déanfaidh an Chomhairle gníomhaíochtaí reatha fuinnimh RTDI a chomhordú agus soláthróidh sí anailís agus comhairle maidir le hacmhainn taighde, agus naisc a fhorbairt agus ar thaighde fuinnimh a chomhtháthú leis an mbeartas fuinnimh ina iomláine chomh maith le beartais eile earnaála. Cuirfidh sí comhairle agus cúnaimh ar fáil, chomh maith, maidir le bainteacht na hÉireann le clár fuinnimh AE agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear, Clár Creata an AE. Beidh an ghné uile-oileáin ina cuid lárnach d'obair na Comhairle.

Tá maoiniú státchiste á méadú go suntasach ag an rialtas d'fhuinneamh RTDI. Méadófar an líne nua buiséid do 2006 arb ionann é agus €3.5 milliún le linn na tréimhse chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh taighde fuinnimh. Beidh páirt lárnach ag taighde fuinnimh i spriocanna Náisiúnta Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, ardtosaíocht don Rialtas féin a léirítear i dtiomantas de mhaoiniú suntasach thar an tréimhse 2006-2013 sa Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta.

IOMAÍOCHAS AN tSOLÁTHAIR FHUINNIMH A FHEABHSÚ

Earnálacha gáis agus leictreachais a léirscaoileadh trí shásraí margadh fuinnimh a chur i bhfeidhm

Braitheann fás agus iomaíochas leanúnach eacnamaíoch na hÉireann ar sholáthar fuinnimh iontaofa lena mbaineann praghsanna iomaíocha. Tá an Rialtas tiomanta a chinntiú go ndéanfar fíoriomaíocht a sheachadadh i margaí leictreachais agus gáis na hÉireann. Cruthaíodh go hidirnáisiúnta gurb é cumhacht rogha an tomhaltóra an fórsa is tábhachtaí maidir lena chinntiú go seachadtar praghsanna eacnamaíocha chuig thomhltóirí. Tá Rialtas na hÉireann tiomanta do phróiseas léirscaoilte ina leith sin. Tá iomaíocht ar oscailt, faoi láthair, do na tomhaltóirí leictreachais go léir. Tá 85% éigin den mhargadh gáis, de réir toirte, oscailte d'iomaíocht agus faoi lár 2007, beidh margadh gáis na hÉireann lánoscailte agus inchonspóideacha.

Cruthaíonn margadh beag fuinnimh na hÉireann, suíomh na tíre ar imeall na hEorpa agus na hardphraghsanna inbhuanaithe domhanda ola agus gáis a bhagraíonn uirthi dúshláin áirithe di i dtéarmaí costais iomaíocha fuinnimh. Tá sí mar aidhm ag gníomhartha beartais maidir le slándáil an tsoláthair, éagsúlacht bhreosla agus inbhuanaitheacht dul i ngleic leis na dúshláin seo.

Cuirfidh cruthú Margaidh Shingil Leictreachais in 2007 dlús le margadh níos iomaíche agus déanfaidh sé éascaíocht dó. Tá an Rialtas tiomanta don bhonn reachtúil don mhargadh a chur ar fáil, a sheachadfaidh an Bille um Margaidh Shingil Leictreachais faoi Aibreán 2007.

Tá cosaint leasa tomhaltóirí riachtanach i margaí lánléirscaoilte agus maidir leis seo soláthróidh ról sainiúil reachtúil an CER agus cruthú na Gníomhaireachta Náisiúnta Fuinnimh fócas láidir tomhaltóra san earnáil fuinnimh.

Iomaíochta a chumasú trí shocruithe institiúideacha agus an struchtúr margaidh a athchóiriú

Tá an Rialtas buartha faoin iarmhairt atá ag na praghsanna arda fuinnimh atá ag méadú, agus an feidhm a bhíonn acu ar iomaíochas. Tá praghsanna leictreachais na hÉireann giota maith níos airde ná meán na hEorpa do thomhaltóirí baile agus tionscalaíochra araon. Déanfar Éire a ghrádú i gcónaí trí na dtrí tír is costasaí do thomhaltóirí tionscalaíochra leictreachais in Eoraip, a lán acu atá in iomaíocht i margaí idirnáisiúnta ard-iomaíochra.

Baineann imthosca an-chasta le ceannteidil mhéadaithe phraghais chomh maith leis na leibhéil dearbhphraghais is airde riamh, agus teaghlaim d'fhachtóirí struchtúrtha agus oibríochtúla margaidh ag cur le hardleibhéal praghais.

Tá praghsanna arda leictreachais ina chomhartha de na bunriochtaí struchtúrtha cosúil le margadh atá beag, méadú ard ar éileamh, corrlach íseal cultaca, leibhéil ísle d'ídirnascadh le tíortha eile, infheistíocht bhuaice leanúnach i líonraí agus ardspleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe.

Is é meascán breoslaí agus an spleáchas ar ghás go sonrach i gcomhair chuid ábhartha na riachtanas giniúna, an príomhfhachtóir a chuireann le hardchostais ghiniúna. Is ionann meascán breoslaí i staisiúin leictreachais na hÉireann agus thart ar 70% den éagsúlacht idir costais ghiniúna leictreachais na hÉireann agus na hEorpa, agus i mBallstáit eile úsáidtear níos mó de hidrighiniúint agus giniúint núicléach le costas níos ísle. Beidh gníomhartha beartais a dhéanann éascaíocht d'éagsúlacht an mheascáin bhreoslaí ríthábhachtach maidir le tomhaltóirí na hÉireann a chosaint ó iarsmaí timthriallacha na dtráchtearraí idirnáisiúnta cosúil le gás agus ola.

Tá easnaimh i dtéarmaí struchtúir agus cuir i bhfeidhm mhargaidh ann faoi láthair. Le taobh meascán breosla, tá praghsanna na hÉireann giota maith níos mó ná meán na hEorpa de bharr meáncostais saothair agus leibhéil ísle d'infhaighteacht gléasra. Bíonn tionchar diúltach ag na costais seo ar an méid a chuireann an earnáil fuinnimh agus, go háirithe, an earnáil leictreachais, le hiomaíochas náisiúnta agus le fás eacnamaíoch inbhuanaithe a choimeád.

Ceistíodh go forleathan, éifeachtúlacht agus oiriúnacht na socruithe agus struchtúr reatha. Tá an struchtúr margaidh reatha rialaithe go láidir agus tá forbairt iomaíochta teoranta. Tá ceisteanna tagtha chun cinn faoi shlándáil de sholáthar leictreachais láithreach agus sa mheántéarma de bharr an easpa iontrála de ghineadóirí neamhspleácha isteach sa mhargadh. Méadaíonn fáil lag gléasra an fhadhb seo agus dá bharr seo bíonn na corrlaigh stoic gann sa gheimhreadh.

Ceann de na príomhfhachtóirí a aithníodh mar bhacainn d'iontráil an mhargaidh ná ceannasaíocht mheasta agus fíorcheannasaíochta BSL, a eascraíonn as úinéireacht BSL de phunann mór agus éagsúil de ghléasra agus go háirithe gléasra praghas-socraithe. Ní rachfadh tabhairt isteach SEM i ngleic leis an gceist ar cheannasaíocht ann féin, go háirithe maidir leis an gcumas praghas-socraithe. Ní mór go

bhfeidhmeoidh iomaíocht go héifeachtúil má tá sochair an scála mhéadaithe, i dtéarmaí an mhargaidh uile-oileáin, le tabhairt go cothrom do thomhaltóirí.

Tá aghaidh le tabhairt ar dhúshláin sa dá mhargadh má táthar chun na torthaí riachtanacha, i dtéarmaí iomaíochta, trédhearcachta agus rogha an tomhaltóra a sheachadadh. Ní mór bearta beartais a chur le chéile chun teacht leis an ngníomh rialála a dhéantar d'fhonn díriú agus cumas úinéireachta a laghdú um cheannasaíocht a chur i bhfeidhm i nginiúint leictreachais agus d'fhonn comharthaí láidre a chur in iúl i ndáil le hathrú forásach struchtúrtha san earnáil leictreachais, ó Thuaidh agus ó Dheas. Ní mór réidh a fháil de bhacainní ar iomaíocht éifeachtúil ar a dá thaobh trí bheartas le cois gnímh rialála.

Athneartaíonn na forbairtí seo an cás, ó thaobh tús a chur le próiseas athraithe struchtúrtha san earnáil leictreachais. Cuirfidh slándáil fheabhsaithe soláthair, laghduithe i gcostais inrialaithe na sealbhóirí reatha agus margadh fuinnimh atá níos bríomhara deiseanna ar fáil do na himreoirí go léir, lena n-áirítear, earnáil an fhuinnimh in-athnuaite agus infheisteoirí. Cé nach rachfaidh iomaíocht i nginiúint i bhfeidhm ar an iarmhairt láidir praghais de bhreoslaí allmhairithe, beidh sé mar chatalaíoch d'fheabhsuithe i gcostais oibriúcháin agus cothabhála, táirgiúlacht, infhaighteacht, solúbthacht agus nuálaíocht. Soláthróidh iomaíocht i soláthar rogha do chustaiméirí agus spreagfaidh sé nuálaíocht i gcuachadh earraí agus seirbhísí .

Gan athruithe struchtúrtha forbróidh an margadh leictreachais go mall agus ní tharlóidh feabhsuithe in infhaighteacht gléasra agus leibhéal éifeachtachta ach thar thréimhse fhada. Ní bheidh brú éifeachtúil anuas ar phraghsanna, beagán de spreagadh ann d'iontrálaithe úra agus dianrialú, agus leanfar de na teorainneacha dúchasacha don lucht leasa go léir. Tá an cás maidir le hathrú áithitheach agus soláthraíonn an gá le hinfheistíocht i nginiúint chumhachta sa neastearma deis chun iomaíocht bhríomhar a sheachadadh. Aithnítear go bhfuil gá an t-athrú a sheachadadh i mbealach forchéimnitheach trí oibriú leis an lucht leasa uile.

Creideann an Rialtas go bhfuil sé tábhachtach BSL láidir atá inmharthana ó thaobh tráchtála de a choimeád ag léiriú a róil bhunúsaigh i bhforbairt earnáil leictreachais na hÉireann agus a thiomantas féin don athrú. Creideann an Rialtas gur cheart sócmhainní straitéiseacha leictreachais a choimeád faoi úinéireacht Stáit don fhadtréimhse. Ní mór dul i ngleic leis na gceisteanna faoi cheannasaíocht agus cumhacht mhargaidh mar cheist phráinneach. Ba chóir breathnú ar chruthú de cúlsholáthar talon faoi úinéireacht an Stáit de láithreáin ghiniúna reatha agus féideartha. Ní mór an forbairt leanúnach in iomaíocht i soláthar leictreachais a spreagadh agus a éascú ar mhaithe le tomhaltóirí.

Má bhógfear ar shiúl ón status quo cruthófar spreagadh do rogha agus nuálaíocht i dtimpeallacht a bheidh rialaithe i mbealach níos oiriúnaithe agus margadh freagrach.

Leasú Rialála

Tá margadh leictreachais na hÉireann á rialú ag CER ó 1999 agus an margadh gáis ó 2002. Tá feidhmeanna agus dualgais reachtúla agus neamhspleácha forleathana ag an gCoimisiún, a d'fhorbair i dtimpeallacht athraitheach agus dhúshlánach. Tá an Rialtas tiomanta d'athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcreat rialála, ag teacht leis na prionsabail treorach atá leagtha amach sa Pháipéar Bán "*Regulating*

Better”, lena chinntiú go bhfuil sé freagrach, ábhartha agus inmharthana. Bheadh sé tráthúil agus oiriúnach athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála fuinnimh go gairid i ndiaidh bunaithe an SEM, maidir le rialachán a thabhairt isteach chun freastal ar an riachtanais fuinnimh suas go dtí 2020.

Leanann a Rialtas de bheith ag breathnú ar réimsí d’fheabhas i rialáil na n-aonán faoi úinéireacht stáit in earnáil fuinnimh na hÉireann agus tá sé tiomanta d’athbhreithniú rialta ar threoir ar bheartas fuinnimh, a bheidh le déanamh gach cúig bliana..

An Bealach Chun Cinn: Ceisteanna do Phróiseas Comhairliúcháin

Is mian leis an Rialtas próiseas táirgiúil comhairliúcháin agus díospóireacht eolach a chur i gcrích maidir leis na dúshláin a aithníodh agus na dtreoracha molta sa Pháipéar Glas seo sula dtabharfar an Páipéar Bán chun críche. Chun an próiseas comhairliúcháin a threorú, a struchtúrú agus a thacú, a eagríodh na ceisteanna a leanas:

Slándáil an tSoláthair Fuinnimh a chinntiú

- 1) Le cois níos mó a chur le fuinneamh in-athnuaite, cad a bhféadfaí a dhéanamh chun an meascán breoslaí a éagsúlú le haghaidh giniúna leictreachais agus an spleáchas ar ola agus gás a laghdú?
- 2) Cén dóigh ar féidir leordhóthaineacht giniúna agus iompair san earnáil leictreachais a fheabhsú?
- 3) Cad a ba chóir a dhéanamh chun acmhainn stórála straitéisí a chruthú san earnáil gáis?
- 4) Cad iad na dúshláin maidir le níos mó rannpháirtíochta d’imreoirí úra i bhforbairt agus oibriúchán gléasra giniúna cumhachta - agus cén bealach ar cheart dul i ngleic leo?
- 5) Cén dóigh, agus thar cén fráma ama, ar cheart d’Éire idirnascadh leictreachais níos mó leis an Eoraip a lorg?
- 6) Cad iad na bearta a bhféadfaí a dhéanamh chun taiscéalaíocht agus táirgeadh acmhainní dúchásacha fuinnimh a spreagadh?
- 7) Ag cur san áireamh an leibhéal de spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe, cad a ba chóir a dhéanamh chun bearta teagmhasa a threisiú?
- 8) An leagann an Páipéar Glas na treoracha beartais chearta amach go ginearála do shlándáil soláthair fuinnimh?

Inbhuanaitheacht an tSoláthair Fhuinnimh a Chur Chun Cinn

- 9) Cad is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar luas agus raon forbartha d'acmhainní fuinnimh in-athnuaite do ghiniúint leictreachais ar bonn inbhuanaithe?
- 10) Chomh maith le giniúint leictreachais, cad a ba chóir a dhéanamh chun úsáid d'fhuinneamh in-athnuithe san earnálacha iompair agus teasa a fhorbairt?
- 11) Cad iad na tionscnaimh shuntasacha úra a bhféadfaí a dhéanamh chun éifeachtacht fuinnimh a mhéadú ar fud an gheilleagair agus go háirithe i dtithe, gnólachtaí, an earnáil phoiblí, an earnáil iompair agus an timpeallacht tógtha?
- 12) Cad iad bearta breise beartais a ba chóir a thabhairt isteach chun fuinnimh RTDI a mhéadú go suntasach agus cad iad na réimsí tosaíochta, a bhfuil gá díriú orthu?
- 13) I bhfianaise Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta an Rialtais, cad is gá a dhéanamh d'fhonn acmhainn láidir náisiúnta um thaighde fuinnimh a fhairsingiú go radacach?
- 14) Cad iad na príomhcheisteanna soláthair agus éilimh a bhfuil gá dul i ngleic leo chun bonn a chur ar fáil do Straitéis chomhtháite um Bith-Fhuinnimh Náisiúnta?
- 15) An gcaithfidimid rogha a dhéanamh idir spriocanna sainordaithe agus dreassachtaí níos fearr d'fhuinneamh in-athnuaite agus éifeachtacht fuinnimh – agus an é meascán den dá rud é an bealach is fearr le dul chun tosaigh?
- 16) An leagann an Páipéar Glas na treoracha beartais chearta amach go ginearála d'inbhuanaitheacht fuinnimh?

Iomaíochas an tSoláthair Fhuinnimh a Fheabhsú

- 17) I gcomhthéasc mhargadh fuinnimh na hÉireann a léirscaoileadh, cad a ba chóir a dhéanamh chun margaí leictreachais agus gáis a bheidh níos iomaíche a fhorbairt agus cad iad na bacainní faoi leith a bheidh le sárú?
- 18) Cad iad na bearta agus spriocanna beartais a ba chóir a thabhairt isteach chun socrúithe institiúideacha agus struchtúr margaidh a leasú, go háirithe sna hearnálacha leictreachais agus gáis?
- 19) Agus cuid an-mhór dá bpraghsanna fuinnimh á socrú ag praghsanna idirnáisiúnta ola agus gáis, cad a ba chóir a dhéanamh in Éirinn chun an costas leictreachais agus gáis a laghdú do thomhaltóirí?
- 20) Tá ról lárnach glactha ag fiontair faoi úinéireacht an Stáit (e.g. BSL, BGE, Bord na Móna) i bhforbairt na hearnála fuinnimh. Cén dóigh ar cheart do ról fhiontair fuinnimh faoi úinéireacht an Stáit freagairt a thabhairt ar dhúshláin maidir le freastal ar ár riachtanais fuinnimh sa todhchaí?
- 21) Cad eile is féidir a dhéanamh chun bochtaineacht bhreosla a mhaolú?

22) An leagann an Páipéar Glas na teoracha beartais chearta amach go ginearálta maidir le feabhas a chur ar iomaíochas earnáil fuinnimh na hÉireann?

Cúlra

1.1 COMHTHÉACS AN BHEARTAIS GHINEARÁLTA

Treochtaí Domhanda

- 1.1.1 Méadóidh riachtanais fuinnimh dhomhanda ó leibhéal an lae inniu, mar atá, 10.8 billiún tona d'choibhéis ola (toe) ag ráta 1.6% sna cúig bliana is fiche amach romhainn mar thoradh ar fhás daonra agus geilleagair. Faoin mbliain 2030, meastar go mbeidh thart ar 16.3 billiún toe i gceist le héileamh fuinnimh phríomhúil an domhain, nó 5.5 billiún toe níos mó ná inniu. Tarlóidh an chuid is mó den mhéadú i dtíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe, sa tSín agus san India, agus sna hearnálacha iompair agus giniúna leictreachais.
- 1.1.2 Is iad breoslaí iontaise (ola, gual agus gás nádúrtha) an foinse is mó éilimh, i gcónaí, i dtaobh soláthar fuinnimh de, agus iad le freastal ar bhreis is 80% den mhéadú measta éilimh go dtí 2030 agus lánfreastal le déanamh ag ola agus gás nádúrtha ar 60% den mhéadú sin. Sa chomhthéacs sin, táthar ag rá go mbeidh gás nádúrtha leachtaithe (LNG) i gceist le 50% éigin den trádáil gháis nádúrtha trasteorann domhanda faoin mbliain 2030. Ní thiocfaidh mórán athraithe ar roinnt foinsí fuinnimh lena mbaineann déine sách íseal charbóin (núicléach, hidrea agus bithmhais) agus d'fhéadfadh breoslaí in-athnuaite eile (geoitearmach, gréine, gaoithe, taoide agus toinne) méadú go tapa ach scair sách íseal den éileamh deiridh a ghnóthú.

Tábla 1: Éileamh Fuinnimh Phríomhúil an Domhain de réir Breosla , 1971-2030 (Mtoe mura léirítear a mhalairt)

	1971	2003	2010	2020	2030	2003-2030*
Gual	1,439	2,582	2,860	3,301	3,724	1.4%
Ola	2,446	3,785	4,431	5,036	5,546	1.4%
Gás Nádúrtha	895	2,244	2,660	3,338	3,942	2.1%
Núicléach	29	687	779	778	767	0.4%
Hidrea	104	227	278	323	368	1.8%
Bithmhais agus dramhaíl	683	1,143	1,237	1,454	1,653	1.4%
Breoslaí eile in-athnuaite	4	54	107	172	272	6.2%
Iomlán	5,600	10,723	12,389	14,402	16,271	1.6%

Foinse: IEA. World Energy Outlook. 2005. lth. 82

* Meánráta bliantúil fáis

- 1.1.3 Beidh an úsáid is mó agus is féidir á baint as bonneagar an tsoláthair fhuinnimh mar thoradh ar mhéadú ar an éileamh agus nádúr an mheascáin

soláthair, a mbeidh infheistíocht charnach US\$17 trilliún (i ndollair na bliana 2004) go dtí 2030 de dhíth uirthi. Braithfear ar na Stáit agus ar na réigiúin a thairgeann breoslaí iontaise mar thoradh ar an spleáchas orthu. Tá gach aon dealramh ann go n-eascróidh ardphraghsanna luaineacha, go háirithe i dtaobh ola agus gáis nádúrtha, as na treochtaí sin, chomh maith le fachtóirí eile, cosúil le, himní faoi uastairgeadh ola.

- 1.1.4 Is saincheist fhíorthábhachtach bheartais í scaoileadh dé-ocsaíd charbóin agus gáis eile an cheaptha teasa (GHGanna) isteach sa chomhshaoil agus iarsmaí iarmhartacha an athraithe aeráide. D'ainneoin dul chun cinn trí chomhaontuithe iltaobhacha, ar nós Phrótacal Kyoto agus Chomhphairtíocht na hÁise – an Aigéin Chiúin um Fhorbairt agus Aeráid Ghlan, leanfaidh astuithe GHG ag méadú, rud a chuirfidh tús le hathrú aeráide agus ceistiú na hinbhuanaitheachta i dtaobh an chórais fuinnimh dhomhanda.
- 1.1.5 Is féidir le bearta beartais agus athruithe iompraíochta feabhas a chur ar ár gcás. D'fhéadfadh Rialtais agus tomhaltóirí bearta breise a chur i gcrích d'fhonn aistriú ó bhreoslaí iontaise agus úsáid fuinnimh níos éifeachtúla a chur chun chinn chun slándáil soláthair agus cuspóirí comhshaoil a ghnóthú. I measc nithe eile, bheadh a thuilleadh taighde agus forbartha ar theicneolaíochtaí mhalartacha fuinnimh de dhíth air sin. Mhéadóidh éileamh ag ráta níos ísle agus laghdóidh éagsúlacht bhreosla an brú atá ar bhonneagar agus praghsanna fuinnimh.

Treochtaí an Aontais Eorpaigh

- 1.1.6 Is é an AE an dara margadh fuinnimh is mó ar domhan, agus bonn tionscail bhunaithe agus breis is 450 milliún tomhaltóir aige. Meastar, go ginearálta, go bhfuil méadú eacnamaíoch i mballstáit an AE agus méadú eacnamaíoch i dtíortha eile forbartha mar a chéile, agus é ag méadú ag ráta bliantúil arb ionann é agus thart ar 2.3% suas go dtí 2030. Meastar, agus na tuartha sin á n-úsáid mar bhunús, go méadóidh an t-éileamh fuinnimh phríomhúil don AE ag ráta bliantúil de thart ar 1% go dtí 2030. Is iad giniúint leictreachais agus iompar na príomhearnálacha a théann i bhfeidhm ar an éileamh i gcónaí.
- 1.1.7 Eascraíonn leath d'éileamh fuinnimh na hEorpa as breoslaí iontaise agus d'fhéadfadh an scair sin dul i méid go dtí 70-80% sna 20 nó 30 bliain amach romhainn. Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an úsáid a bhaintear as gás nádúrtha chun freastal ar riachtanais incriminteacha, a mbeidh níos mó ná 30% den éileamh deiridh i gceist leo faoi 2030. Sa chomhthéacs sin, glacfaidh trádáil LNG ról, a éireoidh níos suntasaí de réir a chéile, maidir le rochtain a fháil ar chianfhoinsí agus foinsí éagsúla soláthair don AE. Meastar go méadóidh allmhairithe LNG na hEorpa, idir 2010 agus 2020, ón ráta reatha 9% den ghás iomlán a úsáidtear go dtí 25%. Meastar go méadóidh fuinneamh in-athnuaite, go háirithe gaoth, go tapa ach nach mbainfidh siad sprioc an AE amach. Leag Éire sprioc táscach 13.2% amach di féin, faoi Threoir um Fhuinneamh In-athnuaite an AE, maidir leis an méid a chuirfidh leictreachas in-athnuaite ginte leis an ollúsáid fuinnimh faoin mbliain 2010. Tagann an sprioc sin leis an sprioc táscach 22.1% maidir leis an méid a chuirfidh leictreachas in-athnuaite le hollúsáid leictreachais don AE ina iomláine agus leis an sprioc 12% don olléileamh fuinnimh iomlán faoi 2010.

Níltear ag súil go dtiocfaidh mórán athraithe ar úsáid na mórfhoinsí eile fuinnimh.


- 1.1.8 Beidh ar an AE dul i ngleic le dúshláin maidir lena riachtanais fuinnimh a bhaint amach. Déanfar an-chuid den infheistíocht atá de dhíth le freastal ar an éileamh fuinnimh, in athnuachan bonneagair, idir ghiniúint núicléach a athsholáthair nó a athchóiriú, feithiclí a thiontú ionas go mbeidh siad in ann úsáid a bhaint as breoslaí malartacha agus líonraí nua gáis nádúrtha agus leictreachais a thógáil. Beidh na riachtanais sin, chomh maith leis an neamhchinnteacht a bhaineann le foinsí allmhairithe, mar bhagairt ar shlándáil soláthair fuinnimh an AE agus spreagfaidh siad ardphraghsanna luaineacha fuinnimh.
- 1.1.9 D'eisigh Coimisiún na hEorpa Páipéar Glas le déanaí, dar teideal, *A European Strategy for Sustainable, Competitive and Secure Energy*. Déanann an cháipéis seo cur síos ar thrí réimse leathana beartais fuinnimh: slándáil, iomaíochas agus inbhuanaitheacht. Is féidir an-chuid de thionscnaimh bheartais fuinnimh an AE a rangú faoi na prionsabail sin agus iad mar bhunús um chreat nua cuimsitheach beartais fuinnimh Eorpaigh.
- 1.1.10 Is saincheist tosaíochta í slándáil an tsoláthair fuinnimh. Is coincheap casta é atá ag teacht chun cinn agus ar féidir leis gnéithe d'éileamh, soláthar agus praghsanna fuinnimh a chuimsiú. Is gné riachtanach í de bheartas chun infheistíocht a mhealladh agus a choimeád agus chun fás eacnamaíoch a choinneáil. Ó thaobh beartais de, chuir an AE bearta chun cinn d'fhonn éileamh a laghdú trí éifeachtúlacht, soláthar a mhúnlú trí aistriú go dtí breoslaí in-athnuaite, agus chun praghsanna iomaíocha a ghnóthú trí léirscaoileadh margaidh gháis agus leictreachais.
- 1.1.11 Is príomhfhócas beartais i gcónaí é iomaíochas. Bíonn gá le creat dea-dheartha daingean intuartha rialála i gcomhair iomaíochais, creat a thabharfaidh an-tacaíocht do shásraí margaidh. Ó thaobh bheartais de, mhol an AE aistriú go dtí margaí náisiúnta, agus, go himhianaithe, idirnáisiúnta le haghaidh gás nádúrtha agus leictreachais. Tá dul chun cinn déanta ag roinnt mhaith de bhallstáit an AE; ba iad iarrachtaí measctha a bhí i gceist leis na hiarrachtaí náisiúnta a rinneadh chun leasuithe a chur i bhfeidhm, áfach, baineann teorainn leis an trádáil tras-teorann agus tá éagsúlachtaí sna praghsanna i gcónaí.
- 1.1.12 Tá beartas inbhuanaitheachta ag forbairt i gcónaí. Tugann an AE tacaíocht láidir do Phrótocal Kyoto, a tháinig i bhfeidhm i mí Feabhra 2005 chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide. Ó thaobh beartais de, tá spriocanna náisiúnta agus AE bunaithe ag an AE maidir le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, thug sé aghaidh ar astuithe GHG trí chóras spriocanna náisiúnta agus Scéim Trádála Astuithe an AE (ETS) agus spreag sé éifeachtacht agus éagsúlacht in éileamh fuinnimh.

Treochtaí na hÉireann

- 1.1.13 Tá an-mhéadú tagtha ar dhaonra agus gilleagar na hÉireann mar thoradh ar fheininéam an Tíogair Cheiltigh agus de réir dealraimh, leanfaidh an méadú

sin ar aghaidh. D'fhás geilleagar na hÉireann le 4.4% in 2004, ag cur 15 Mtoe leis an éileamh fuinnimh phríomhúil. Ba é 11.8 Mtoe an t-éileamh fuinnimh deiridh in 2004, méadú bliantúil 2.3% i rith 2003. Meastar gurb é 2-3% a bheidh i gceist le méadú bliantúil go dtí 2020. Is iad giniúint leictreachais agus iompair na príomhearnálacha, i gcónaí, a théann i bhfeidhm ar éileamh fuinnimh in Éirinn.

Figiúr 1: Sreabhadh Fuinnimh in Éirinn, 2004



Foinse: SEI. Energy in Ireland, 1990-2004. 2006. Ith. 13

1.1.14 Braitheann Éire go mór ar bhreoslaí iontaise. Bhraith Éire níos mó de réir a chéile, ó 1990 i leith, ar ola agus gás nádúrtha, a ndéantar an chuid is mó de a allmhairiú. Ba ionann spleáchas iomlán allmhairithe fuinnimh na tíre in 2004 agus 87%, a raibh 73% den úsáid fuinnimh phríomhúil i gceist le hola agus gás nádúrtha allmhairithe (i gcomparáid le 45% i 1990). Tá laghdú tagtha ar úsáid ghuaile agus mhóna dhúchasaí i rith na tréimhse sin. Tá laghdú tagtha ar dhéine fhuinnimh agus níor éirigh le bearta chun scair na mbreoslaí in-athnuaite agus éifeachtacht a fheabhsú, torthaí iomlána a bhaint amach go fóill. Tá feabhas mór tagtha, áfach, ar leibhéal na n-astuithe dé-ocsaíd charbóin (CO₂) in aghaidh na cileavatuair (kWh) leictreachais a sholáthraítear, go mór de bharr na húsáide méadaithe de ghás do ghiniúint leictreachais le blianta beaga anuas.


1.1.15 Tá dúshlán mhór soláthair os comhair na hÉireann. Chuir an Chomhairle Náisiúnta um Chumas Iomaíochta, Forfas, IBEC, Acadamh Innealtóireachta na hÉireann agus eagraíochtaí eile in iúl go bhfuil easnaimh i mbonneagar fuinnimh na hÉireann agus iarmhairtí féideartha eacnamaíocha, a léiríonn nach bhfuil dul chun cinn maith déanta ag Éirinn sa réimse sin i gcomparáid le tíortha forbartha eile. Tá infheistíocht mhór agus neastréimhseach de dhíth, go háirithe, sna hearnálacha leictreachais agus gáis nádúrtha. Bíonn an

infheistíocht sin níos deacra le déanamh mar gheall ar scála sách íseal mhargaí fuinnimh na hÉireann, leibhéil ísle idirnasctha le dlínsí eile, soláthairtí teoranta de bhreosla dúchasach, srianta comhshaoil agus beartais ar mheascán soláthair, agus ceannasaíocht na gcuideachtaí faoi úinéireacht Stáit. Tugtar aghaidh ar roinnt tosaíochtaí áirithe fuinnimh sa *Phlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006* agus sa *Straitéis Náisiúnta Spásúla*.

1.1.16 Chuir Éire tiomantais láidre i gcrích maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear, spriocanna do scair fuinnimh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh faoi 2010 agus leibhéal na n-astuithe GHG faoi 2008-2012. Cuirtear treoir um beartas comhshaoil ar fáil sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide*, sa *Phlean Náisiúnta um Leithdháileadh*, sa *Pháipéar Glas um Fhuinneamh Inbhuanaithe*, gnéithe inbhuanaitheachta de *Iompar 21* agus cáipéisí gaolmhara..

1.1.17 Cuireann an Páipéar Glas seo an bunús ar fáil do bheartas cuimsitheach fuinnimh d'Éirinn agus í ag dul chun cinn. Soláthróidh creat nua beartais treoir don earnáil rithábhachtach sin do na blianta amach romhainn. Leagann sé na cuspóirí agus gníomhartha beartais amach go soiléir, a gcuirfeadh i gcrích le freastal ar riachtanais uathúla fuinnimh na hÉireann, ar bhealach a dtiocfaidh le treoir beartais eacnamaíoch agus shóisialta níos leithne na hÉireann, an AE agus na Stát comharsanach. Tá measúnuithe a rinneadh le déanaí ar bheartas fuinnimh na hÉireann mar bhonn eolais, chomh maith, ag an bPáipéar Glas, ar nós an athbhreithnithe a rinne an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) in 2003.

Taispeánann an léaráid thíos na bunchlocha bhunasacha de bheartas fuinneamh a leagtar síos i mír 2 den Pháipéar Glás – slándáil fuinnimh, inbhuanaitheacht agus iomaíochas – agus an gaol atá acu le heilimintí de sholáthar agus éileamh fuinnimh:




1.1.18 Bíonn ga le cur cruaige comhoiriúnta agus beartas fuinnimh á chur i bhfeidhm. Tá an tionscal fuinnimh casta agus téann sé i bhfeidhm go forleatach ar thionscail eile agus ar réimsí eile beartais. Is é an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha an Roinn Rialtais atá freagrach as beartas fuinnimh a chur i bhfeidhm. Is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) an rialtóir neamhspleách don earnáil leictreachais agus gháis nádúrtha. Tá baint ag an Roinn Airgeadais, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an

Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Iompair, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil (EPA), Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI), an tÚdarás Iomaíochta, an Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí agus eagraíochtaí eile ar bhealaí éagsúla maidir le beartas a fhorbairt agus/nó a chur i bhfeidhm i ndáil leis an tionscal fuinnimh. Leagann an méid sin Ranna, Gníomhaireachtaí, Údarás agus eagraíochtaí eile atá rannpháirteach béim ar an ngá atá le cur chuige chomhtháite agus leanúnach.

Cúlra

1.2 DEARCADH EARNÁLA

Leagann an chart seo a leanas mionsonraí an Cheanglais Fuinnimh Phríomhúil, nó chun é a mhíniú ar bhealach níos simplí, méid iomlán an fhuinnimh a úsáidtear sa tír in aon bhliain amháin. Díríonn sé, go príomha, ar threochtaí sa mheascán breosla, a bpléitear laistigh den roinn seo.



Figúir 2 Ceanglas an Fhuinnimh Phríomhúil Iomláin 1990 – 2004 (Mtoe) Foinse: SEI, Energy in Ireland 1990-2004

Is iad seo a leanas na príomhthreochtaí sa scair náisiúnta breosla i rith na tréimhse:

- Is í ola an príomhfhoinse fuinnimh i gcónaí, agus a cheannasaíocht ag méadú ó scair 46% i 1990 go dtí buaicphointe 59% i 1999. Ba é beagnach 56% a bhí i gceist leis an scair ola in 2004.
- Ba é fuinneamh in-athnuaite is mó a mhéadaigh in 2004, i gcomparáid le breoslaí eile, agus é ag méadú le 18%. Is éard is ciall leis sin, ná gur sháraigh méadú an fhuinnimh in-athnuaite méadú na húsáide fuinnimh príomhúil agus mhéadaigh sé sin an scair a bhain leis ó 1.8% in 2003 go dtí 2.2% in 2004, an scair is airde ón mbliain 1990. Tá méadú de 92% tagtha ar fhuinneamh in-athnuaite ó 1990 i leith, i dtéarmaí absalóideacha.
- Mhéadaigh úsáid gháis nádúrtha le 153% i rith na tréimhse. Úsáideadh 62% den úsáid gháis iomlán in 2004, le haghaidh giniúna leictreachais.
- Tháinig laghdú 58% ar mhóin i dtéarmaí absalóideacha i rith na tréimhse, agus laghdaigh a scair den soláthar náisiúnta fuinnimh, chomh maith, ó 14.4% i 1990 go dtí 3.8% in 2004.
- Laghdaigh an scair choibhneasta ghuail sa soláthar fuinnimh ó 23% go dtí 13%. Laghdaigh gual, i dtéarmaí absalóideacha, faoi 10% i rith na tréimhse.


Leictreachas

- 1.2.1 Tá iarrachtaí chun é a leasú ar bun, arna thionscnamh ag an Roinn agus an CER, de réir reachtaíocht agus rialacháin an AE agus na hÉireann. Bunaíodh an CER in 1999 chun léirscaoileadh na hearnála leictreachais a rialú agus chun maoirseacht a dhéanamh uirthi agus chuir sé socruithe eatramhacha um thrádáil leictreachais mórdhíola i bhfeidhm. Beidh siad seo i bhfeidhm i go dtí go mbunaítear an SEM, atá beartaithe le tralú le lin 2007. Osclaíodh an margadh leictreachais mhiondíola de réir a chéile, ó 28% in 2000 go dtí 100% in 2005. Thug an CER faoi ghníomhartha rialála, chomh maith, chun iomaíocht a spreagadh agus chun an Bord Soláthair Leictreachais (BSL) a rialú chomh maith le rannphairtíthe eile san earnáil. Áirítear ar na samplaí, tairiscint iomaíoch a riaradh don acmhainn ghiniúna, clár fíorúil neamhspleách táirgthe cumhachta (VIPP), oibleagáid na seirbhíse poiblí (PSO), agus díchuachadh/daingniú eagraíochtaí áirithe.
- 1.2.2 Oibríonn grúpa cuideachtaí BSL, atá i seilbh an Stáit de mhéad 95% agus a fhostaithe de 5%, mar áis ingearach-chomhtháite, lena mbaineann roinnt croirannáin rialaithe agus fochuideachtaí daingnithe sa deighleoga giniúna, líonraí agus soláthair. Is gnólacht rialaithe ghiniúna é Giniúint Chumhachta BSL (GC BLS) ar léi agus a oibríonn punann stáisiúin chumhachta in Éirinn..... Is gnólacht rialaithe Líonraí BSL, ar léi agus a oibríonn an líonra ardvoltais tarchuir agus ar léi an líonra leithdháilte meánvoltais agus voltais ísil. Is é Soláthar Custaiméirí BSL an Soláthróir rialaithe Poiblí Leictreachais (SPL BSL) a fhreastalaíonn ar chustaiméirí úsáid deiridh ar fud na hÉireann. Ar na príomh-fhochuideachtaí BSL a oibríonn sa tír dhúchasach, áirítear, Synergen, comhfhiontar de thuirbín comhchiogail gháis (CCGT) ag Cuan Bhaile Átha Cliath, Hibernian Wind Power, forbróir fuinnimh in-athnuaite in Éirinn, agus Fuinneamh Neamhspleách BSL (FN BSL), soláthróir iomaíoch leictreachais. Oibríonn BSL Idirnáisiúnta thar lear mar fhorbróir comhairliúcháin agus tionscadail fuinnimh.

- 1.2.3 Tá iomaíocht ag teacht chun cinn i nginiúint agus soláthar. Ar na Mórghnólachtaí Giniúna Cumhachta neamh-BSL atá gníomhach sa deighleog giniúna leictreachais, áirítear táirgeoirí neamhspleácha cumhachta (IPPanna), cosúil le, Huntstown Power, Tynagh Energy, Aughinish Alumina, Edenderry Power and Airtricity. Faoi mbliain 2005, rialaigh eagraíochtaí GC neamh-BSL le chéile thart ar 2,500 MW nó 40% den acmhainn ghiniúna a suitéaladh in Éirinn. Ar na móreagraíochtaí atá gníomhach sa deighleog soláthair leictreachais, áirítear soláthróirí iomaíocha, ar nós, Energia, Airtricity agus CH Power, chomh maith le háis ingearach-chomhtháite gáis nádúrtha na hÉireann atá faoi úinéireacht Stáit, BGE. Sholáthair soláthróirí neamh-BSL, le chéile, thart ar 7,120 GWh nó 30% den éileamh custaiméirí faoi 2005. Bhí tionchar díreach ag gníomhartha rialála déanta ag an CER ar an-chuid den iomaíocht a forbraíodh sa ghiniúint agus sa soláthar.
- 1.2.4 Tá éileamh ag méadú i gcónaí, bunaithe ar mhéadú eacnamaíoch. Mhéadaigh an riachtanas breosla do ghiniúint leictreachais ag meánráta bliantúil beagnach 3.5% idir 1990 agus 2004 go dtí gur shroich sé 5 Mtoe. Méadaigh úsáid dheiridh leictreachais go ráta bliantúil de bheagnach 5% le linn na tréimhse céanna gur shroich sé 2 Mtoe. Ba é thart ar 25,300 GWh a bhí i gceist le héileamh leictreachais na hÉireann in 2005, lena bhain uaséileamh 4,800 MW. Léiríonn tuartha go leanfaidh an riachtanas breosla do ghiniúint agus éileamh deiridh leictreachais ar aghaidh ag fás ag thart ar 3% go bliantúil go dtí 2020. Meastar go sroichfidh éileamh leictreachais thart ar 34 GWh faoi 2012, le huaséileamh breis is 6,000 MW. (Déanann EirGrid Scéim um Laghdú an Uaséilimh Gheimhridh a riaradh chun uasleibhéil éilimh a mhaolú..

Figiúr 3: Sreabhadh Fuinnimh i nGiniúint Leictreachais, 2004

Foinse: SEI. Energy in Ireland, 1990-2004. 2006. Ith. 18




- 1.2.5 Tá patrúin úsáide leictreachais ag athrú. Tá athruithe i bpatrúin úsáide i measc earnálacha na húsáide deiridh á spreagadh ag athruithe struchtúrtha i ngeilleagar na hÉireann. Méadaigh úsáid sna hearnálacha cónaitheacha agus tionscail go leanúnach i rith na 1990idí ach thosaigh siad ag cobhsú nó ag laghdú le déanaí, a raibh scaireanna thart ar 30% an ceann den éileamh

leictreachais dheiridh mar thoradh air in 2004. Bhain patrún comhchosúil úsáide le talmhaíocht, agus scair 2.6% á gnóthú aici in 2004. I gcodarsnacht leis sin, tá méadú suntasach tagtha ar úsáid san earnáil tráchtála agus phoiblí chun scair 35% a bhaint amach in 2004. Ba ionann úsáid leictreachais san earnáil iompair agus níos lú na 1% in 2004. Bíonn an t-uaséileamh ar chóras leictreachais na hÉireann i míonna an gheimhridh, go luath sa tráthnóna den chuid is mó. Táthar ag súil go leanfaidh an-chuid de na treochtaí sin in úsáid leictreachais sna blianta beaga amach anseo.

- 1.2.6 Braitheann an meascán soláthair ar bhreoslaí iontaise i gcónaí. Tá athruithe ag tarlú chomh maith, sa bhealach ina ndéanann Éire freastal ar a cuid riachtanas leictreachais. Bhí laghduithe suntasacha in úsáid ghuaile agus mhóna sa mheascán breoslaí um ghiniúint leictreachais sa tír idir 1990 agus 2004, ar eascair scaireanna thart ar 28% agus 6% faoi seach astu in 2004. Ag an am céanna, mhéadaigh úsáid gháis nádúrtha go suntasach, a raibh scair beagnach 45% mar thoradh air in 2004. Tháinig méadú tapa, chomh maith, ar bhreoslaí in-athnuaite agus allmhairithe leictreachais, go príomha, i dtreo dheireadh na tréimhse. I gcodarsnacht leis sin, mhéadaigh an scair ola mar fhoinsé breosla go mór, go luath le linn na tréimhse ach laghdaigh sé le déanaí. Táthar ag súil go leanfaidh an chuid is mó de na treochtaí sin ar aghaidh go dtí 2020, chomh maith le cosc dlí an Rialtais ar úsáid breosla núicléach le haghaidh giniúna leictreachais in Éirinn. Léiríonn meastacháin 'Gnó mar is gnáth' go nginfear breis is 70% leictreachais ó ghás nádúrtha faoi 2020, a n-allmhaireofar an chuid is mó de. D'fhéadfadh na torthaí sin dul i bhfeidhm ar slándáil an tsoláthair agus éagsúlacht an tsoláthair idir an méantréimhse agus an tréimhse níos faide.
- 1.2.7 Is saincheist lena mbaineann imní don tréimhse láithreach agus don mheántréimhse í leordhóthaineacht ghiniúna. Is gné de shlándáil an tsoláthair í leordhóthaineacht ghiniúna agus is slat tomhais í maidir lena fháil amach an bhfuil giniúint leordhóthaineach ann chun freastal ar an éileamh ag am ar bith. Léiríonn EirGrid gur chóir go mbeifear in ann leordhóthaineacht ghiniúna a bhainistiú idir 2006 agus 2009, ar an gcoinníoll go gcuirtear acmhainn nua ghiniúna, atá á forbairt faoi láthair, i bhfeidhm de réir mar a bhí beartaithe, go dtagann feabhas suntasach ar fáil na stáisiún reatha ghiniúna, agus nach ndúntar aon stáisiún reatha ghiniúna gan choinne. Léiríonn EirGrid go mbeadh sé stuama breisacmhainn nua ghiniúna a chur i gcrích chun ganntanas ghiniúna a sheachaint i ndiaidh na bliana 2009. Ar na príomhfhachtóirí a théann i bhfeidhm ar leordhóthaineacht ghiniúna, áirítear, méadú san uaséileamh leictreachais, easpa infheistíochta san acmhainn nua ghiniúna, drochfháil agus/nó dúnadh na stáisiún reatha ghiniúna, agus leibhéil mhéadaithe d'acmhainn eatramhach ghiniúna ar an gcóras (ó fhoinsí in-athnuaite den chuid is mó). Beidh punann freagartha ghiniúna de dhíth ar na leibhéil sin, lena mbainfidh oibriú solúbtha agus réimis chothabhála, chomh maith le breis idirnasctha.
- 1.2.8 Tá clár infheistíochta caipitil san earnáil leictreachais ar bun anois. I dtéarmaí bhonneagar leictreachais, braitheann Éire ar líonra cuimsitheach tarchuir ardvoltais agus ar líonra leithdháilte meánvoltais agus voltais ísil chun leictreachais a iompar sa tír. Tá nasc aici le Tuaisceart Éireann chomh maith, trí idirnascóir leictreachais, agus nascann idirnascóir eile leictreachais í le hAlbain, trí Thuaisceart Éireann. Ní dhearnadh a dhóthain infheistíochta i líonra tarchuir agus leithdháilte leictreachais na hÉireann le tréimhse fhada

anuas. Tugadh faoi clár infheistíochta líonra arb ionann é agus €4.4 billiún idir 1996 agus 2005 sa dá líonra tarchuir agus leithdháilte d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Tá infheistíocht bhreise de €3.2 billiún sa dá líonra tarchuir agus leithdháilte beartaithe i gcomhair 2006-2010. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an dá Oibreoir Córais Tarchuir (TSOanna) ó Thuaidh agus ó Dheas le chéile ar phleananna chun idirnascóir breise Thuaidh-Theas a fhorbairt. D'fhormhuinigh an Rialtas tógail bheartaithe idirnascóra nua leis an mBreatain ("an t-idirnascóir Thoir – Thiar"). Táthar ag súil go dtiocfaidh na hidirnascóirí nua sin i bhfeidhm faoin mbliain 2012 agus go gcuirfidh siad le slándáil soláthair agus iomaíochas na hÉireann.

Figiúr 4: An Líonra Tarchuir Leictreachais



Foinse: EirGrid

- 1.2.9 Tá bearta i bhfeidhm chun cosc a chur ar éigeandálaí agus chun freagairt a thabhairt orthu. Déanann EirGrid pleananna don líonra tarchuir leictreachais agus cuireann sé ag obair é de réir caighdeán idirnáisiúnta. Tá pleananna i bhfeidhm ag Eirgrid, cosúil leis an bPlean Athchóirithe Córais Chumhachta, a forbraíodh de réir an Chaighdeáin Náisiúnta Éigeandála, d'fhonn dul i ngleic le himeachtaí éigeandála ar an líonra tarchuir leictreachais go pras agus go héifeachtúil chun cur isteach ar sholáthar a sheachaint nó a mhaolú. Sonraíonn an CER, agus é ina Rialtóir, dianchaighdeáin feidhmíochta agus déanann sé monatóireacht ar an méid a chomhlíonann Eirgrid a chuid feidhmeanna reachtúla.
- 1.2.10 Tá praghsanna leictreachais do thionscal agus do theaghlaigh ag méadú. Is iad praghsanna leictreachais ceann de na gnéithe is mó a chinneann iomaíochas iomlán gheilleagar na hÉireann. Mhéadaigh praghsanna leictreachais do thionscal faoi 51% idir 2000 agus 2004, agus méadaigh na praghsanna do theaghlaigh faoi 41%. Bhí na méaduithe praghais sin ar na cinn is airde i measc bhallstáit an AE. Chuir an Chomhairle Náisiúnta um Chumas Iomaíochta, Forfás, IBEC, an Chomhairle Náisiúnta Tomhaltóirí in iúl go bhfuil tionchar diúltach á imirt ag ardpraghsanna leictreachais ar iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann. Téann torthaí den chineál sin i bhfeidhm, chomh maith, ar ioncam indiúscartha agus caighdeán beatha theaghlaigh na hÉireann. Chuir costais mhéadaitheacha ola agus gáis nádúrtha chomh maith leis an gcumas teoranta maidir le haistriú go breoslaí níos saoire nó allmhairiú leictreachais níos saoire leis an treocht sin; bhí ról ag fachtóirí eile, áfach, cosúil le costais sách ard oibríochta neamhbhreosla.
- 1.2.11 Tá measúnuithe comhshaoil ríthábhachtach. Cuireann an earnáil ghiniúna leictreachais go mór le gáis cheaptha teasa agus astuithe eile. Cé go bhfuil méadú tagtha ar an méid astuithe idir 1990 agus 2004, tá déine charbóin na giniúna leictreachais laghdaithe ó 925 go dtí 624 gram CO₂ in aghaidh kWh. Ar na fachtóirí a chuireann leis an treocht sin, áirítear; coimisiúnú d'acmhainn ghiniúna gháis nádúrtha níos éifeachtaí, lena n-áirítear, stáisiúin teasa agus chumhachta in éineacht (CHP); scair mhéadaithe na mbreoslaí in-athnuaite agus na n-allmhairithe leictreachais agus laghdú san úsáid a bhaintear as móin mar bhreosla. D'ainneoin na treochtaí dearfacha seo i ndéine charbóin, ní cosúil go mbainfidh an earnáil ghiniúna leictreachais mar iomlán na spriocanna laghdaithe carbóin seo amach sa tréimhse 2008-2012 agus beidh uirthi an costas bainteach carbóin a insú.


Gás Nádúrtha

- 1.2.12 Tá dul chun cinn á dheanamh chun an earnáil a athchóiriú. Tugadh an t-údarás don CER in 2002 chun léirscaoileadh na hearnála gáis nádúrtha a rialáil agus chun maoirseacht a dhéanamh uirthi. Mar a sonraíodh, tá an margadh miondíola gáis nádúrtha á oscailt d'iomaíocht i gcéimeanna ó lár na 1990idí i leith, agus 85% de na custaiméirí go léir (100% de na custaiméirí lasmuigh den tír) i dteideal a soláthróir féin a roghnú faoi 2004. Thug an CER faoi ghníomhartha rialála chun iomaíocht a spreagadh agus chun an áis ingearach-chomhtháite faoi úinéireacht Stáit, BGE, a rialáil, chomh maith le rannpháirtithe eile san earnáil. Ar na samplaí atá ann, áirítear, tairiscint iomaíoch a riaradh um dhíolúine a dteastaíonn uathu gás nádúrtha a sholáthar do chustaiméirí i gceantair áirithe ar bhealach Phríomhlíne Bhaile

Átha Cliath – na Gaillimhe - Luimnigh (arna bhronnadh ar Flogas) agus díchuachadh/daingniú chraobh tarchuir agus leithdháilte BGE.

- 1.2.13 Oibríonn BGE atá go hiomlán faoi úinéireacht mar áis ingearach-chomhtháite le dhá chroírannán rialaithe agus fochuideachtaí daingnithe. Is rannán rialaithe é Líonraí Bhord Gáis ar leis agus a oibríonn na líonraí tarchuir agus leithdháilte gáis nádúrtha. Is é Soláthar Fuinnimh Bhord Gáis an soláthraí rialaithe an rogha dheiridh agus freastalaíonn sé ar chustaiméirí úsáid dheiridh gáis nádúrtha ar fud na hÉireann. Oibríonn BGE an Phíblíne idir an Albain agus Tuaisceart Éireann, chomh maith, faoi chonradh do Premier Transmission agus soláthraíonn sé gás nádúrtha do chustaiméirí i réigiúin roghnaithe i dTuaisceart Éireann trína fochuideachta, Firmus Energy. Tá BGE i mbun próisis chun fochuideachta oibreora córais a bhunú, a bheidh scartha amach ó thaobh dlí de. Beidh na ceadúnais oibreora don chórais tarchuir agus leithdháilte ag an bhfochuideachta oibreora chórais agus oibreoidh sé líonraí tarchuir agus leithdháilte gáis na hÉireann, cinnteoidh sé go ndéantar iad a chothabháil agus déanfaidh sé iad a fhorbairt, trí chonarthaí seirbhíse leis an gcuideachta BGE.
- 1.2.14 Tá iomaíocht sa deighleog sholáthair ag teacht chun cinn. Áirítear ar na mórghnólachtaí neamh-BGE atá gníomhach i ndeighleog sholáthair an gháis nádúrtha, Flogas, soláthraí gáis nádúrtha ar bronnadh a saincheadúnas air in 2004 chun teacht le tógáil Phríomhlíne Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe-Luimnigh, chomh maith le soláthraí iomaíocha eile, ar nós, Energia, Vayu agus RWE. Faoi mbliain 2004, sholáthair soláthraí neamh-BGE agus stáisiúin fhéinsoláthartha ghiniúna leictreachais thart ar 29 TWh nó 63% den éileamh ó chustaiméirí. Léirigh custaiméirí le héileamh claonadh níos mó chun soláthraí a athrú.
- 1.2.15 Tá éileamh ag méadú go leanúnach agus é bunaithe ar fhás eacnamaíoch. Mhéadaigh úsáid dheiridh gháis nádúrtha ag ráta bliantúil 6.2% idir 1990 agus 2004 agus ba é 133% an méadú iomlán. Úsáideadh 62% den ghás nádúrtha mar bhreosla do ghiniúint leictreachais in 2004. Chuir méaduithe san úsáid a bhain na hearnálacha cónaitheacha agus tráchtála/poiblí as dlús le han-chuid den mhéadú sin. Léiríonn tuartha go méadóidh toirt an gháis nádúrtha ag rátaí bliantúla de 5-6% idir 2005 agus 2020, go ngnóthóidh sé scair 35% sa riachtanas fuinnimh phríomhúil agus go leanfar ar aghaidh ag baint úsáide as in ionad guail agus ola i nginiúint leictreachais i rith na tréimhse seo.
- 1.2.16 Deachtaíonn praghas trádála i margadh gáis an RA praghas miondíola gáis na hÉireann. Téann praghsanna gáis an AE ansin i bhfeidhm go mór ar phraghsanna gáis na RA. Beidh impleachtaí dearfacha ag clár bonneagair in LNG agus ag idirnascadh Mór-Roinn na hEorpa d'Éirinn thar na blianta amach romhainn. Faoi láthair tá méadú ag teacht ar phraghsanna gáis nádúrtha do thionscail agus do theaghlaigh. Cinntitheach tábhachtach is ea praghsanna gáis nádúrtha maidir le hiomaíochas foriomlán gheilleagar na hÉireann. Idir 2000 agus 2004, tháinig méadú de níos mó ná 100% ar phraghsanna gáis do thionscail agus de 29% do theaghlaigh. Cuireann na méaduithe suntasacha seo ar phraghsanna gáis nádúrtha iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann i mbaol. Cuireann costais mhéadaithe ar ghás nádúrtha agus an laghdú i soláthair intíre leis an treocht seo.

- 1.2.17 Tá neamhchinnteacht ann maidir le foinsí dúchasacha soláthair. Tá éileamh na hÉireann ar ghás nádúrtha ag méadú ach shroich a táirgeadh dúchasach an buaicphointe i 1995 agus laghdaigh sé ansin le 63% idir 1990 agus 2004. Soláthraíonn an tír níos lú ná 20% dá héileamh, anois, ó fhoinsí intíre, agus seachadtar breis is 80% ón Ríocht Aontaithe trí na hidirnascoirí. Is toradh é an treocht sin, den chuid is mó, ar laghdú ceantair reatha Chionn tSáile agus Bhaile Choitín, táirgí níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leo ó cheantar na Seacht gCeanna, agus moill ar thús táirgthe cheantar na Coiribe. Cuireann leibhéil ísle de thaiscéalaíocht hidreacarbóin leis an bhfíric nach ndéantar stoc dúshaothraithe a athsoláthar. D'fhonn imní faoi shlándáil an tsoláthair a mhaolú, thug an Roinn agus an CER údarásdo fhorbairt saoráide stórála ag Cionn tSáile, a oibríonn Marathon.
- 1.2.18 Tá athnuachan tarchuir agus leithdháilte ar bun. Thug BGE faoi infheistíocht shuntasach sa bhonneagar le déanaí, agus mar thoradh air sin tá dhá idirnascoir fofharraige á dtógáil aige le hAlbain, Príomhlíne Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe-Luimnigh chomh maith le naisc nua agus cláir athnuachana príomhchumhachta. Ina theannta sin, tá píblíne Mhaigh Eo – na Gaillimhe á tabhairt chun críche ag BGE faoi láthair chun gás a sheachadadh ó gháscheantar na Coiribe agus ón bPíblíne Theas-Thuaidh, ag nascadh margadh na hÉireann agus margadh Thuaisceart Éireann, rud a chuirfidh le slándáil an tsoláthair do Thuaisceart Éireann. Tá píblíne Bhéal Feirste – Dhoire tógtha ag BGE i dThuaisceart Éireann chomh maith leis an saincheadúnas a ghnóthú chun soláthar a chur ar fáil do deich mbaile laistigh de Thuaisceart Éireann. San iomlán, tá €1.53 billiún infheistithe ag BGE sa tréimhse 2001-2005 agus €1.25 billiún eile beartaithe d'infheistíocht idir 2006-2010 eisiach ó ghiniúint leictreachais.
- 1.2.19 Tá bearta i bhfeidhm chun éigeandálaí a chosc agus chun freagairt a thabhairt orthu. Déanann BGE mar Oibreoir an Chórais Tarchuir, úinéir agus oibreoir na n-idirnascoirí gáis nádúrtha pleananna don líonra agus oibríonn sé é de réir caighdeán idirnáisiúnta. Tá pleananna i bhfeidhm ag BGE, cosúil lena Phleananna éagsúla Bainistíochta Géarchéime, chun dul i ngleic le himeachtaí éigeandála ar an líonra tarchuir gháis nádúrtha go pras agus go héifeachtúil chun cur isteach ar sholáthar a sheachaint nó a mhaolú. Tá pleananna sonracha teagmhasacha i bhfeidhm do Líonraí Bhord Gáis chun scóip agus nádúr aon chur isteach ar sholáthar a bhainistiú agus chun an córais tarchuir a chur ag obair arís, ag baint úsáide as an idirnascoir Thuaidh – Theas. Sonraíonn an CER, atá ina Rialtóir, dianchaighdeáin feidhmíochta agus déanann sé monatóireacht ar an méid a chomhlíonann an TSO a chuid feidhmeanna reachtúla.



Figiúr 5: An Líonra Gáis Nádurtha
 Foinse: Líonraí Bhord Gáis

Ola

1.2.20 Tá an t-éileamh ar ola ag méadú go leanúnach anois bunaithe ar fhás eacnamaíoch. Mhéadaigh an riachtanas fuinnimh phríomhúil d'ola ag ráta bliantúil beagnach 5% idir 1990 agus 2004, rud a thagann le méadú comhiomlán de thart ar 95%, chun 8.4 Mtoe agus scair 53% a bhaint amach faoi 2004. Cuireann tuartha in iúl go mbeidh ola ina bhreosla ceannasach go dtí 2020, agus scair 53% riachtanais fuinnimh phríomhúil á ghnóthú aici. Cuirfidh méaduithe in úsáid na hearnála iompair dlús le han-chuid den mhéadú sin agus chuirfidh na méaduithe sin i gcoinne úsáid laghdaithe san earnáil ghiniúna fuinnimh.

1.2.21 Baineann luaineacht leanúnach le praghsanna ola do thionscal agus do theaghlaigh. Tá praghsanna ola ard agus luaineach i gcónaí, ag féachaint don chuid is mó de na tuartha. Mhéadaigh praghsanna breosla ola do thionscal le 21% idir 2000 agus 2004, agus méadaigh praghsanna teasa ola do theaghlaigh faoi 30%. Bhí méaduithe praghsais ola in Éirinn inchurtha leis na méaduithe i mBallstáit eile de chuid an AE agus ba é neamhchinnteacht faoin

soláthar ó mhórthíortha allmhairithe ola den chuid is mó a chuir dlús leis na méaduithe sin.

- 1.2.22 Baineann an-tábhacht le measúnuithe comhshaoil. Is féidir an scair is mó úsáide ola a chur i leith na húsáide san earnáil iompair. Mhéadaigh astuithe CO₂ a bhain fuinneamh le 144% san earnáil iompair idir 1990 agus 2004, bunaithe ar meánráta méadaithe bliantúil de 7%. Mhéadaigh astuithe ceaptha teasa ón earnáil iompair ó thart ar 9% de na hastuithe náisiúnta iomlána go dtí beagnach 18.4% thar an tréimhse seo.
- 1.2.23 Tá tionscal ola na hÉireann príobháidithe agus dírialaithe go hiomlán agus baineann iontráil agus bealach amach oscailte leis. Cuireadh stop le rannpháirtíocht dhíreach Stáit sa tionscal ola i mí Iúil 2001 nuair a díoladh sócmhainní gnó agus tráchtála (Scaglan an Gheata Bháin agus Críochfort Ola Bheanntaí (Fhaoide)) Chorparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann (INPC) leis an Tosco Corporation. Tá na sócmhainní sin faoi úinéireacht ConocoPhillips tar éis roinnt cumasc agus tá siad ag feidhmiú i gcónaí. I dtéarmaí tionscail táirgeachta ola, tá an Rialtas bainteach, go díreach le cothabháil leibhéil na stoc náisiúnta straitéiseach ola – do shlándáil an tsoláthair nuair a chuirtear isteach go fisiciúil air agus de réir oibleagáidí a eascraíonn as comhaltacht na hÉireann san Aontas Eorpach agus sa Ghníomhaireacht Náisiúnta Fuinnimh (IEA). Éilíonn Ballstáit an AE 90 lá de stoic a choimeád bunaithe ar úsáid na bliana roimhe sin agus éilíonn an IEA stoic 90 lá, bunaithe ar ghlan-allmhairithe na bliana roimhe.
- 1.2.24 Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íos-Stoic na nOlaí Peitriliam), 1995, gníomhaíonn an Ghníomhaireacht um Stoc Náisiúnta Ola (NORA), mar ghníomhaire an Aire agus tá sé freagrach as cibé leibhéil stoic straitéiseacha ola a chothabháil a chinnfidh an tAire uair amháin sa bhliain ar a laghad. Maoinítear oibríochtaí NORA le tobhach ar tháirgí áirithe ola agus iasachtaí tráchtála. Féadfadh sé go gcuimseoidh na stoic ola (i) stoic faoi úinéireacht iomlán NORA, (ii) stoic coinnithe ag NORA faoi chlúdaithe le “ticéid stoic” (i.e. roghanna chun ola a cheannach faoi théarmaí conartha i gcás éigeandála) nó (iii) stoic i seilbh tionscail/tomhaltóirí móra i margadh na hÉireann nó thar lear. Féadfaidh stoic, faoi Threoir an AE, a choinneáil thar lear uair amháin a bheith Comhaontú Déthaobhach Ola Rialtais go Rialta i bhfeidhm. Tá comhaontú ann faoi láthair leis an mBeilg, leis an Ríocht Aontaithe, leis an bhFrainc, an Danmhairg, an tSualainn agus an Ísiltír. Leiríonn figiúirí ó mhí na Bealtaine 2006 go raibh thart ar 99 lá stoc á gcoimeád, a raibh 64 lá á gcoimeád in Éirinn, agus 67 de na 99 lá á gcoimeád faoi rialú NORA, go díreach nó go hindíreach.
- 1.2.25 Tá dréachtreachtaíocht foilsithe le déanaí ag an Rialtas, Bille na Gníomhaireachta um Stoic Náisiúnta Ola 2006, atá faoi bhráid Thithe an Oireachtais faoi láthair. Is é cuspóir an Bhille ná, *inter alia*, struchtúr dlíthiúil agus úinéireachta NORA a athchóiriú, foráil a dhéanamh do leanúint an tobhaigh mar shásra maoiniúcháin, agus cleachtais rialachais chorparáidigh a fheabhsú.

Gual agus Móin

- 1.2.26 Is leis an Stát Bord na Móna (BnM) ina iomláine. Táirgeann an chuideachta móin mheilte agus díolann sí í trína rannán Móna agus Gnólachtaí Comhghaolmhara, atá freagrach as gníomhaíochtaí fuinneamh móna, gortóireachta agus breoslaí. Táirgeann an earnáil phríobháideach móin fóid.
- 1.2.27 Cuireann riachtanais bhreosla stáisiún giniúna guail na hÉireann, Moneypoint, go príomha, dlús leis an éileamh ar ghual. Laghdaigh an riachtanas fuinnimh phríomhúil do ghual ag ráta bliantúil beagnach 1% idir 1990 agus 2004, a thagann le laghdú comhiomlán thart ar 10%, chun 1.9 Mtoe agus scair 13% a bhaint amach faoi 2004. Cuireann stáisiún ghiniúna leictreachais mhóna in Éirinn atá faoi úinéireacht BSL agus Edenderry Power agus a n-oibríonn BSL agus Edenderry Power iad leis an éileamh ar mhóin den chuid is mó. Laghdaigh an riachtanas fuinnimh phríomhúil faoi ráta bliantúil beagnach 6% idir 1990 agus 2004, ráta a thagann le laghdú comhiomlán thart ar 58%, agus 577 ktoe agus scair 3.8% á bhaint amach aige faoi 2004. Thuairiscigh BnM díolacháin iomlána 2.7 milliún tona de mhóin meilte in 2004/2005.
- 1.2.28 Baineann iontaofacht níos mó le soláthar guail agus móna ná soláthar breoslaí eile. Tá gual ar fáil ag praghsanna sách cobhsaí ar mhargaí an domhain. Is foinse dúchasach fuinnimh í móin, a bhfuil laghdú tagtha ar an éileamh atá uirthi agus a mbaineann praghsanna measartha cobhsaí léi. Bhain táirgeadh iomlán móna buaicphointe amach sa bhliain 1995 ag thart ar 8 milliún tona. Ba ionann táirgeadh iomlán in 2004 agus thart ar 5.3 milliún tona, a raibh 87% de i gceist le móin mheilte. Ba é 4.2 milliún tona nó 108% de sprioc na bliana a bhí i gceist le táirgeadh BnM móna meilte in 2004, figiúr a bhí inchurtha le 5.1 milliún tona sa bhliain roimhe sin, bliain a bhí go háirithe tirim. Meastar gurb ionann acmhainní reatha móna BnM agus thart ar 70 milliún tona, ar chóir go mbeadh a dhóthain iontu chun freastal ar an 3.5 milliún tona de mhóin mheilte a bheidh in úsáid gach bliain ar feadh thart ar 20 bliain. Ina theannta sin, is le cuideachtaí eile agus daoine aonair phríobháideacha thart ar 15 milliún tona móna.
- 1.2.29 Coinníonn BnM stoic straitéiseacha móna 2-3 bliana de na toirteanna a bhíonn ag teastáil ó na stáisiún ghiniúna leictreachais mhóna. Cinntíonn an leibhéal sin stoc, go ndéantar slándáil an tsoláthair mhóna um ghiniúint leictreachais a choinneáil, i rith séasúr a dtéann an drochaimsir i bfheidhm ar bhaint mhóna.
- 1.2.30 Baineann tábhacht le measúnuithe comhshaoil sa chomhthéacs seo. Is foinsí fuinnimh iad gual agus móin lena mbaineann ábhar sách ard carbóin. Má leantar ar aghaidh ag úsáid na mbreoslaí sin san earnáil ghiniúna leictreachais gan an cumas chun na hastuithe an cheaptha teasa a bhaineann leis na breoslaí sin a laghdú, beidh feidhm aige sin ar phraghsanna de bharr chostas liúntaisí charbóin faoi Scéim Trádála Astuithe na hAE.

Foinsí In-athnuaite

- 1.2.31 Tá foinsí in-athnuaite ag déanamh an-dul chun cinn. Mhéadaigh an méid a chuireann fuinneamh in-athnuaite leis an gceanglas iomlán fuinnimh phríomhúil ó 1.8% i 1990 go dtí 2.2% in 2004. Mhéadaigh an méid a

chuireann fuinneamh in-athnuaite le meascán breosla dúchasach na hÉireann, chomh maith, ó 5% go dtí 20% i rith na tréimhse seo. Ba iad foinsí fuinnimh bithmhaise agus gaoithe a bhí freagrach, den chuid is mó, as an méadú sin. Ba é 5.2% iomlán an méid a chuir fuinneamh in-athnuaite le hollúsáid leictreachais in 2004. Ba léiriú é sin ar an dul chun cinn a bheidh ag teastáil chun an sprioc 13.2% a ghnóthú. Faoi mhí na Bealtaine 2006, ba ionann an acmhainn suiteáilte ghiniúna in-athnuaite agus thart ar 850 MW, arbh fhéidir 575 MW den fhiigiúr sin a chur i leith gaoithe. Tá breisacmhainn ghiniúna in-athnuaite á forbairt agus beagnach 3,000 MW iarratas ar acmhainn ghaoithe ar feitheamh le próiseáil. Ba í gaoth an dara foinse in-athnuaite is mó a chuir leis an gceanglas iomlán fuinnimh phríomhúil in 2004, agus í ag sárú hidrea-fhuinnimh den chéad uair agus ba é bithmhais traidisiúnta an fhoinsé is mó a chuir leis an ceanglas iomlán fuinnimh phríomhúil.

- 1.2.32 Tá an Rialtas fíorthiomanta do na foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn agus a fhorbairt. Thug Éire faoi sprioc táscach 13.2% faoi Threoir Fuinnimh In-Athnuaite an AE, maidir leis an méid a chuirfidh leictreachas in-athnuaite ginte leis an oll-úsáid leictreachais faoi 2010. Bunaíonn Treoir Bithbhreoslaí an AE luachanna tagartha maidir le comhréireanna bithbhreoslaí agus foinsí eile in-athnuaite ar chóir iad a chur ar mhargaí náisiúnta Bhallstáit an AE ag 2% faoi 2005 agus ag 5.75% faoi 2010. Féadtar spriocanna náisiúnta a ghnóthú, chomh maith, maidir le hastuithe an cheaptha teasa a laghdú faoi Phrótacal Kyoto agus reachtaíocht a bhaineann leis trí úsáid na bhfoinsí in-athnuaite a chur chun cinn. Ghlac Coimisiún na hEorpa plean Gnímh Bhithmhaise in 2005, chun úsáid na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh bhithmhaise a chur chun cinn.
- 1.2.33 Tugadh bearta beartais isteach san earnáil. Tá cláir bunaithe ag an Roinn agus an CER chun forbairt d'acmhainn nua ghiniúna foinsí in-athnuaite a spreagadh. Cuireadh treoir bheartais ar fáil i 1999 le foilsiú an *Pháipéir Ghlais um Fhuinneamh Inbhuanaithe*, agus in 2005 le foilsiú *Margadh Fuinnimh Uile-oileáin: Leictreachas In-Athnuaite – Fis '20-20'*. Ba phróiseas iomaíoch tairisceana é an clár Ceanglais um Fhuinneamh Ailtéarnach (AER) a bhronn conarthaí fadtréimhseacha um leictreachas a sholáthar agus é ginte ó fhoinsí nua fuinnimh in-athnuaite. Ó bunaíodh an clár, tugadh sé chomórtas chun críche. Rinne coimisiúnú do thart ar 250 MW d'acmhainn ghiniúna in-athnuaite faoin gclár AER faoi mhí an Mheithimh 2005. Ar na teicneolaíochtaí a dtacaítear leo, áirítear gaoth, hidrea-fhuinneamh agus bithmhaise ar scála beag. Tugtar an t-údarás don CER chun ceantanna an tairgeora chumhachta neamhspleáiche fíorúla glaise (GVIPP) a reáchtáil chun suim a spreagadh i measc soláthróirí. Sheol an Roinn clár um Fhótha In-Taraife Fuinnimh In-Athnuaite (REFIT) i mí na Bealtaine 2005, le dul in ionad an chlár AER. Tacóidh an clár REFIT le tógáil sprioc tosaigh 400 MW ar a laghad d'acmhainn ghiniúna fuinnimh in-athnuaite.
- 1.2.34 Foilsíodh sraith tuarascálacha tríd an nGrúpa Forbartha Fuinnimh In-Athnuaite, arna bhunú ag an Rialtas, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna éagsúla a bhaineann le cur i bhfeidhm feabhsaithe teicneolaíochta den sórt sin: Áirítear orthu sin, Fuinneamh In-Athnuaite 2006; Bith-Fhuinneamh in Éirinn, CHP in Éirinn, Fuinneamh Mara in Éirinn, Leictreachas In-athnuaite go dtí 2010. D'fhonn an méadú in acmhainn in-athnuaite agus spriocanna uailmhianacha a ghnóthú, ní mór don Rialtas/TSO/rialtóir agus tionscal obair a dhéanamh chun beartas nasctha

freagartha a fhorbairt, sioncrónú a bhaint amach idir forbairt tionscadail agus cláir dhreasachta, drochthionchar na bhfoinsí eatramhacha fuinnimh ar leordhóthaineacht agus oibríochtaí líonra a mhaolú agus sásraí cuí tacaíochta in-athnuaite a shocrú.

An Tascfhórsa Aireachta um Bith-Fhuinneamh

Éilíonn forbairt d'acmhainneacht Bhith-Fhuinneamh na hÉireann, a chuimsíonn bithmhais do mhargaí leictreachais agus teasa agus bith-bhreoslaí don mhargadh iompair, cur chuige cuimsitheach iomlán ar fud roinnt Ranna agus Gníomhaireachtaí Stáit, ag obair leis na hearnálacha agus lucht leasa ábhartha.

Mar go bhfuil an tAire atá freagrach as beartas maidir le fuinneamh in-athnuaite agus inbhuanaithe, tá an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Daonna ag obair lena chomhghleacaithe sa Rialtas lena chinntiú go ndéantar straitéisí d'fhobairt agus úsáid acmhainní bithmhaise a chomhtháthú go hiomlán. Tá an Tascfhórsa Aireachta um Bith-Fhuinneamh bunaithe ag an Aire ina bhfuil na Ranna agus Airí ábhartha uile bainteach, agus déanfaidh siad maoirseacht ar sheachadadh de Straitéis náisiúnta chuimsitheach um Bith-Fhuinnimh faoi dheireadh 2006.

Leagfaidh an Straitéis an clár oibre amach do chomhsheachadadh na mbuntáistí féideartha d'acmhainní bithmhaise ar fud na n-earnálacha talmhaíochta, fiontar, iompair agus fuinnimh. Beidh sé mar bhonn eolais maidir le spriocanna dúshlánacha a leagan síos d'úsáid fuinnimh suas go dtí 2020 i bhfianaise forbairtí AE chomh maith. Faoi chathaoirleacht an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Daonna, forbróidh an Tascfhórsa ar an gcomhoibriú atá ann cheana idir a Roinn féin agus na Ranna Airgeadais, Talmhaíochta agus Bia, Iompair, Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, le cois na nGníomhaireachtaí Stáit ábhartha.

Cúlra

1.3 DEARCADH TRAS-EARNÁLA

Margadh Fuinnimh Uile-Oileáin

- 1.3.1 Is tosaíocht é leathnú agus comhtháthú na margadí. Is í aidhm Chreat Inmheánach Margaidh an AE um Leictreachas agus Gáis ná cruthú margadí léirscaoilte ar scála náisiúnta agus ar scála idirnáisiúnta. Táthar ag súil go dtacóidh na margadí sin le cuspóirí beartais iomaíochais, slándála agus inbhuanaitheachta. Tá dul chun cinn maith déanta ag Éirinn agus ballstáit eile an AE maidir leis na hearnálacha sin a léirscaoileadh agus margadí a chur i

bhfeidhm. Léirigh an Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir leis an Margadh Inmheánach Gáis agus Leictreachais a Chruthú, a cuireadh le chéile le déanaí, gur toradh é an ganntanas ba shuntasáí go dtí seo ar easpa comhtháthaithe idir margaí náisiúnta. Is príomhtháscairí iad éagsúlacht phraghais idir Ballstáit agus leibhéil sách íseal trádála tras-teorann ar easpa comhtháthaithe margaidh. Maidir le leictreachas, féadtar an t-easpa comhtháthaithe margaidh a chur i leith cumais idirnasctha neamhdhóthaineach idir margaí. Fachtóir eile is ea ardleibhéal comhchruinnithe agus comhdhlúthaithe laistigh de na hearnálacha sin i roinnt de Bhallstáit an AE. Ní bhainfidh an AE agus a bhallstáit indibhidiúla táirbhí iomlána na margaí iomaíocha gáis agus leictreachais amach gan comhtháthú níos fearr.

Margadh Oileáin-Uile

Baineann cur chuige comhordaithe maidir le beartas fuinnimh ó Thuaidh agus ó Dheas, arna fhorbairt ag Roinn agus DETI, le comhthéacs an chomhoibrithe leanúnaigh idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann i dtaobh saincheisteanna coiteanna fuinnimh. Tá an tsuim chéanna á léiriú ag an dá Rialtas i margaí fuinnimh níos iomaíche, i gcostais laghdaithe fuinnimh agus iontaofacht fheabhsaithe soláthair. Tagann an comhiarracht sin le cúlra fhorbairt margaidh shingil an AE um leictreachas agus gás nádúrtha chomh maith le réigiúnú méadaitheach na margaí. Aithníonn an beartas seo na margaí fuinnimh trasteorann, bíodh nach bhfuil ach tús á chur leo faoi láthair, agus lorgann sé a thuilleadh comhtháthaithe trí fhorbairt spriocdhírthe agus soiléir beartais, comhtháthú struchtúir mhargaidh agus sásraí margaidh, comhordú agus comhchuiभिú na socruithe riachtanacha beartais, reachtúla agus rialála.

Táthar ag dréim go seachadfaidh an margadh Uile-Oileáin na táirbhí seo a leanas:

- Margadh singil níos mó lena mbaineann praghsanna fuinnimh níos iomaíche;
- Iomaíocht oscailte agus trédhearcach ag gach leibhéal sa mhargadh agus do gach foinse fuinnimh, lena n-áirítear, teas agus cumhacht in éineacht (CHP) agus foinsí in-athnuaite;
- suíomh infheistíochta níos cobhsaí agus níos mealltaí;
- feabhsuithe iarmhartacha d'iomaíochas náisiúnta agus idirnáisiúnta na hearnála tionscail níos leithne;
- slándáil soláthair níos fearr;
- bonneagar daingean comhtháite;
- meascán fuinnimh níos éagsúla;
- éifeachtacht fuinnimh níos fearr;
- rogha tomhaltóra níos fearr maidir le soláthróir fuinnimh nó seirbhísí fuinnimh;
- coigiltis ar feadh tréimhse níos faide trí chuíchóiriú na bhfeidhmeanna i rialáil, oibriú córais agus pleanáil agus úinéireachta na sócmhainne tarchuir;
- eagrú feabhsaithe maidir le taighde fuinnimh trí theacht chun cinn líonra uile-oileáin saineolais acadúil agus tionscail.

Déantar comhoibriú idir an Tuaisceart agus an Deisceart i dtaobh ábhair fhuinnimh faoi choimirce an Chomhghrúpa Stiúrtha (JSG), arna bhunú ag an

Aire Ahern agus ag an Aire Pearson i mí Iúil 2003. Is éard atá sa ghrúpa ná oifigigh shinsearacha ón Roinn agus DETI agus oifigí an dá Údarás Rialála (An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) sa Deisceart agus Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fuinnimh (NIAER) sa Tuaisceart).

- 1.3.2 Tá Éire tiomanta do mhargadh réigiúnach a fhorbairt. Thiomnaigh an dá Rialtas, tríd an Roinn agus an CER agus a gcomhghleacaithe, an Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta (DETI) agus Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fuinnimh (NIAER), do mhargadh atá réigiúnach amach is amach a bhunú do ghás agus leictreachas. D'fhoilsigh na hAiri an Creat Forbartha Margaidh Fhuinnimh Uile-Oileáin, i mí na Samhna 2004, ag déanamh cur síos ar an tiomantas sin don bheartas, tar éis comhairliúcháin leis an lucht leasa, bunú Comhghrúpa Stiúrtha (JSG) agus cur le chéile Meamram Tuisceana idir an CER agus an NIAER. Rinne an Creat cur síos ar chuspóirí, idir ghearrthréimhseacha agus mheántréimhseacha, maidir le bonneagar, socruithe agus infheistíocht trádála, ceannasaíocht agus cumhacht mhargaidh, forbairt inbhuanaithe, reachtaíochta agus riaracháin, agus dearadh margaidh mhiondíola. Tugadh an fhreagracht do JSG as maoirseacht a dhéanamh ar an Margadh Fuinnimh Uile-Oileáin agus tugadh an comhfhreagracht do rialtóirí as an bhforfheidhmiú a bhainistiú. Chuir an Creat Clár Forbartha ardleibhéil ar fáil chomh maith. Ina theannta sin, rinne an Rialtas pleananna a fhorhuiniú chun spreagadh a thabhairt d'fhorbairt idirnascaí leictreachais leis an mBreatain faoi 2012, rud a dhéanfaidh a chuirfidh feabhas ar leachtacht mhargaidh.
- 1.3.3 Ó foilsíodh an Creat, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cur i bhfeidhm tríd an Tionscadal Uile-Oileáin. Aithníodh an Margadh Singil Leictreachais (SEM), margadh leictreachais mhórdhíola a chlúdóidh Éire agus Tuaisceart Éireann, mar thosaíocht luath agus seolfar é le linn 2007. Ar roinnt tionscnaimh shonracha, áirítear, forbairt beart chun aghaidh a thabhairt ar an mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ceannasaíocht mhórimreoirí reatha, scéim íocaíochtaí acmhainne a bhunú do leictreachas, oibreoir singil margaidh leictreachais a fhorbairt, an t-idirnascaidh gáis agus leictreachais idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann a mhéadú, cleachtais oibríochta an líonra tarchuir leictreachais a chomhchuibhiú agus imscrúdú a dhéanamh ar an gcás a bhainfeadh le hoibreoir singil líonra tarchuir leictreachais.

Athrú Aeráide agus Astuithe

- 1.3.4 Aithnítear athrú aeráide agus astuithe gáis cheapadh teasa (GHG) go leathan mar shaincheisteanna beartais. Ó chomhaontaigh na tíortha tionsclaithe faoi Phrótacal Kyoto ag comhdháil aeráide na Náisiún Aontaithe ar mhaithe le hastuithe GHG a laghdú, tá a thuilleadh fianaise ar fáil ar an drochthionchar comhshaoil a bhaineann le hathrú aeráide. D'fhoilsigh an Panéal Idir-Rialtais um Athrú Aeráide (IPCC) a *Thrú Tuarascáil Measúnúcháin*, in 2001, a chuir in iúl go bhfuil fianaise nua níos láidre ann gur féidir an chuid is mó den téamh le 50 bliain anuas a chur i leith gníomhaíochtaí daonna. Féadfaidh an tionchar sin cur le héagsúlachtaí aeráide níos mó agus níos tobainne amach anseo, chomh maith le minicíocht agus tromchúis mhéadaithe i dtaobh coinníollacha millteacha aimsire agus na rioscaí agus costais lena mbaineann. Is

compháirtithe phrótacal Kyoto iad an tSín, an India agus an tSeapáin chomh maith. Tá sprioc laghdaithe astuithe ag an tSeapáin de 6% ar leibhéal 1990. Shínigh an Astráil agus na Stáit Aontaithe an Prótacal ach ní dhearna siad é a cheangail. D'aithin tíortha lasmuigh de Phrótacal Kyoto chomh maith, in éineacht leis na tíortha a luadh go bhfuil baol athraithe aeráide ann agus ghlac siad bearta chun aghaidh a thabhairt air trí Chomhpháirtíocht na hÁise – an Aigéin Chiúin um Fhorbairt agus Aeráid Ghlan. Breathnaítear ar thionchar damáisteach na n-astuithe ó gháis eile, cosúil le dé-ocsáid sulfair (SO₂) agus ocsáidí nítrigine (NO_x) mar fhoirm truaillithe chomh maith.

Prótacal Kyoto agus Scéim Trádála Astuithe an AE (ETS)

Is comhaontú idirnáisiúnta lena mbaineann ceanglas dlíthiúil é Prótacal Kyoto chun drochthionchar an athraithe aeráide a mhaolú trí ghás an cheaptha teasa (GHG) a laghdú. Áirítear ar gháis an cheaptha teasa, sa chomhthéacs seo: dé-ocsáid charbóin (CO₂), meatán (CH₄), ocsáidí nítrigine (NO_x), hidrefluaracarbóin (HFCanna), tréfluoracarbóin (PFCs) agus heicseafluairíd sulfair (SF₆). Glacadh Prótacal Kyoto i 1997 mar chomharba ar na tiomantais dheonacha faoi Chreat Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (UNFCCC). Cuireadh an comhaontú i bhfeidhm i mí Feabhra 2005 mar cháipéis ar bhain ceanglas dlíthiúil léi.

Chomhaontaigh tíortha forbartha, faoi Phrótacal Kyoto, ar spriocanna lena bhain ceanglais dlíthiúla chun laghduithe breis is 5% ar an iomlán a ghnóthú i nglan-astuithe i rith na tréimhse 1990-2012. Is é Clár Athraithe Aeráide na hEorpa (ECCP) an straitéis atá glactha ag an Aontas Eorpach d'fhonn Prótacal Kyoto a chur i bhfeidhm, ag teacht le hiarrachtaí na mBallstát. Is gnéithe tábhachtacha iad comhbheartais agus comhbhearta éifeachtúla comhordaithe faoin ECCP de straitéisí na mBallstát chun na laghduithe astuithe a éilítear a bhaint amach, chomh maith le bealach tábhachtach don AE chun a thiomantas iomlán a ghnóthú.

Thiomnaigh an tAontas Eorpach dá n-astuithe bliantúla GHG a laghdú go dtí 8% faoi leibhéal na bliana 1990 faoin tréimhse 2008-2012. Rinne Cinneadh 2002/358/CE an laghdú 8% sin a chionroinnt ar Bhallstáit an AE agus éilíonn sé ar Éirinn teorainn a chur ar an méadú ina n-astuithe bliantúla ag 13% os cionn leibhéal na bliana 1990 faoin tréimhse chéanna. Is éard atá i gceist leis an bhfigiúr sin d'Éirinn, ná sprioc astuithe thart ar 63 milliún tona CO₂ in aghaidh na bliana.

Is iad cláir um laghdú astuithe GHG intíre an bealach is díri chun spriocanna náisiúnta a ghnóthú. Déanann Prótacal Kyoto, foráil do thrí shásra bheise, áfach: sásra um forbairt ghlan (CDM), lena féidir le tíortha tionsclaithe tionscadail i dtíortha i mbéal forbartha a mhaoiniú; comh-chur i bhfeidhm (JI), lena féidir le tíortha tionsclaithe creidmheasanna astuithe a fháil trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail i dtíortha eile tionsclaithe; agus trádáil astuithe, lena féidir le rannpháirtithe cuótaí a thrádáil d'fhonn spriocanna a ghnóthú. Déanann creat dlíthiúil agus rialála na hÉireann éascaíocht d'úsáid na sásraí sin.

Is é Scéim Trádála Astuithe an AE (ETS) an scéim is mó ag leibhéal cuideachta um thrádáil astuithe CO₂. Tá an ETS ag oibriú ar chéim phiólótach

trí bliana ó mhí Eanáir 2005. Ní chlúdaíonn an ETS ach astuithe CO₂ ó astairí móra sa tionscal giniúna leictreachais agus teasa agus in earnálacha roghnaithe tionscail dianfhuinnimh i rith na chéad tréimhse trádála (2005-2007). Clúdaíonn an ETS 105 suiteáil in Éirinn faoi láthair agus riarann an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil iad.

- 1.3.5 Mhol Comhairle na hEorpa ag cruinniú an Earraigh in 2005, gur chóir don AE iniúchadh a dhéanamh le páirtithe eile, ar straitéisí um laghdúithe riachtanacha astuithe a ghnóthú agus gur chóir dóibh, sa chomhthéacs sin, bealaí uaimhianacha laghdaithe a bhreathnú san ord 15-30% faoi 2020 i gcomparáid le leibhéal na bliana 1990. Tá roinnt tiomantais éagsúla um athrú aeráide socruithe ag Éirinn. Cheangail Éire Prótaca Kyoto i mí na Bealtaine 2002, chomh maith leis an AE agus na Ballstáit eile go léir, agus ceanglaítear uirthi go hidirnáisiúnta chun an sprioc dúshlánach um astuithe gháis an cheaptha teasa a laghdú. Tháinig an Prótacal i bhfeidhm i mí Feabhra 2005. Faoin bPrótacal, thiomnaigh an AE dá n-astuithe bliantúla GHG a laghdú go 8% faoi leibhéal na bliana 1990 faoin tréimhse 2008-2012. Rinne reachtaíocht inchumasaithe an laghdú comhiomlán sin a chionroinnt ar Bhallstáit an AE agus d'éiligh sí ar Éirinn teorainn a chur le méadú a n-astuithe bliantúla GHG go 13% os cionn leibhéal na bliana 1990 faoin tréimhse chéanna.
- 1.3.6 Shocraigh an Rialtas treoracha, le déanaí, den chéad tréimhse eile (2008-2012) de Scéim Trádála Astuithe an AE agus tá Plean Náisiúnta Leithdháilte ullmhaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Táthar ag súil go ndearbhóidh Coimisiún na hEorpa an Plean roimh dheireadh 2006. Rinneadh athbhreithniú ar Straitéis Náisiúnta Athraithe Aeráide na hÉireann (NCCS) a fhoilsiu.
- 1.3.7 Maidir le SO₂ agus NO_x agus truailléain ghaolmhara, rialaíonn an *Coinbhinsiún um Thruaillíú Fadraoin Trasteorainn Aeir* agus prótacail ghaolmhara na tiomantais.
- 1.3.8 Tá dul chun cinn á dhéanamh chun astuithe dochracha a laghdú. D'fhoilsigh an Rialtas Tuarascáil um Dhul Chun Cinn maidir le Cur i bhFeidhm na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide, in 2002, a rinne imscrúdú ar fhorbairtí idirnáisiúnta, a rinne cur síos ar imthosca an AE, a liostaigh forbairtí náisiúnta, agus a thug cuntas ar bhearta sonracha chun an Straitéis a chur i bhfeidhm. Seoladh an ETS i mí Eanáir 2005 agus tá sé le cur i bhfeidhm in dhá chéim go dtí 2012. Déanann an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) an ETS a riaradh in Éirinn. Tugadh liúntais do 109 suiteáil Éireannacha, faoin ETS, chun méid áirithe dé-ocsaíd charbóin a astú, lenar bhain éagsúlacht le laghdúithe ó leibhéal roimhe sin mar thoradh ar shraith imthosca uathúla. Tá an EPA ag tabhairt dara Plean Náisiúnta Leithdháilte (NAP) na hÉireann chun críche don tréimhse 2008-2012 le cur isteach chuig Coimisiún na hEorpa.

Éifeachtacht Fuinnimh

1.3.9 Aithnítear éifeachtach fuinnimh mar dhúshlán don domhan do gach geilleagar agus is tosaíocht í don AE le cois ballthíortha an IEA agus na NA. Bhí an Eoraip ar réamhthús na n-iarrachtaí maidir le héifeachtacht fuinnimh a fheabhsú agus tosaíocht dhomhanda a dhéanamh de. Tá éifeachtacht fuinnimh ina príomhthosaíocht ag Éirinn agus, leis na gníomhaíochtaí cuí ar fud na n-earnálacha ábhartha, déanfaidh sí méid suntasach maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán an tsoláthair fhuinnimh, iomaíochas agus inbhuanaitheacht. Tá feabhas tagtha ar ár n-éifeachtacht fuinnimh ar an iomlán le deich mbliana anuas agus déchupláil shuntasach ar fhás in éileamh fhuinnimh ó fhás eacnamaíoch. Is féidir a lán eile a bhaint amach agus a lán gnóthacháin a dhéanamh sa ghearrthréimhse go dtí an fhadtréimhse. Thar thréimse 1990-2004, d'fhás GDP na hÉireann le 140% agus d'fhás ceanglas fuinnimh phríomhúil iomlán (TPER) le 59% agus astuithe CO2 fuinneamh-bhainteach le 45%. Is é an dúshlán ná an gnóthachán déine seo a chothú, a fhorbairt agus a leathnú agus ag an am céanna fás eacnamaíocht a choinneáil.

1.3.10 Tá sábháil fuinnimh ar an mbealach is gasta, is éifeachtaí agus is saoire chun úsáid fuinnimh agus astuithe a laghdú. Trí dhramhaíl fuinnimh a laghdú agus úsáid neamhriachtanach a dhíobhú agus infheistiú i dteicneolaíocht d'éifeachtacht fuinnimh (baile, iompar, déantúsaíocht agus giniúint leictreachais) gheobhaidh gnóthaí agus tomhaltóirí na hÉireann níos mó luacha ón méid céanna fuinnimh. Beidh an tsábháil fhéideartha díbhinne suntasach agus is é an cuspóir ná feabhais carnacha a sheachadadh in éifeachtacht fuinnimh de 20% faoi 2020. Forbróidh an straitéis seo ar na gnóthacháin a rinneadh go dtí anois, spriocdhíreoidh sí ar na hearnálacha sin a bhfuil sé ar a gcumas úsáid níos éifeachtaí fuinnimh a sheachadadh agus oibriú chun fíor-athrú intomhastha a bhaint amach i bpatrúin iompraíochta agus úsáid ag earnálacha eacnamaíocha agus tomhaltóirí aonair.

1.3.11 Déanfar mórfeachtas náisiúnta ar fheasacht éifeachtachta fuinnimh a lainseáil an Fómhar seo a dhíreoidh ar na príomhghnéithe d'úsáid fuinnimh agus a dhíreoidh ar thomhaltóirí aonair agus earnálacha eacnamaíocha faoi leith. Comhlánóidh an feachtas cláir agus tionscnaimh atá ann cheana agus cinn atá beartaithe, a léireoidh treoracha agus tionscnaimh bheartais an AE. Tá obair á déanamh fosta laistigh de chreat fuinnimh uile-oileáin ar éifeachtacht fuinnimh mar dhúshlán agus deis uile-oileáin.

Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

1.3.12 Is príomhghné é an dul chun cinn teicneolaíochta maidir le beartas fuinnimh a chumasú. Tá forbairt agus cur i gcrích teicneolaíochtaí nua fuinnimh riachtanach i dtaobh slándála soláthair, inbhuanaitheacht agus iomaíochas a sheachadadh. Tá an gá atá le giniúntí nua teicneolaíochta níos láidre ná riamh ionas gur féidir ceanglais fuinnimh amach anseo a shásamh. Is gníomh dúshlánach é, áfach, na coinníollacha riachtanacha a bhunú agus a choinníoll d'fhonn dul chun cinn teicneolaíochta a bhaint amach ó chéim an choincheapa

go dtí tráchtálaíocht rathúil. Go domhanda, beidh ról ríthábhachtach ag cláir thaighde, forbartha teicneolaíochta agus nuálaíochta (RTDI) na rialtas maidir le héascaíocht a dhéanamh do theicneolaíochtaí fuinnimh teacht chun cinn agus a n-acmhainneacht a sheachadadh. Tá teicneolaíochtaí éifeachtúla agus carbóin ísil i gceist le margadh idirnáisiúnta atá ag méadú go mear. Ní mór don AE agus d'Éirinn a chinntiú go bhfuil a dtionscail ceannasach ar fud an domhain sna giniúintí nua teicneolaíochta seo. Is príomhghné de bheartas fuinnimh an AE agus na hÉireann é dul chun cinn a spreagadh i dteicneolaíochtaí fuinnimh trí thaighde agus nuálaíocht agus dreasachtaí.

- 1.3.13 Tá an Rialtas tiomanta d'éascaíocht a dhéanamh do dhul chun cinn teicneolaíochta. Tugann an-chuid de reachtaíocht agus beartas fuinnimh an AE aghaidh ar RD&D ar bhealach sách indíreach, trí thagairt a dhéanamh d'earnáil shonrach, cosúil le foinsí in-athnuaite agus éifeachtúlacht. Tugann Páipéir Glas an AE, *Straitéis Eorpach um Fhuinnimh Inbhuanaithe, Iomaíocht agus Iontaofa*, a cuireadh le chéile le déanaí, aghaidh ar an tsaincheist ar bhealach níos díri, áfach, trí fhorbairt phlean straitéisigh teicneolaíochta fuinnimh a mholadh don Eoraip. Thug Éire cuntas ar an-chuid dá tosaíochtaí fuinnimh RTDI sa *Pháipéar Glas um Fhuinneamh Inbhuanaithe*, lena n-áirítear, cuir chuige maidir le cláir RD&D a sheachadadh agus ábhair mholta le himscrúdú a dhéanamh orthu. Tugtar cuntas ar threoir bheartais níos déanaí i gcáipéisí cosúil le, *Taighde, Forbairt agus Taispeántas Fuinnimh: Páipéar Comhairliúcháin* leis an Roinn agus *Teicneolaíochtaí Úra Fuinnimh in Éirinn: Fócas ar Ghabháil Charbóin agus Hidrigin* le SEI.
- 1.3.14 Tugtar tacaíocht do thaighde, forbairt agus taispeántas. Cuirtear an chuid is mó den tacaíocht ar fáil, faoi láthair, trí SEI. Dar le SEI, ba ionann toirt an fhuinnimh RTDI a tugadh faoi in Éirinn in 2004 agus beagnach €25 milliún, ar mhaoine an earnáil phríobháideach nó acmhainní indibhidiúla thart ar 63% de agus ar maoiníodh an chuid eile de trí shásraí Éireannacha agus/nó AE. I dtéarmaí tosaíochtaí, bhí breis is 80% de na cistí iomlána i gceist leis na teicneolaíochtaí caomhnúcháin agus in-athnuaite le chéile. Bhain na scaireanna is mó (thart ar €1.2 milliún an ceann) le gaoth agus bithmhais laistigh de na teicneolaíochtaí in-athnuaite.
- 1.3.15 Déanann roinnt de gníomhaireachtaí agus aonáin taighde fuinnimh faoi láthair. Ina measc tá, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Institiúid na Mara agus Fiontraíocht Éireann, i réimse na taighde teicniúla, leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ag déanamh taighde ábhartha do bheartas eacnamaíoch. Déanann agus/nó tacaíonn Líonraí BSL/BSL, Bord na Mona, Airtricity Viridian taighde fuinnimh-bhainteach a bhaineann lena ngnólachtaí féin.
- 1.3.16 Tá €7 milliún tugtha ag an SEI i maoiniú deontais do thaighde ar fhuinneamh in-athnuaite, forbairt agus tionscadail taispeána in Éirinn. Díríonn clár maoinithe de €12 milliún an SEI go príomha ar ghlacadh spreagthach d'fhuinneamh in-athnuaite, agus ar mheasúnú a dhéanamh ar fhorbairt na dteicneolaíochtaí ag a bhfuil ionchais don todhcháí. Go dtí seo tá fócas an Chláir ar gaoth agus bithmhais, a léiríonn acmhainneacht shuntasach na n-earnálacha seo. Rinne SEI 72 tionscadal a fhaomh do mhaoiniú lena n-áirítear forbairt de próiseas déantúsaíochta úir do thuirbíní gaoithe, taispeántas ar an gcéad mórscála tráchtála de choirí millín adhmaid in Éirinn agus taighde ar fheiste cumhachta gaoithe. Trí clár RD&D a dhíriú ar

thosaíochtaí teicneolaíochta, tá sí mar aidhm ag an gclár cuidiú le hÉirinn a hacmhainneacht maidir lena foinsí in-athnuaithe fuinnimh is luachmhara a uasmhéadú.

- 1.3.17 Bunaíodh Comhairle Taighde Fuinnimh na hÉireann le déanaí chun comhairle a thabhairt ar thosaíochtaí taighde. Cuirtear síos níos mine ar a sainordú thíos i bparagraifdeireanacha ailt 2.2 ag déileáil le hinbhuanaitheacht.

Bochtaineacht Bhreosla

- 1.3.18 Is gné ríthábhachtach de bheartas fuinnimh na hÉireann í aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht bhreoslaí. Téann bochtaineacht bhreosla isteach ar fholláine cuid de na grúpaí is íogaire sa tsochaí. Tá an Rialtas tiomanta do bhochtaineacht bhreosla a laghdú, rud a chabhróidh le prionsabail inbhuanaitheachta bheartas fuinnimh na hÉireann a ghnóthú. Cuirtear tacaíocht ar fáil trí roinnt cláir éagsúla, lena n-áirítear, Scéim SEI um Thithe níos Teasaí agus an Clár Tithíochta Ioncaim Ísil chomh maith leis an bPacáiste Sochar Teaghlaigh (do Liúntais Leictreachais agus Gáis), agus an Scéim Náisiúnta Breosla (do Liúntais Bhreosla), chomh maith le rátaí leasa sóisialta agus sochair eile go ginearálta.

2 An Creat Beartais

2.1 SLÁNDÁIL AN TSOLÁTHAIR A CHINNTIÚ

2.1.1 Tacaíonn fuinneamh le gach réimse gníomhaíochta eacnamaíochta agus folláine shóisialta. Ní mór go mbeidh cinntiú d'fháil chomhsheasmhach ar fhuinneamh inacmhainne ina phríomhchuspóir de bheartas fuinneamh na hÉireann agus gan ach baol íseal ann go gcuirfear isteach ar sholáthar. Baineann roinnt gnéithe leis an tslándáil sin a chinntiú:

- A chinntiú gur féidir leis an soláthar fuinnimh freastal ar éileamh amach anseo;
- Slándáil na soláthairtí gáis don tír a chinntiú;
- Aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht na mbreoslaí a úsáidtear laistigh den earnáil ghiniúna;
- Leictreachas agus gás a sheachadadh ar theaghlaigh agus gnólachtaí trí líonraí leordhóthaineacha agus iontaofa;
- Timpeallacht mhealltach a chruthú chun infheistíochtaí i mbonneagar fuinnimh a spreagadh; agus
- Tionchar aon chuir isteach ar sholáthar fuinnimh a mhaolú trí chinnte a dhéanamh de go bhfuil bearta teagmhasacha i bhfeidhm..

A chinntiú gur féidir le soláthar fuinnimh freastal ar éileamh amach anseo

Spríocanna beartais go hachomair

- Leordhóthaineacht an tsoláthair fhuinnimh a chinntiú i gcónaí;
- Seachadadh de Mhargadh Uile-Oileáin
- Rannpháirtíocht i bhforbairt mhargaidh fhuinnimh réigiúnaigh
- Dara idirnascoir leictreachais Thuaidh-Theas a sheachadadh faoin mbliain 2012;
- Idirnascoir leictreachais Thoir-Thiar a sheachadadh faoi 2012; agus
- Meascán cuí gléasraí bonnlóid agus solúbtha a chinntiú chun breismhéadú in-athnuaite a éascú.

Comhthéacs agus ionstraimí beartais

2.1.2 Is í príomhthosaíocht an Rialtais ná a chinntiú go ndéantar an chothromaíocht idir soláthar/éileamh fuinnimh a choinneáil i gcónaí. Chuir an Rialtas tionscnamh fadtréimhseach i bhfeidhm um chomhtháthú na hÉireann le margaí comharsanacha fuinnimh. Tabharfaidh an tionscnamh straitéiseach sin tacaíocht do leordhóthaineacht na gcóras gáis agus leictreachais chun freastal ar riachtanais tomhaltóirí na hÉireann.

2.1.3 Tá forbairt Margaidh Fhuinnimh Uile-Oileáin lárnach ó thaobh bheartas fuinnimh na hÉireann de. Is é an sprioc reatha atá leagtha amach ná an Margadh Singil Leictreachais a thabhairt isteach faoi lár na bliana 2007 agus tá Rialtais, Rialtóirí agus institiúidí ábhartha ag obair le chéile chun an spriocdháta uailmhianach sin a ghnóthú.

- 2.1.4 Is príomhthosaíocht straitéiseach don Rialtas í forbairt breis-idirnasctha le margáí comharsanacha. Beidh seachadadh breis-idirnasctha ar Thuaisceart Éireann agus ar an mBreatain lárnach maidir le rochtain ar fhoinsí nua soláthair a fheabhsú. Tagann sé go hiomlán leis an mbéim atá leagtha ag an AE ar idirnasctha fisiciúil chomh maith. Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh, agus é i mbun oibre le húdaráis Thuaisceart Éireann, ag déanamh dul chun cinn ar thionscnaimh um idirnasctha gás agus leictreachais i gcomhthéacs an Mhargaidh Fhuinnimh Uile-Oileáin. Fógraíodh, go sonrach, pleananna don dara idirnasctha leictreachais Thuaidh-Theas, a mhéadóidh an acmhainn reatha aistrithe leictreachais trasteorann faoi dhó go dtí níos mó ná 600MW agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche é faoi 2012 ar a dhéanaí. Tá an Rialtas tiomanta, chomh maith, do dhul chun cinn a dhéanamh ar phleananna chun éascaíocht a dhéanamh do thógáil idirnasctha leictreachais Thoir-Thiar 500 MW. D'íarr an Rialtas ar an CER le déanaí comórtas a reáchtáil d'fhonn forbróir a roghnú chun tógáil an idirnasctha sin a shocrú faoi 2012. Cuirfear tús le pleanáil do chinntí in 2010 maidir le breis-idirnasctha leis an mBreatain nó, b'fhéidir, le mórthír na hEorpa. Déanfaidh an Rialtas breathnú, chomh maith, faoin méid tacaíocht arbh fhéidir le maoiniú an státchiste a thabhairt do mhórtionscadail straitéiseacha infheistíochta fuinnimh suas go dtí 2020 (Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013) mar bhealach chun méaduithe praghaís don tomhaltóir a mhaolú.
- 2.1.5 Maidir le leictreachas, measann Eirgrid go mbeifear in ann leordhóthaineacht ghiniúna a ghnóthú suas go dtí 2009, ar an gcoinníoll go mbíonn meastacháin na gcuideachtaí ghiniúna i ndáil le feidhmíocht agus fáil sócmhainní cruinn. Socraítear ar chonclúid maidir le leordhóthaineacht na hacmhainne ghiniúna ag féachaint do tháscaire, ar a dtugtar, An tIonchas um Chailleadh Ualaih, a socraíodh ag 8 n-uaire in aghaidh na bliana d'Éirinn. Rachaidh an Rialtas i mbun oibre leis an CER chun a chinntiú go bhfuil Eirgrid freagrach as gníomh cuí agus stuama a dhéanamh d'fhonn leordhóthaineacht a choinneáil.
- 2.1.6 Is díol imní é fáil agus iontaofacht ghearrthréimhseach an ghléasra, go háirithe, i bhfianaise fadhbanna teicniúla a léiríodh le déanaí ag gléasraí áirithe. Tá roinnt tograí láithreacha ann chun gléasra nua ghiniúna a fhorbairt san Iardheisceart. Ina theannta sin, aithnítear go mbeidh punann freagartha sholúbtha ghiniúna agus a thuilleadh idirnasctha de dhíth ar an méadú measta i bhfoinsí in-athnuaite. Tá an Rialtas dírithe ar chinnte a dhéanamh de go mbeidh soláthar leordhóthaineach ar fáil chun forbairt de phunann leictreachais a spreagadh, punann a bheidh in ann tacaíocht a thabhairt do na spriocanna uailmhianacha um méadú na bhfoinsí in-athnuaite agus a chuirfidh leis an méadú sin. - Déanfaidh an CER, EirGrid agus an Rialtas cinntí a chinnteoidh acmhainn agus iomaíocht san earnáil ghiniúna agus a léireoidh an tábhacht mhór a bhaineann le slándáil an tsolathair.
- 2.1.7 Is tosaíocht fíorthábhachtach do Eirgrid, an CER agus an tionscal leictreachais í feabhsúcháin a spreagadh maidir le fáil ghléasraí ó 2006 i leith. Tá beartas an Rialtais tiomanta i gcónaí do chinnte a dhéanamh de go bhfuil sé de chumhacht ag na hinstitiúidí cuí leordhóthaineacht an bhoinn ghiniúna a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh air agus chun iontráil nua a spreagadh nuair is gá. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar sonraí um fháil ghléasraí go ráithiúil i riaráistí agus an gá le mothálacht tráchtála a chosaint agus trédhearcacht a chinntiú.

- 2.1.8 Déantar monatóireacht ar leordhóthaineacht an tsoláthair gháis maidir le freastal ar éileamh go leanúnach. Sa chuid is mó de chásanna, is leor an córas tarchuir gháis atá ann chun déileáil le hionchais réasúnta éilimh. Léanfaidh an Rialtas de mheasúnú a dhéanamh ar leordhóthaineacht leanúnach chóras gáis na hÉireann trí Ráitis um Acmhainn Gháis arna n-eisiúint ag CER.
- 2.1.9 Déanfar dul chun cinn ar roinnt tionscnamh a bhaineann le beartas tarchuir gháis, faoin gCreat Forbartha Fhuinnimh Uile-Oileáin, lena n-áirítear, scaoileadh comhordaithe na Ráiteas um Acmhainn Gháis (le hÚdarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fuinnimh), le comh-mhodheolaíocht. Nuair a bheidh an méid sin i bhfeidhm, déanfar éascaíocht d'fhorléargas cuimsitheach slándála soláthair ar bhonn uile-oileáin.
- 2.1.10 Tá cinntiú slándála na soláthairtí ola don tír riachtanach maidir le méadú agus bonneagar eacnamaíoch. Déanfar tuarascáil a choimisiúnú níos déanaí i rith na bliana faoi shlándáil rochtana ar ola d'Éirinn. Cuimseoidh an t-athbreithniú na sochair chostais a bhaineann le hidirnascaidh féideartha ola leis an Eoraip/RA, leithdháileadh féideartha píblíne laistigh d'Éirinn, stratéisí straitéiseacha soláthair, feabhsacháin straitéiseacha stórála ola, anailís riosca agus pleanáil theagmhasach.
- 2.1.11 Tá an Rialtas ag déanamh gluaiseachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an gá aitheanta atá le caighdeán a chumais a fheabhsú maidir le himthosca a thuar amach anseo, mar thacaíocht do dhéanamh beartas bunaithe ar fhianaise agus chun críche úsáide ag an earnáil fuinnimh. Tá obair ar bun chun saoráid anailíse um chórais fuinnimh a chruthú don tír. Glacfaidh Comhairle Taighde Fuinnimh na hÉireann, a bunaíodh le déanaí, ról maoirseachta chun seirbhís chuimsitheach náisiúnta mhúnlúcháin fuinnimh a chinntiú.

Slándáil na soláthairtí gáis don tír a chinntiú

Spríocanna beartais go hachomair

- Toirt leordhóthaineach soláthairtí gáis a sheachadadh ar Éirinn i gcónaí;
- Éagsúlú na bhfoinsí gáis i rith na meántréimhse;
- Slándáil sholáthair gáis a chinntiú i gcónaí;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an acmhainneacht maidir le tuilleadh forbartha ar LNG agus saoráidí stórála gáis i gcomhthéacs uile-oileáin;
- Tacú le forbairt de mhargadh feidhmiúil gáis Eorpaigh

Comhthéacs agus ionstraimí beartais

- 2.1.12 Chuir an Rialtas creat i bhfeidhm, ag obair le BGE agus an CER, chun leordhóthaineacht na soláthairtí gáis agus an bhonneagair iompair don tír a chinntiú. Tá tiomantas an Rialtais do thaiscéalaíocht amach ón gcósta rithabhachtach laistigh d'Éirinn. Tabharfaidh ceantar na Coiribe toirteanna suntasacha gáis isteach i gcóras na hÉireann agus cuirfidh sé go suntasach le slándáil soláthairtí gáis na hÉireann go dtí 2018.
- 2.1.13 Tá thart ar 80% dár ngás nádúrtha ar fáil i margadh an RA anois, agus tá suntas an RA mar allmhaireoir gáis é féin ag méadú de réir a chéile. Rachaidh leasuithe agus forbairtí rialála na RA i gcothromaíocht idir soláthair /

éileamh (m.sh. an méadú beartaithe in acmhainn an tsoláthair gháis agus éagsúlacht foinsí soláthair, lena n-áirítear, LNG) chun sochair d'Éirinn le linn na meántréimhse agus rachfaidh sé i bhfeidhm ar shlándáil agus iomaíochas costais gháis. Déanfaidh an Rialtas monatóireacht chúramach ar fhorbairtí sa RA.

- 2.1.14 Rinneadh coimisiúnú do staidéar uile-oileáin chun slándáil an tsoláthair idir an meántréimhse agus an fadtréimhse a mheasúnu ar bhonn uile-oileáin, lena n-áirítear an scóip do chomhchur chuige maidir le stóráil gháis agus LNG. Tabharfar an tuarascáil chun críche i mbliana.
- 2.1.15 Is dea-chomhartha iad infheistíochtaí na hearnála príobháidí i stóráil gháis. Cuireann an Rialtas fáilte roimh an chéad saoráid tráchtála stórála gáis nádúrtha, a oibríonn Marathon. Tá fáil tráchtála air cheana chun críche próifílithe gháis ghearrthréimhsigh.
- 2.1.16 Is príomhbhreathnú beartais é conas is féidir le hÉirinn LNG a úsáid mar mhalairt ar ghás píbe. Dar leis an Rialtas, is forbairt dhearfach é an fhógairt a rinneadh le déanaí go bhfuil Forbairt na Sionainne, an ghníomhaireacht réigiúnach forbartha, tar éis comhaontú 'rogha le ceannach' a shocrú le déanaí le LNG Shionnaine, a bhfuil sé beartaithe aige críochfort €400 milliún um fháil gháis nádúrtha leachtaithe (LNG) a thógáil ar bhruach talún ag Inbhear na Sionainne. Déanfaidh an Roinn agus an CER dlúthmonatóireacht ar an méid a chuireann na forbairtí tráchtála seo le slándáil agus éagsúlacht an tsoláthair ina iomláine, ag féachaint do riachtanais mheasta an oileáin agus ag an am céanna obair a dhéanamh go dlúth lena gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann. Tá a thuilleadh breathnaithe á dhéanamh, i gcomhthéacs uile-oileáin, faoin acmhainneacht maidir le breisfhorbairt LNG agus saoráidí stórála.
- 2.1.17 Níos faide ó bhaile, tá forbairt mhargaidh fheidhmiúil gháis Eorpaigh lárnach maidir le slándáil an tsoláthair agus praghsanna iomaíocha gáis a chinntiú do gach Ballstát. Leag imeachtaí a tharla le déanaí béim ar an ngá atá le cur chuige níos comhordaithe ón AE i dtaobh shlándáil an tsoláthair agus chun dlús a chur le léirscaoileadh margaidh gháis. Déanann Páipéar Glas Choimisiún na hEorpa cur síos ar phríomhthosaíochtaí i ndáil le hidirnascadh, léirscaoileadh agus slándáil na soláthairtí gáis, a dtugann an Rialtas lántacaíocht dóibh de réir leasanna straitéiseacha na hÉireann. Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh, trína roinn agus gníomhaireachtaí, ag tabhairt tacaíocht do thionscnaimh réigiúnacha san Eoraip agus go hidirnáisiúnta chun slándáil soláthar gáis na hÉireann a fheabhsú.

Aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht na mbreoslaí a úsáidtear laistigh den earnáil ghiniúna

Spriocanna beartais go hachomair

- Coinneofar cosc reachtúil ar ghiniúint núicléach
- 15% d'úsáid leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2010;
- 30% d'úsáid leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2020;
- Comhdhó suas le 30% a ghnóthú faoi 2015 ag stáisiúin mhóna, faoi réir srianta soláthair;
- Tionchar an spleáchais ar ghás nádúrtha le haghaidh giniúna cumhachta a mhaolú faoi 2020;
- Laghdú san éileamh ola le haghaidh giniúna cumhachta faoi 2020;
- Rogha de bhreisghiniúint ghuail a choinneáil faoi athbhreithniú, ag brath ar luas agus scála forbairtí teicneolaíochta agus srianta comhshaoil.

Comhthéacs agus ionstraimí beartais

2.1.18 Mar thoradh ar easpa hidrea-acmhainní suntasacha breise agus toirmeasc reachtúil ar ghiniúint núicléach, beidh ár spleáchas ar ghás nádúrtha do ghiniúint chumhachta ag 70 % faoi 2020, gan idirghabháil bheartais. Níl sé seo inbhuanaithe ó thaobh slándála soláthair de. Tá an Rialtas tiomanta don drochthionchar a imríonn spleáchas méadaitheach ar ghás san earnáil ghiniúna a mhaolú trí gach malairt réadúil atá ar fáil a chuimsiú.

2.1.19 Tá sé beartaithe ag an Rialtas toirmeasc reachtúil a choinneáil ar ghiniúint núicléach in Éirinn. Creideann an Rialtas, ar chúiseanna slándála, sábháilteachta agus acmhainneachta eacnamaíochta (agus ag cur costas oibríochta, caipitil, cothabhála, stórála dramhaíola agus díchoimisiúnithe san áireamh), nach mbeadh giniúint núicléach ina rogha cuí don tír seo. Déanfar dlúthmhonatóireacht ar fhorbairtí i ndáil le giniúint núicléach sa RA agus ballstáit eile de chuid an AE le linn na tréimhse, i dtéarmaí impleachtaí d'Éirinn.

Fuinneamh Núicléach

Tá toirmeasc dlíthiúil ar eamhnú núicléach um ghiniúint leictreachais in Éirinn faoin Acht um Rialáil Leictreachais 1999.

Táirgeann fuinneamh núicléach thart ar aon séú d'fhuinneamh príomhúil an domhain i bhfoirm 17% de leictreachas an domhain. Tá na céad stáisiúin chumhachta núicléacha ag druidim i dtreo dheireadh a saolré oibríochta. Tá aird úr á díriú ar fhuinneamh núicléach ar fud an domhain (lena n-áirítear, an RA agus roinnt Ballstát eile de chuid an AE).

Tá costais bhreosla núicléach sách íseal agus ní athraíonn siad mórán – agus thart ar 2% den chostas iomlán giniúna i gceist leo de ghnáth (20% tar éis próiseála agus saibhrithe, ach níl ach codán den fhiigiúr sin i gceist le gléasraí guail).

Bíonn costais caipitil an stáisiúin chumhachta féin, de ghnáth, thart ar thrí uaire níos airde ná costais caipitil gléasra bhreosla iontaise, áfach, mar thoradh, go príomha, ar na hábhair speisialta, gnéithe eile sábháilteachta agus trealamh rialúcháin a bhfuil gá leis.

Bíonn costais oibríochta agus cothabhála thart ar thrí uaire níos airde ná costais na stáisiún cumhachta breosla iontaise, chomh maith, agus tá méadú tagtha ar na costais sin, lena mbaineann imní méadaithe faoi shábháilteacht agus slándáil oibríochta.

Baineann breischostais le stóráil fadtréimhseach táirgí dramhaíola núicléiche agus costais díchoimisiúnaithe na stáisiún cumhachta núicléach ag deireadh a saolré úsáidigh oibríochta.

Maidir le córas leictreachais, ní bheadh sé inmhianaithe aonad mór bonnlóid núicléach (gnáthmhéid c. 1600MW) a chur le margadh beag oileáin lena mbaineann idirnascadh teoranta, ó thaobh stoc córais nó réimeas feidhmiúil de.

Chomh maith leis sin, ní socraíodh ar réiteach ar fhadhb na diúscartha dramhaíola núicléiche ar fud an domhain, agus tá faitíos méadaithe faoi ghníomhaíocht sceimhlitheoireachta.

- 2.1.20 D'fhéadfadh go mbeadh leathnú na hacmhainne reatha ghuail nó cur i bhfeidhm teicneolaíochta 'guail ghlain' ina ngnéithe luachmhara i meascán giniúna na hÉireann. I dtéarmaí na hacmhainne reatha ghuail, tá aifheistiú €368 milliún Moneypoint ceadaithe cheana féin ag an Rialtas d'fhonn cabhrú le ceanglais shuntasacha astuithe na Treorach um Ghléasraí Móra Dócháin a ghnóthú. Creideann an Rialtas, gur chóir dianmhachnamh a dhéanamh ar fhorbairtí leanúnacha a chur i bhfeidhm i dteicneolaíocht ghuail, i bhfianaise na heaspa saoráidí breise núicléacha nó hidrea-shaoráidí breise atá ar fáil mar roghanna beartais. Baineann mealltacht le gual, maidir le héagsúlacht i soláthar breosla a chothabháil inar féidir forlámhú carbóin a úsáid chun a tionchar comhshaoil a bhainistiú, toisc go bhfuil soláthar fada de ar fáil agus nach mbaineann sé le soláthairtí ola ná gáis i dtaobh praghais nó foinsí soláthair.

Teicneolaíocht ghuaill ghlain

Is mórdhúshlán teicneolaíochta é gual a dhó gan cur leis na leibhéil domhanda dé-ocsaíd carbóin. Déanann teicneolaíocht ghuaill ghlain cur síos ar ghiniúint nua próisis fhuinnimh a laghdaíonn astuithe air agus truailléin eile go fíorthapa i gcomparáid le córais níos sine um dhó guail. Tá roinnt modhanna ann ina bhfaightear gual glan:

- Is éard atá i gceist leis an teicneolaíocht ghuaill ghlain is mó a bhfuil gealladh fúithi, ar a dtugtar An Comh-Chiogal Comhtháite um Ghású (IGCC), ná gual a úsáid chun meascán hidrigine agus dé-ocsaíd carbóin a chruthú, trí ghás a dhó i dtuirbín cosúil le ceann CCGT agus an seachtháirge dé-ocsaíd carbóin a eascraíonn as a stóráil. Buntáiste eile a bhaineann le teicneolaíocht IGCC ná gur féidir comh-mheascáin sulfair agus nítrigine a bhaint ón ngás sula dtéann sé isteach sa tuirbín, rud a chiallaíonn go mbíonn na hastuithe an-ghlan ar fad.
- Is í teicneolaíocht ar leithligh, ar a dtugtar forlámhú carbóin, a úsáidtear chun dul i ngleic leis an acmhainneacht a bhaineann le gual chun dlús a chur le téamh domhanda trí ghás an cheaptha teasa. Baintear dé-ocsaíd charbóin as na gáis mhúcháin agus déantar é a phumpáil isteach i dtaiscumair faoi thalamh, nó isteach san fharraige nó uiscíocha sailine, in ionad é a scaoileadh san atmaisféar agus é á chur le téamh domhanda. Tugtar Gabháil agus Stóráil Charbóin (CCS) ar an bpróiseas sin. I roinnt cásanna, bíonn oibreoirí in ann breismhéideanna ola a aisghabháil trí phróiseas na pumpála carbóin chuig cheantair ola atá ag dul i laghad. Tugtar Aisghabháil Fheabhsaithe Ola (EOR) air sin. Mheas an Painéal Idir-Rialtais um Athrú Aeráide go bhfuil acmhainneacht ann chun astuithe reatha CO₂ 25 bliain a fhorlámhú ar cheann de na bealaí sin.
- Oibríonn an gléasra sárchriticiúil trí bhrú agus teocht an ghail ghinte a ardú go dtí coinníollacha atá níos airde ná coinníollacha criticiúla, agus éifeachtacht ghléasra cumhachta á méadú chomh maith le níos mó leictreachais a ghiniúint ó níos lú guail agus astuithe CO₂ a laghdú i gcomparáid le gnáthghléasra ('fochriticiúil'). Baineann leibhéal éifeachtachta thart ar 42% le córais reatha, a dtugtar ardchoirí sárchriticiúla orthu. Meastar gur féidir astuithe CO₂ a ghearradh le 23% trí cheann de na córais nua a chur in ionad coire ar an tseanstíl, a oibríonn ag thart ar 30% éifeachtachta. Déanann na coirí nua éascaíocht do bhithmhais a chur leis an meascán breosla chomh maith. Léiríonn figiúirí tionscail gur féidir leis an mbithmhais astuithe a laghdú faoi bhreis is 20%.

Meastar go méadóidh cur i bhfeidhm an CCS ar tháirgeadh leictreachais sa RA, faoi choinníollacha 2002, costais ghiniúna leictreachais faoi thart ar €0.01 – 0.04/ kWh, ag brath ar an mbreosla, an teicneolaíocht shonrach, an suíomh agus imthosca náisiúnta. Ar na táirbhí a bhaineann le EOR, áirítear, laghdú breischostais táirgthe leictreachais dlite don CCS faoi thart ar €0.01 go dtí 0.02 /kWh.

Meastar go bhféadfadh margadh an domhain um theicneolaíochtaí guail ghlain a bheith €725 billiún ar a laghad a bheith i gceist le don 15 bliain, nó mar sin, amach romhainn. Léirigh tuartha na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh go nginfear 38% éigin de leictreachas an domhain ó ghual faoin mbliain 2020. Níl sé soiléir, faoi láthair, cén céatadán den leictreachas sin a bheidh i gceist le gual glan.

- 2.1.21 Braithfidh an acmhainneacht a bhaineann le húsáid ghuail a leathnú sa mheascán breosla ar luas agus scála na forbartha teicneolaíochta agus leibhéal na srianta carbóin, a bheidh i bhfeidhm sa tréimhse 2012-2020. Is rogha é seo a bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas coinneáil faoi athbhreithniú.
- 2.1.22 Tugann úsáid bhithmhaise chun críche comhdhó le móin éagsúlacht bhreise isteach sa mheascán breosla agus tacaíonn an Rialtas leis an scóip a bhaineann leis an úsáid sin. Creidtear go bhfuil scóip theicniúil chun suas le 30% bithmhaise a chomhdhó ag na trí stáisiún reatha giniúna mhóna. Measadh gur féidir leis an ngníomh sin astuithe a laghdú faoi suas le 500,000 tona in aghaidh na bliana. Leathnóidh comhdhó úsáide mhóna sa mheascán breosla chomh maith do roinnt mhaith blianta. Tógadh na gléasraí nua móna chun éascaíocht a dhéanamh d'úsáid bhreoslaí eile agus tá trialacha teicniúla ar bun. Tá nádúr agus méid na gníomhachtaí a bheadh ag teastáil chun an acmhainneacht sin a ghóthú á mheas ag an Rialtas go leanúnach.
- 2.1.23 Mhéadaigh úsáid ola na hÉireann go han-tapa mar thoradh ar mhéadú eacnamaíoch agus tá sí anois ar an tríú tír is mó úsáide ola per capita san AE. Is í an fhoinsé is ceannasaí in Éirinn, lena mbaineann scair 56% de cheanglas fuinnimh phríomhúil na tíre, agus dlús mór á chur ag an earnáil iompair leis. Tá an Rialtas tiomanta do bhearta maolúcháin a chur i gcrích chun úsáid ola in iompar a laghdú, éagsúlacht níos mó breosla a ghnóthú i nginiúint leictreachais agus gníomhartha a dhéanamh i dtaobh éifeachtacht fuinnimh agus bainistíocht éilimh.
- 2.1.24 Baineann acmhainneacht mhór le hÉireann maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh. Tá an Rialtas tiomanta don leas is fearr a bhaint as an acmhainneacht sin agus méadú suntasach a spreagadh i bhfuinneamh in-athnuaite i rith na tréimhse suas go dtí 2020. Shocraigh an Rialtas sprioc nua don bhliain 2010, is é sin, go bhfreastalóidh fuinneamh in-athnuaite ar 15% d'úsáid leictreachais, chomh maith le sprioc bhreise 30% den úsáid faoin mbliain 2020. Pléitear na dreasachtaí a bhaineann le raon leathan teicneolaíochtaí in-athnuaite a thuilleadh i Roinn [2.3.10]
- 2.1.25 Cuirfidh foinsí in-athnuaite le spriocanna na héagsúlachta bhreosla agus slándála soláthair. Beidh an scéim um Fhótha In-Taraife Fuinnimh In-Athnuaite ina léiriú ar an sásra dreasachta is tábhachtaí le haghaidh tógála na giniúna nua in-athnuaite. Is taca fíorthábhachtach é an scéim REFIT leis na spriocanna uailmhianacha um dhul chun cinn na bhfoinsí in-athnuaite trí dhreasachtaí a chur ar fáil do raon leathan teicneolaíochtaí in-athnuaite, lena n-áirítear hidri-theicneolaíochtaí agus teicneolaíochtaí bithmhaise.
- 2.1.26 Léiríonn na ceantanna an Táirgeora Chumhachta Neamhspleáiche Fíorúla Glaise (GVIPP), arna fhógairt ag an CER in 2006, sásra eile tábhachtach a thacaíonn leis an earnáil seo. Cuirfidh na ceantanna ar chumas na soláthróirí ceadúnaithe glasa a gcuid foinsí giniúna glaise a mhéadú trí thairiscintí ráithiúla a dhéanamh chun leictreachas a cheannach.

A chinntiú go soláthraítear leictreachas agus gás do theaghlaigh agus ghnólachtaí thar líonraí atá leordhóthaineach agus iontaofa

Spriocanna beartais go hachomair

- Cláir reatha fhorbartha líonra a sheachadadh i leictreachas agus gás de réir sceidil.
- An píblíne gháis Theas-Thuaidh le críochnú ag deireadh na bliana 2006;
- Gníomhartha le tacaíocht a thabhairt don éagsúlacht bhreosla is fearr, a mbeidh an Staidéar Greille Uile-Oileáin in 2007 mar bhonn eolais acu;
- Cur i gcrích de chlár reatha líonra leictreachais in-athnuaithe a chinntiú; agus
- Staidéar greille uile-oileáin a úsáid mar bhonn eolais do pleanáil agus forbairt a dhéanann an TSO agus Rialtóirí ar an gcóras tarchuir i dtacaíocht fhoinsí in-athnuaite ó 2007 i leith

Comhthéacs agus ionstraimí beartais

- 2.1.27 Tá méadú eacnamaíoch agus daonra na hÉireann ag cur dlús leis an ngá leis an mbonneagar leictreachais agus gáis a leathnú agus a uasghrádú go suntasach i rith na meántréimhse. Tá an Rialtas tiomanta, ar bhonn fadréimhseach, do na sócmhainní straitéiseacha sin faoi úinéireacht stáit. Tá an Rialtas dírithe, chomh maith, trína ghníomhaireachtaí éagsúla, ar chinnte a dhéanamh de go ndéantar an fhorbairt agus athchóiriú riachtanach bonneagair ar bhonn tráthúil, go ndéantar go cuí é agus go ndéantar é a rialú de réir caighdeáin idirnáisiúnta sábháilteachta, teicniúla agus costais. Ba chóir, chomh maith, soláthar agus cur i gcrích na forbartha líonra a dhéanamh ag úsáid na teicnícíochtaí is éifeachtaí ó thaobh costais de d'fhonn luach ar airgead a chinntiú don cháiniócoir agus don tomhaltóir.
- 2.1.28 Tacaíonn an Rialtas le leathnú leanúnach ar líonra gáis na hÉireann agus forbairt an líonra sin ar bhonn uile-oileáin. Tá an margadh náisiúnta gáis ag teacht chun aibíochta i dtéarmaí leathnaithe eacnamaíoch i réimsí nua. Tá na mórcheantair uirbeacha (Corcaigh, Baile Átha Cliath, Luimneach, Gaillimh, Port Láirge) nasctha leis an líonra, chomh maith leis an gcuid is mó de na lárionaid daonra laistigh de scóip eacnamaíoch an líonra reatha. Tabharfaidh críoch beartaithe na píblíne gháis Theas-Thuaidh ó Bhaile Mhic Gormáin go dtí Béal Feirste faoi dheireadh 2006 tacaíocht fhiorthábhachtach d'fhorbairt líonra gháis ar bhonn uile-oileáin. Tacaítear leis seo trí mhaoiniú de €12.7m ó Státchiste na hÉireann. Leanfar ar aghaidh ag breathnú ar ról gáis maidir le cinntiú na forbartha réigiúnaí a mheasúnú, nuair is praiticiúil go heacnamaíoch. Tá píblíne ó Mhaigh Eo go Gaillimh á tógáil d'fhonn críochfort gáis beartaithe na Coiribe a nascadh leis an bpríomhlíonra gáis agus tá sí le tabhairt chun críche in 2007. Tá an méid thuas curtha i gcrích i gcomhthéacs an chinnidh a rinne an CER le déanaí chun beartas athbhreithnithe BGE a cheadú maidir le nascadh leis an líonra gáis nádúrtha. Tá measúnú á dhéanamh ag BGE ar na bailte a d'fhéadfadh a bheith laistigh de raon eacnamaíoch na píblíne sin. Tabharfar faoi staidéar féideartha agus anailís ar shochair chostais maidir le píblíne fhéideartha chuig Bhaile Dhún na nGall trí Shligeach, mar chuid den Staidéar um Ghás don Iarthuaisceart. Táthar ag súil le toradh an staidéir sin faoi dheireadh 2006.
- 2.1.29 Tacaíonn an Rialtas leis an mórchlár infheistiúchta atá curtha i bhfeidhm agus beartaithe i leictreachas ag Úinéir na Sócmhainní Tarchuir, Líonraí BSL. Tá breis is 346,400 nasc nua leis an gcóras leictreachais curtha i gcrích ón mbliain 2000 i leith. Tá sé beartaithe ag Líonraí BSL, i rith na tréimhse 2006 go dtí 2010, €470 milliún sa bhreis a infheistiú sa líonra tarchuir ardvoltais agus €2,278m a infheistiú sa líonra leithdháilte. Mar thoradh ar an

infheistíocht sin agus ar ghluaiseacht ó mheánvoltais tuaithe go dtí oibríocht 20kV, meastar go laghdóidh caillteanais ó leibhéil reatha, mar chéatadán leictreachais a leithdháiltear agus go sábhálfá 132 GWh de giniúint sheachanta.

2.1.30 Tugann an Rialtas tacaíocht do bhearta chun a chinntiú go bhfreastalaíonn líonraí leictreachais, ar bhealach optamach eacnamaíoch agus teicniúil, ar leibhéal méadaithe giniúna in-athnuaite go dtí 2020 agus ina dhiaidh sin. Déanfaidh an Staidéar Greille Uile-Oileáin a comhchoimisiúnaíodh le Tuaisceart Éireann, measúnú ar an acmhainneacht acmhainne do theicneolaíochtaí éagsúla ar oileán Éireann in 2020, ar an méid ar féidir freastal a dhéanamh ar ghiniúint inseolta go páirteach, neamhsheolta agus neadaithe, roghanna forbartha líonra agus impleachtaí eacnamaíocha na roghanna iarmhartacha beartais. Tabharfar an staidéar criticiúil seo chun críche in 2007 agus beidh sé mar bhonn eolais don phleanáil agus forbairt a dhéanann an TSO agus Rialtóirí ar an gcóras tarchuir agus é ag tabhairt tacaíochta d'fhoinsí in-athnuaite ó 2007 i leith.

2.1.31 Tá an Rialtas ag cinntiú, trína ghníomhaireachtaí, go gcuirtear gníomhartha i gcrích chun acmhainneacht na bhfoinsí in-athnuaite ar scála beag a ghnóthú. Tá SEI ag tabhairt faoi anailís áirithe i ndáil le córais mhéadrúcháin agus luacha saothair a chuireann coireáil leordhóthaineach agus chothromach ar fáil do ghineadóirí agus oibreoirí córais. Déanfaidh SEI an méid seo a leanas:

- Anailís ar chumas na giniúna leictreachais in-athnuaite agus scála bhig CHP chun íocaíocht leordhóthanach a ghnóthú dá n-allmhairithe;
- Athbhreithniú ar chaighdeáin nasctha agus ar an bpróiseas nasctha do ghineadóirí níos lú; agus
- Anailís ar na himpleachtaí a bhaineann leis an margadh singil leictreachais do ghiniúint leictreachais ar scála beag agus moltaí maidir leis an mbealach is fearr chun éascaíocht a dhéanamh do mhicrighiniúint.

Infheistíochtaí a spreagadh in acmhainní amach ón gcósta trí thimpeallacht mhealltach a chruthú

Spriocanna beartais go hachomair

- Cur chun cinn leanúnach maidir le hÉirinn mar shuíomh do thaiscéalaíocht ola agus gháis;
- Luach soláthairtí ola nó gáis ar bith a fhaightear a uasmhéadú do mhuintir na hÉireann
- Na nósanna imeachta rialála agus socruithe institiúideacha maidir le hola agus gás a thabhairt isteach ón gcósta a leasú agus a chomhdhlúthú;
- Ba chóir go mbunaíodh an Rialtas creat foirmiúil rioscaí do mhórtionscadail
- Athbhreithniú ar théarmaí ceadúnais (fioscach agus neamhfioscach) a thabhairt chun críche le linn 2006.

Comhthéacs agus ionstraimí beartais

2.1.32 Tá an Rialtas tiomanta d'acmhainneacht tráchtála na n-acmhainní ola agus gáis atá ar fáil amach ón gcósta in Éirinn a ghnóthú. Chomh maith le slándáil mhéadaithe soláthair, baineann tairbhí soch-eacnamaíocha eile le foinse dhúchasach gáis atá iontaofa agus daingean.

- 2.1.33 Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag tabhairt spreagadh d'infheistíocht i dtaiscéalaíocht ola agus gháis in imthosca lena mbaineann ardphraghsanna ola domhanda, agus laghdú leanúnach tháirgeadh Chionn tSáile. Tá an Rialtas spreagtha ag dul chun cinn teicneolaíochta i réimse taiscéalaíochta forbairt pheitрилaim chomh maith.
- 2.1.34 Tá roinnt míbhuntáistí tromchúiseacha ag Éirinn maidir le taiscéalaíocht amach ón gcósta i gcomparáid le suímh eile. Áirítear orthu sin, doimhneacht uisce, gníomhaíocht toinne, easpa bonneagair agus fad ón gcladach, lena mbaineann sirtheoireacht an-íseal (4 tobar a dearbhaíodh mar thobair thráchtála as 121 druileáilte, le 35 bliain anuas). Ba chóir a nótáil, áfach, nár druileáladh ach 9 tobar taiscéalaíochta ó iarthar na hÉireann le deich mbliana anuas agus rinneadh dhá fhionnachtain mhóra an t-am sin – réimse gáis na Coiribe in Imchuach Léime (1996) agus bailiú comhdhlútháin gháis na Dubhaise in Imchuach Rockall (2002). D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na míbhuntáistí sin, tá roinnt dreasachtaí curtha i bhfeidhm ag an Rialtas, a bhfuil tionscnamh réimis iomláin reachtúil um chánachas peitрилiam agus tionscnamh Téarmaí cuí Ceadúnais ar na príomhdreasachtaí acu sin.
- 2.1.35 D'fhonn braistintí diúltacha a dhíchuir, ghlac an Rialtas páirt le déanaí i mórstaidéir ar mheasúnacht acmhainne réigiúnaí, a rinne cainníochtú ar acmhainneacht na hola agus an gháis nach nochtadh in iarthar na hÉireann. Tá an acmhainneacht acmhainne seo atá le fáil fós suntasach agus cuireann sé an réigiún ar an dul le cúigí imeallchríche taiscéalaíochta Imeall an Atlantaigh. Déanfar é seo a mhéadú tuilleadh le hanailís eile a choimisiúnaigh an Roinn maidir leis an tábhacht agus an luach a bhaineann le gás dúchasach. Scrúdóidh an anailís seo ról an stórála agus malairtí eile ról na stórála agus malairtí eile atá de dhíth chun na rioscaí a bhaineann le staid dheireadh an tslabhra soláthair na hÉireann a chur ar ceal.
- 2.1.36 Rinne Éire an t-athbhreithniú deireanach ar a téarmaí fioscacha um thaiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacharbóin sa bhliain 1992 agus a téarmaí neamhfhioscacha in 1987. I bhfianaise go bhfuil méadú faoi thrí tagtha ar phraghsanna ola agus an chinnteacht mhéadaithe maidir le hacmhainneacht hidreacharbóin uiscí Atlantaigh na hÉireann ón tréimhse sin, creideann an Rialtas go bhfuil cás ann chun an réimeas reatha a athrú. Caithfidh an réimeas fioscach a bheith forásach a dhóthain chun freastal a dhéanamh ar éagsúlachtaí i bpraghsanna ola agus gháis amach anseo agus ar ardchostas na taiscéalaíochta agus forbartha doimhinuisce amach ón gcósta in Éirinn. Chuir an Rialtas tús le próiseas le déanaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim reatha fioscach i gcónasc leis an Roinn Airgeadais.
- 2.1.37 Tá an Roinn i mbun oibre i monatóireacht na taiscéalaíochta peitрилiam agus oibríochtaí táirgthe chun a chinntiú go bhfuil an Stát go hiomlán ar an eolas maidir leis na gníomhaíochtaí sin agus go mbaineann sé lánleas astu.
- 2.1.38 Ag eascair as an Athbhreithniú Neamhspleách ar Shábháilteacht ar an gcuid de phíblíne gháis na Coiribe atá ar an gcósta, rinneadh roinnt tuarascálacha a fhoilsiú in 2006. Ba é an chéad cheann ná an tAthbhreithniú ar Shábháilteacht é féin, arna dhéanamh ag Advantica, na comhairligh a ceapadh chun an t-athbhreithniú a dhéanamh. Ba é an dara ceann ná tuarascáil ó Ghrúpa Comhairle Teicniúil na Coirib. Rinne sí seo roinnt de mholtaí le cois na moltaí a rinne Advantica, a ghlac an tAire agus an Forbróir agus táthar á gcur i

bhfeidhm. Ba é an tríú ceann nó tuarascáil ar cheisteanna iniúchta agus monatóireachta. Tá dul chun cinn de dhíth ar roinnt gníomhartha a bhaineann le maoirseacht agus rialú tionscadal den sórt seo ón Rialtas dá bharr, go sonrach, forbairt de chreat formheasa riosca-bhunaithe maidir le déanamh cinntí ar an gcineál seo de bhonneagar sa todhchaí. Áirítear ar ghníomhartha eile, bunú de réiseam iniúchta neamhspleách agus forbairt de chreat soiléir d'fhorbróirí acmhainní hidreacarbóin a chuimsíonn caighdeáin teicniúla, ceanglais sábháilteachta agus nósanna imeachta formheasa agus dréachtú de Lámhleabhar Tráchtála d'fhorbróirí ionchasacha.

Tionchar aon chuir isteach ar sholáthar fuinnimh a mhaolú trína chinntiú go bhfuil bearta teagmhasacha i bhfeidhm.

Spriocanna beartais go hachomair

- Pleananna leordhóthaineacha agus comhtháite teagmhasacha a chothabháil agus a athbhreithniú go rialta don earnáil fuinnimh;
- An Gníomhaireacht um Stoc Náisiúnta Ola (NORA) a bhunú mar chomhlacht reachtúil
- Go mbainfidh NORA leas is fearr is féidir a bhaint as stoic ola faoi úinéireacht faoi réir acmhainní airgeadais NORA, fáil stórála agus luach ar airgead.
- Leas straitéiseach na hÉireann in nGrúpaí Comhordaithe IEA/AE a chur chun cinn maidir le Slándáil an tSoláthair
- Athbhreithniú ar na comhaontuithe déthaobhacha stoicsheilbhe i gcomhthéacs forbairtí IEA/AE; conclúid de chomhaontuithe nua mar is gá

Comhthéacs agus ionstraimí beartais

- 2.1.39 Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil pleananna teagmhasacha i bhfeidhm chun iarmhairt aon chuir isteach ar sholáthar leictreachais a mhaolú. Thug an Roinn Forléargais cuntas ar chleachtas reatha maidir le pleanáil theagmhasach agus stocsheilbh agus cúltacaí laistigh den earnáil fuinnimh.
- 2.1.40 Aithníonn an Rialtas go n-éilíonn na naisc idir margaí gáis agus leictreachais, atá ag éirí níos dlúithe de réir a chéile, cur chuige comhtháite maidir le bainistíocht theagmhasach. Is é gás nádúrtha an phríomhfhoinsé bhreosla i nginiúint chumhachta anois (agus 45% de mheascán an bhreosla ghiniúna i gceist leis in 2004). Tá gá le cur chuige comhordaithe maidir le pleanáil éigeandála leictreachais agus gháis, dá bharr sin, a chosnóidh iontaofacht an dá chóras i gcásanna éigeandála ar cheachtar líonra.
- 2.1.41 Bhunaigh an CER Tascfhórsa um Nósanna Imeachta Éigeandála ag tús 2005, a bhfuil an Roinn, an CER agus oibreoirí córais leictreachais agus gáis mar chuid de. Leanfaidh an Tascfhórsa ar aghaidh ag cur le nósanna imeachta atá dírithe ar iontaofacht na líonraí gáis nó leictreachais a chosaint i gcás éigeandála. Chuirfeadh an plean sin le pleananna aonair córais éigeandála, ach ní chuirfí in ionad na bpleananna sin é. Tá sé beartaithe ag an Tascfhórsa a chéad tuarascáil agus moltaí a thabhairt chun críche faoin bhFómhar 2006. De bharr na neamhchinnteachta maidir le soláthairtí gáis, bunaíodh Grúpa Comhardaithe Gháis an AE, chomh maith, chun éascaíocht a dhéanamh do chomhordú slándála an tsoláthair agus na mbearta éigeandála ar fud an AE agus glacfaidh an Roinn páirt ghníomhach sa Ghrúpa sin.

- 2.1.42 I bhfianaise an spleáchais reatha shuntasaigh ar ola allmhairithe don tír, cinnteoidh an Rialtas go leanfar ar aghaidh le cur chuige stuama a úsáid maidir le stocsheilbh ola. Tá an cur chuige sin go háirithe tábhachtach ó thaobh an méid a bhraitheann Éire ar allmhairithe farraige-iompartha, agus an méid a bhraitear ar stoic thionscail agus stóráil thar lear d'fhonn cur le ceanglais idirnáisiúnta stocsheilbhe. Tá an Gníomhaireacht um Stoic Náisiúnta Ola (NORA) le bunú mar chomhlacht neamhspleách aonair faoi reachtaíocht phríomhúil. Treiseoidh Bille na Gníomhaireachta um Stoic Náisiúnta Ola 2006 éifeachtacht na réimeas um choimeád stoc agus déanfaidh sé foráil d'fheidhmeanna agus freagrachtaí mionsonraithe an Aire agus na Gníomhaireachta i ndáil le stocsheilbh.
- 2.1.43 Tugadh faoi athbhreithniú iomlán ar cheanglais Dhéthaobhacha Stocsheilbh Ola na hÉireann le trí bliana anuas. Socraíodh ar Chomhaontuithe Déthaobhacha nua leis an tSualainn (2003) agus an Ísiltír (2005) mar thoradh ar an athbhreithniú sin; rinneadh Comhaontuithe reatha leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Danmhairg a nuashonrú in 2005; tá an comhaontú reatha leis an mBeilg á phlé faoi láthair agus cuireadh tús le plé leis an bhFrainc maidir leis an gComhaontú reatha idir Éire agus an Fhrainc a nuashonrú.
- 2.1.44 Tá an Beartas um Stocsheilbh Náisiúnta Ola faoi athbhreithniú faoi láthair. Aithnítear go bhfuil gá leis na stoic straitéiseacha atá i seilbh NORA a athchothromú i bhfábhar stoc faoi úinéireacht. Chomh maith leis sin, creideann an Rialtas gur chóir toirteanna na stoc straitéiseach faoi úinéireacht NORA a choimeádtar in Éirinn a uasmhéadú, ag féachaint d'fháil stórála ar an oileán agus luach ar airgead. Déantar foráil do choigeartú ar an tobhach faoi fhorálacha Bhille na Gníomhaireachta um Stoic Náisiúnta Ola.
- 2.1.45 Tá an Roinn, i gcomhar le Ranna Rialtais agus, Tionscail Ola ag forbairt a chéad *"Lámhleabhar maidir le Bearta Teagmhasacha um Chur Isteach ar Sholáthar Ola"*, a chuirfidh síos ar shocruithe pleanála teagmhasaí do mhórchur isteach ar sholáthar ola a théann i bhfeidhm ar Éirinn agus ar an reachtaíocht ábhartha agus na nósanna imeachta ginearálta a thacaíonn leis an bpróiseas déanta cinní agus atá mar bhonn eolais don phróiseas sin. Táthar ag súil go dtabharfar an Lámhleabhar sin chun críche agus go bhfoilseofar roimh dheireadh 2006 é.
- 2.1.46 Ó thaobh cúrsaí níos ginearálta de, tá an Oifig Pleanála Éigeandála (An Roinn Cosanta) ag comhordú tograí chun na nósanna imeachta a bhaineann le ceapadh pearsanra déanta príomhchinní, soghluaiseacht chumarsáide éifeachtaí agus socruithe comhordúcháin ar fud an Rialtais i gcás éigeandála.

Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na spriocanna beartais agus na gníomhartha beartais um Shlándaíl an tSoláthair:

Slándáil an tSoláthair

Cuspóir beartais

- A chinntiú gur féidir le soláthar fuinnimh freastal ar éileamh amach anseo;
- Slándáil na soláthairtí gáis don tír seo a chinntiú;
- Aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht na mbreoslaí a úsáidtear laistigh den earnáil ghiniúna;
- Leictreachas agus gás a sheachadadh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí thar líonraí atá leordhóthaineach agus iontaofa;
- Infheistíochtaí a spreagadh i mbonneagar fuinnimh trí thimpeallacht mhealltach a chruthú; agus

Tionchar aon chuir isteach ar sholáthar fuinnimh a mhaolú trína chinntiú go bhfuil bearta teagmhasacha i bhfeidhm.

Spriocanna beartais

- An dara idirnascóir leictreachais Thuaidh-Theas a sheachadadh faoi 2012.
 - Idirnascóir Leictreachas Thoir-Thiar a sheachadadh faoi 2012.
 - Eascróidh 15% d'úsáid leictreachais as foinsí in-athnuaite faoi 2010; tá 30% le gnóthú faoi 2020.
 - Comhdhó suas le 30% ag stáisiúin ghiniúna mhóna faoi 2015
 - Tá an phíblíne Theas-Thuaidh le críochnú faoi dheireadh 2006.
 - Dul chun cinn le déanamh ar mhargadh uile-oileáin agus margadh Singil Leictreachais le tabhairt isteach in 2007.
- Bunú NORA mar chomhlacht neamhspleách

Gníomh beartais

- Cosc a choinneáil ar ghiniúint núicléach
 - Margadh fuinnimh uile-oileáin agus Margadh Singil Leictreachais a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dóibh.
 - Staidéar uile-oileáin a choimisiúnú d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar slándáil an tsoláthair gháis idir an mhéantréimhse agus an fhadtréimhse ar oileán na hÉireann (le críochnú in 2006)
 - Staidéar Greille Uile-oileáin a dhéanamh chun tacaíocht a thabhairt d'mhéadú in-athnuaite (le críochnú in 2007).
 - Meascán cuí gléasraí bonnlóid agus solúbtha a chinntiú chun éascaíocht a dhéanamh do bhreismhéadú in-athnuaite.
 - Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás a bhaineann le leithdháileadh an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 le haghaidh tarchuir straitéisigh agus tionscadal um idirnascadh -
 - Coimisiúnú le déanamh ag an Roinn in 2006 do thuarascáil um shlándáil na soláthairtí ola d'Éirinn
 - Athbhreithniú ar an mBeartas um Stocsheilbh Náisiúnta Ola le críochnú faoi dheireadh 2006
 - Bainfear an leas is fearr as stoic ola á gcoimeád ag NORA faoi réir fáil stórála, achmhainni arigid NORA agus luach ar airgead
 - Foilsiú "Lámhleabhar maidir le Bearta Teagmhasacha um Chur Isteach ar Sholáthar Ola", roimh dheireadh 2006 é.
 - Piar-athbhreithniú ar staidéar réimis fhioscaigh amach ón gcósta a chríochnú faoi dheireadh 2006.
 - Athbhreithniú ar théarmaí ceadúnais amach ón gcósta faoi dheireadh 2006
- Monatóireacht leanúnach le déanamh ag Tascfhórsa CER um Nósanna Imeachta Éigeandála ar fheabhsúcháin ar phleananna teagmhasacha

2 An Creat Beartais

2.2 INBHUANAITHEACHT AN tSOLÁTHAIR FHUINNIMH A CHUR CHUN CINN

2.2.1 Beidh cinntiú an mhéadaithe uailmhianaigh leanúnaigh ar acmhainní inbhuanaithe fuinnimh ina phríomhchuspóir beartais fuinnimh don tréimhse suas go dtí 2020. Cabhróidh leibhéal beartaithe cuir i bhfeidhm an fhuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear, bithfhuinneamh, chun a chinntiú go mbaineann a thuilleadh éagsúlachta, iontaofachta agus inbhuanaitheachta le soláthar fuinnimh na hÉireann faoi 2020. Leagann an comhairliúchán "*Fís 2020 um Fhuinneamh Inbhuanaithe*" a thugadh faoi i gcomhar le Tuaisceart Éireann tograí amach um chomhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite laistigh de Mhargadh Fuinnimh Uile-Oileáin. Leiríonn sé príomhghné de bheartas fhuinneamh an dhá Rialtais amach anseo.

Beidh ceithre ghné mar chroílár an chuir chun cinn a dhéanann an Rialtas i dtaobh soláthair inbhuanaithe fhuinnimh:

- Aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide trí astuithe fuinneamh-ghaolmhara an cheaptha teasa a laghdú;
- Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt foinsí malartacha fuinnimh trí dreasachtaí a sholáthar;
- Éileamh a laghdú trí éifeachtacht fuinnimh agus bearta caomhnúcháin a threisiú;
- Clár taighde agus forbartha a sheachadadh a thacóidh le dul chun cinn teicneolaíochta san earnáil.

Cabhrú le haghaidh a thabhairt ar athrú aeráide trí astuithe gáis fuinnimh-ghaolmhara an cheaptha teasa a laghdú

Spriocanna beartais go hachomair

- Úsáid foinsí in-athnuaite a ghnóthú mar chomhréir úsáide leictreachais: 15% faoi 2010; 30% faoi 2020; agus
- Sprioc in-athnuaite uile-oileáin a leagan síos faoi lár 2007
- An méid atá le cur leis an gcomhairle ar Athbhreithniú NCCS a chur i gcrích in 2006
- Tascfhórsa Aireachta ar Bithfhuinneamh a bhunú chun gníomhaíocht a chomhordú ar fud na Ranna uile
- An méid atá le cur le hAthbhreithniú an AE ar oibriú na Scéime do Bharraí a thabhairt chun críche
- Plean Gnímh Bithfhuinnimh Náisiúnta a thabhairt chun críche
- Méadú suntasach a dhéanamh ar an méid atá le cur le bithfhuinnimh in iompar agus teas

Comhthéacs agus ionstraimí reatha beartais

2.2.2 Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide (NCCS) i mí Dheireadh Fómhair 2000 mar bhonn do bheartas agus gníomh an Rialtais maidir le hathrú aeráide. Rinneadh athbhreithniú ar an Straitéis le déanaí, a bhfuil sí mar aidhm aige féachaint ar na forbairtí ón uair sin, agus déanann sé

imscrúdú ar roghanna um maolú breise astuithe gáis an cheaptha teasa a ghnóthú amach anseo. Tá sé á fhoilsiú d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do chomhairliúchán poiblí sula n-ullmhaítear Straitéis athbhreithnithe Náisiúnta um Athrú Aeráide sna míonna amach romhainn.

- 2.2.3 D'aontaigh an AE, faoi Phrótacal Kyoto, laghdú suntasach a ghnóthú sna hastuithe iomlána don tréimhse 2008–12. Is é an cúnamh a thabharfaidh Éire do thiomantas an AE ná teorainn a chur lena n-astuithe gáis cheaptha teasa ionas nach mbeidh níos mó ná 13% os cionn leibhéil 1990 i gceist leo in 2008-2012. D'fhonn an cuspóir fadtréimhseach a ghnóthú, is é sin, nár chóir do theochtaí domhanda 2°C os cionn leibhéil réamhthionscail a shárú, léirigh an Chomhairle go bhfuil gá le páirtithe na dtíortha forbartha bealaí laghdúcháin a mheas, san ord 15-30% faoi 2020 i gcomparáid le leibhéil 1990.
- 2.2.4 Tháinig Prótacal Kyoto i bhfeidhm i mí Feabhra 2005, a bhfuil na spriocanna um laghdú astuithe ar aontaigh tíortha forbartha orthu, lena n-áirítear, Éire, ina gceanglais anois mar thoradh air. Chomh maith le spriocanna ceangaltacha a spreagadh, rinne teacht i bhfeidhm an Phrótacail trí shásra a thabhairt isteach – trádáil idirnáisiúnta astuithe, comhchur i bhfeidhm agus sásra na forbartha glaine – chun cúnamh a thabhairt do Pháirtithe maidir lena spriocanna um laghdú astuithe a bhaint amach.
- 2.2.5 Déanann athbhreithniú ar an NCCS an méid cabhrach a chuireann na bearta reatha ar fáil gach bliain (na cinn sin a glacadh nó a cuireadh i bhfeidhm roimh mhí an Mhárta 2006) a mheas i rith na tréimhse 2008 - 2012, measúnú a léirítear sa tábla thíos. Ar an iomlán, is féidir a bheith ag súil le meánlaghduithe bliantúla 8 milliún tona CO₂e ag baint úsáid as na bearta reatha.

Beart	Meánlaghdú Bliantúil 2008-2012 (milliún tona CO₂e)
Leasú CAP – díchúpláil iomlán	2.40
Foraoisiú	2.08
Treoir RES-E	1.30
Giniúint nó bladhmhadh cumhachta gáis líonta talún	0.70
Comhaontú deonach an AE/ déantóirí gluaisteáin	0.48
Rialacháin Tógála	0.30
Bearta tráchta Bhaile Átha Cliath (m.sh. Tollán Phort Bhaile Átha Cliath)	0.27
Faoiseamh máil bhithbhreosla	0.25
Cur i bhFeidhm na Treorach Líonta Talún	0.06
Nuachóiriú an líonra gháis nádúrtha	0.06
Mótarchánachas / lipéadú breosla	0.05
Iomlán	7.95

Leiríonn teilgin go mbeidh meáneasnamh bliantúil 7.174 milliún tona CO₂e i ndán d'Éirinn maidir lena sprioc Kyoto i rith na tréimhse 2008-2012, fiú, má bhíonn na beartais nó na bearta sin reatha i bhfeidhm nó má bhítear ag súil go gcuirtear i bhfeidhm iad faoi 2012. Go hachomair, is féidir an t-easnamh sin (a dtugtar an 'fad leis an sprioc' air) a shárú trí:

- o bearta breise le cinneadh ag an Rialtas, i dteannta leis na bearta sin a léiríodh thuas;
- o laghduithe astuithe, nó ceannach liúntais charbóin in ionad laghduithe, trí shuiteálacha atá rannpháirteach i Scéim Trádála an AE; agus
- o úsáid sásraí solúbtha Phrótacal Kyoto ag an Rialtas chun creidmheasa a cheannach le haghaidh laghduithe carbóin.

2.2.6 Chinn an Rialtas, i mí an Mhárta 2006, faoi chomhréir 'fad le sprioc' na hÉireann a mbeidh rannpháirtithe i Scéim Trádála Astuithe an AE freagrach as. Bhí gá leis an gcinneadh sin a dhéanamh ionas go bhféadfaí an Plean Náisiúnta Leithdháilte (leithdháileadh na liúntas astuithe i measc na rannpháirtithe) a thabhairt chun críche faoi spriocdháta lár na bliana um chur faoi bhráid Choimisiún an AE. Mar a léirítear sa tábla thíos, beidh an earnáil sin freagrach as 3.02 milliún tona CO₂e in aghaidh na bliana de chuid an 'fad leis an sprioc' náisiúnta, trí mheascán de laghduithe inmheánacha astuithe nó ceannach liúntas.

Mill tona in aghaidh na bliana	Earnáil na Trádála Astuithe	An chuid eile den gheilleagar	IOMLÁN
Meánastuithe bliantúla 2008-2012 gan aon ghníomh	25.658	44.548	70.206
Scair an laghdaithe	3.02	4.154	7.174
Sprioc	22.638	40.394	63.032

2.2.7 Leiríonn an tábla go mbeidh iarmhéid an fhaid leis an sprioc, i.e. 4.154 milliún tona in aghaidh na bliana, mar fhreagracht ag an gcuid eile den gheilleagar. Glacfar aon bhearta um astuithe a laghdú sna hearnálacha éagsúla lena mbaineann ina áireamh sin, i dteannta na gcinn a leagtar amach sa tábla. Gnóthóidh ceannacháin na gcreidmheasa carbóin ag an Rialtas aon iarmhéid nach gcomhlíontar. Cuireann sásraí solúbtha Phrótacal Kyoto ar chumas na Rialtas roghanna réasúnacha eacnamaíoch a dhéanamh idir laghduithe astuithe dúshasacha nó ceannacháin chreidmheasa um laghduithe in áiteanna eile ar domhan.

2.2.8 Aithníonn an Rialtas go bhfuil na costais a bhaineann le laghduithe astuithe a ghnóthú ard, i roinnt earnálacha, i gcomparáid leis an gcostas chun creidmheasanna a cheannach in ionad laghduithe astuithe. Beidh sé tábhachtach, mar sin, iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna beartais sin a sheachadann laghduithe atá éifeachtach ó thaobh costais de, ionas nach gcuirtear ualach díréireach ar earnálacha aonair sa gheilleagar. Léiríonn an anailís earnála go bhfuil bearta éagsúla ar fáil, a sheachóidh sineirgíocht ar fud roinnt earnálacha. Déanfar measúnú ar bhearta, chomh maith, maidir leis an méid ar féidir leo cabhrú le cuspóirí eile beartais a ghnóthú nó maidir leis

an seans gur féidir leo dul i gcoimhlint le cuspóirí reatha beartais. Ní mór go mbeidh na cuspóirí lena mbaineann costais shuntasacha inchosanta don Rialtas i dtéarmaí a n-iamhairte dearfaí ar chuma eile.

- 2.2.9 Chabhraigh earnáil fuinnimh na hÉireann go mór le hastuithe CO₂ a laghdú trí athruithe ar an meascán breosla, úsáid mhéadaithe an fhuinnimh in-athnuaite agus feabhsúcháin éifeachtachta fuinnimh, agus fianaise á léiriú ar threocht laghdaitheach ó 2001 i leith.
- 2.2.10 Tá Éire saibhir ó thaobh fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana agus fuinneamh in-athnuaite féidéartha. Creideann an Rialtas go mbeidh forbairt agus cur i bhfeidhm straitéiseach na n-acmhainní sin ar bhealach comhtháite mar phríomhthréith den bheartas. I bhfianaise an chinnidh gan saoráidí núicléacha a fhorbairt agus i bhfianaise neamhaibíocht roinnt foirmeacha teicneolaíochta guail ghlain, is léir go nglacfadh foinsí in-athnuaite ról lárnach maidir le spriocanna athraithe aeráide an Rialtais a ghnóthú. Laghdófar déine charbóin an táirgthe leictreachais de réir a chéile, le húsáid níos mó á baint as fuinneamh in-athnuaite agus athsholáthar seanghléasra ghiniúna le saoráidí nua-aimseartha giniúna cumhachta i rith na tréimhse suas go dtí 2020.
- 2.2.11 Leanfaidh teicneolaíocht ghaoithe de bheith chun cinn sa ghearrthréimhse. Tá dúshláin ann maidir le hoiriúnachtaí a dhéanamh do mhéideanna móra gaoithe nó aon teicneolaíocht eatramhach eile ar chóras leictreachais oileáin. Cuirfidh an t-idirnascadh Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar cúltaca breise fíorthábhachtach ar fáil don chóras greille chun tacaíocht a thabhairt do theicneolaíocht den chineál sin. Soláthróidh an Staidéar Greille uile-oileáin, atá le tabhairt chun críche in 2007, léargas riachtanach ar shaincheisteanna a bhaineann le méadú na bhfoinsí in-athnuaite i rith na meántréimhse.
- 2.2.12 Forbrófar an méid a chuireann bithfhuinneamh (bithmhais, bithbhreoslaí) le héileamh teasa agus iompair go córasach i rith na tréimhse. Cinnteoidh an Tascfhórsa Aireachta um Bithfhuinneamh, atábunaithe cheana agus atá an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ina Chathaoirleach air (féach an bosca ag alt 1.2.34), go dtabharfar faoi chur chuige comhordaithe maidir le hacmhainn náisiúnta a fhorbairt sa réimse bithfhuinnimh, lena n-áirítear, aghaidh a thabhairt ag an am céanna ar ghnéithe uile an tslabhra luacha (i.e. tairgeoir, próiseálaí agus tomhaltóir) lena mbainfidh sochair earnála níos leithne.
- 2.2.13 Déanfaidh an Tascfhórsa maoirseacht ar chríochnú Phlean Ghnímh Náisiúnta Bithfhuinnimh in 2006 agus cuirfidh sé dlús leis. Leagfaidh an Straitéis sin amach treoir do bhithfhuinneamh go dtí 2020, lena n-áirítear, bithbhreoslaí agus cinnteoidh sí cur chuige comhtháite chun sochair a sheachadadh ar fud na n-earnálacha talmhaíochta, comhshaoil, fiontair, iompair agus fuinnimh. Beidh an straitéis mar bhonn eolais maidir le socrú spriocanna dúshlánacha don tréimhse 2010 – 2020 i bhfianaise fhorbairtí an AE.
- 2.2.14 Mar chuid de Straitéis an AE do Bhithbhreoslaí, déanfaidh an AE athbhreithniú ar an Scéim Barraí Fuinnimh le linn 2006. Tá pleananna ann fosta do scéim deontais maidir le cur shaileach roschoille gearruainíochta.
- 2.2.15 Léirítear uailmhianta maidir le fuinneamh in-athnuaite sa chomhthiomantas, ó Thuaidh agus ó Dheas, d'inbhuanaitheacht fuinnimh uile-oileáin a fheabhsú

suas go dtí 2020. Tabharfaidh an tiomantas sin aghaidh, chomh maith, ar na dúshláin eachnamaíocha agus teicniúla i dtaobh oiriúnachtaí a dhéanamh do theicneolaíochtaí éagsúla sna córais ghreille. Socrófar spriocanna uile-oileáin d'fhoinsí in-athnuaite i rith na bliana 2007.

Forbairt foinsí malartacha fuinnimh a spreagadh trí dhreasachtaí a sholáthar

Spriocanna beartais go hachomair

- Leictreachas: Úsáid foinsí in-athnuaite a ghnóthú mar chomhréir leictreachais: 15% faoi 2010; 30% faoi 2020;
- Iompar: 2% bithbhreoslaí faoi 2008 agus 5.75% úsáid bithbhreoslaí faoi 2010;
- CHP: Sprioc 350MW faoi 2010;
- Teas: Ba chóir go n-eascródh 5% de na breoslaí in úsáid le haghaidh ceannacháin teasa as foinsí in-athnuaite faoi 2010 (a n-eascródh 50% díobh as bithmhais)
- Éire a dhéanamh mar lárionad feabhais do R&D i bhFuinneamh Aigéin;
- Tuilleadh taighde ar bhithbhreoslaí dara giniúna agus spriocanna faoi leith do bhithbhreoslaí 2010-2020;
- Tionscnaimh eile chun cur i bhfeidhm theicneolaíochta marlartaí a spreagadh i dtithe agus tionscal; agus
- DAFF chun breathnú ar mhéadú leasa a spreagadh i mbarraí fuinnimh trí athbhreithniú a dhéanamh ar dhreasachtaí sa bhaile agus san AE.

Comhthéacs agus ionstraimí reatha beartais

Gaoth

2.2.16 Tá an Rialtas tiomanta do sheachadadh spriocanna uailmhianacha um fhoinsí in-athnuaite. Cuireadh tacaíocht an Rialtais do thionscadail fuinnimh in-athnuaite ar fáil roimhe seo trí thairiscintí iomaíocha faoin gclár AER. D'fhógair an Rialtas i mí Mheán Fómhair 2005, tar éis comhairliúchán a dhéanamh, go n-athródh an sásra tacaíochta go dtí córas taraife praghaís sheasta (REFIT). Tacófar le 400 MW, ar a laghad, d'acmhainn nua in-athnuaite faoin scéim. Cuirfear scéim REFIT i bhfeidhm in 2006 agus soláthraíonn sé dreasachtaí díreacha um fhorbairt saoráidí nua in-athnuaite. Tá sé beartaithe go mbeidh an tionscnamh sin lárnach maidir lena chinntiú go ngnóthaítear sprioc 15% an Rialtais faoi 2010 agus sprioc 30% faoi 2020 agus soláthraíonn sé bonn don sprioc 30% a bhaint amach faoi 2020 fad is nach mbíonn deacrachtaí teicniúla dosháraithe ann.

2.2.17 Is léir go dtiocfaidh formhór sprioc 2010 de 15% maidir le leictreachas in-athnuaite as feirmeacha gaoithe talún. Tá riachtanas aitheanta ann, áfach, maidir le méadú a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite atá ar fáil d'úsáid tráchtála le dul i dtreo sprioc uailmhianach 2020 de 30%. Is réimse é fuinneamh in-athnuaite ina bhfuil forbairt agus nuálaíocht teicneolaíochta ard agus ina bhfuil acmhainneacht mhaith do réimsí teicneolaíochta cosúil le gaoth amach ón gcósta, tonnta agus feistí thaoidmheara agus an raon leathan de theicneolaíochtaí bithmhaise chun forbairt go dtí céim go bhféadfadh úsáid shuntasach tráchtála a tharlú. Is í an aidhm bheartais a beidh againn ná na teicneolaíochtaí seo a thacú agus a fhorbairt trí na céimeanna cuí taighde, forbartha agus taispeána agus ansin bogadh ar aghaidh go dtí léibéil úsáide tráchtála nuair a bheidh na riochtaí margaidh i gceart.

2.2.18 Creideann an Rialtas go seachadfaidh an scéim REFIT sochair ábhartha eacnamaíocha agus comhshaoil, le himeacht ama, do gheilleagar na hÉireann. Áirítear orthu sin, forbairt leictreachais ghlain dhúchasaigh a spreagadh atá cineálta don chomhshaoil; dreasachtaí a dhéanamh i gcomhair laghdaithe móir in astuithe gháis cheapadh teasa ón earnáil leictreachais san ord 500,000 in aghaidh na bliana; agus costais sheachanta suas le breis is €20 milliún gach bliain a sheachadadh ar an mbealach sin do cheadúnais astuithe gás cheaptha teasa suas go dtí spriocleibhéil 2010 (bunaithe ar 1.3 Mt. coigiltis ó fhoinsí in-athnuaite agus €15/tonne CO₂ leitheadach).

Bithmhais

2.2.19 Tabharfaidh an Tascfhórsa Aireachta um Bithfhuinneamh an Plean Gnímh Náisiúnta Bhithfhuinnimh chun críche faoi dheireadh 2006. Forbrófar an plean sin i gcomhthéacs Phlean Gnímh Bithmhaise Choimisiún na hEorpa, a leagann amach treoir d'fhorbairt na hearnála ar fud na hEorpa. Déanfaidh an Plean measúnú ar spriocanna optamacha maidir le dul chun cinn teas bithmhaise, leictreachas agus iompar bithbhreosla sa mhargadh. Socróidh sé spriocanna, chomh maith, do na hearnálacha teasa in-athnuaite agus iompair go ginearálta suas go dtí 2020. Tá iarracht shuntasach fhoiristithe ina chomhábhar tábhachtach maidir le bunábhar soláthair a dhaingniú do thionscnaimh bhithmhaise.

2.2.20 Baineann suntas le hacmhainneacht bhithmhaise in Éirinn. Is iad na buntáistí a bhaineann le bithmhais mar rannpháirtí i nginiúint leictreachais ná go bhfuil sí le fáil laistigh den tír, go bhfuil sé in-athnuaite agus inseolta, i.e. ar fáil ar éileamh mar fhoinsé giniúna. Tá cúnamh deontais 30% á sholáthar, faoi láthair, ag an gclár deontas Bithmhaise chun an chostais a bhaineann le coirí bithmhaise a shuiteáil. Oibríonn an Roinn Talmhaíochta agus Bia scéim deontais chun foraoiseacht inbhuanaithe agus córas tacaíochta um cheannach saintrealaimh bhainte bhithmhaise adhmaid a chur chun cinn agus a fhorbairt.

Bithfhuinneamh agus Bithbhreoslaí

Bithfhuinneamh Tagraíonn bithfhuinneamh d'fhuinneamh a fhaightear ó: Dramhaíl – cuimsíonn fuinneamh ó bhithmhais dramhaíola táirgeadh teasa, breoslaí agus/nó leictreachais ó dhramhaíl talmhaíochta agus bhargasach. Féadfaidh gás aisghafa líonta talún, bithghás a tháirgtear trí dhíleá anaeróbach séarachais, sciodair thalmhaíochta agus comhábhar orgánach na dramhaíola tionscail agus uirbí agus dóchán dlúthdramhaíola bardasaí a bheith i gceist le fuinneamh;

Barraí agus foraoiseacht – is iad na trí phríomhfhoinsí fuinnimh ó bhithmhais ná iarmhar foraoise, iarmhar tionscail adhmaid agus barraí fuinnimh gearruainíochta. Is í bithmhais an foinse is sine de na foinsí fuinnimh in-athnuaite. Is í an phríomhúsáid a bhaintear as in Éirinn, ná mar adhmabhreosla i gcomhair teas teaghláigh agus teas próisis, a bhfuil díreach níos lú ná 1% den éileamh iomlán fuinnimh phríomhúil i gceist leis. Tá margadh fadbhunaithe ann do ghiniúint 'ghnásúil' cumhachta tionscail nó CHP, agus úsáid á baint as bithmhais. Tá a thuilleadh R&D agus taispeántais ag teastáil i gcomhair teicneolaíochtaí gásúcháin;

BithbhreoslaíBithbhreoslaí leachtaithe – Is breoslaí iompair iad bithbhreoslaí leachtaithe, go príomha, bithdhíosal agus bitheatánól, a phróiseáiltear ó bharraí talmhaíochta agus stoc cothaithe eile in-athnuaite agus a mbaineann astuithe CO₂ i bhfad níos ísle leo ná na breoslaí iontaise. Déantar an chuid is mó den bhithdhíosal san AE a phróiseáil, faoi láthair, ó shíolta ola, síol ráibe agus ola lus na gréine, cé gur féidir bithdhíosal a dhéanamh ó tháirgí saille ainmhithe agus ola glasraí dramhaíola. Déantar bitheatánól a phróiseáil ó raon barraí, lena n-áirítear, cruithneacht, biatas siúcra, agus sorgam millis. Chomh maith le gáis an cheaptha teasa a laghdú, táirgeann bithbhreoslaí leachtaithe astuithe i rith dócháin nach bhfuil comh dochrach céanna le hastuithe breoslaí iontaise. Is é stoc cothaithe an príomhghné chostais a bhaineann le táirgeadh bithbhreosla. Meastar go laghdóidh costais táirgthe bhreosla, áfach, mar thoradh ar stoc cothaithe níos saoire má dhéantar níos mó taighde.

- 2.2.21 Is cuid lárnach í forbairt na mbithbhreoslaí de bheartas an Rialtais chun inbhuanaitheacht a fheabhsú. Cuirfidh bithbhreoslaí le gnóthú laghduithe astuithe san earnáil iompair, de réir na Straitéise Náisiúnta um Athrú Aeráide. Féadfaidh bithbhreoslaí cabhrú le beartais bhainistíochta dramhaíola freisin. I dteannta na dtairbhí comhshaoil sin, cuireann bithbhreoslaí deiseanna suntasacha ar fáil do phobail tuaithe le haistriú go dtí fás barraí fuinnimh. Spreagadh suim úr san acmhainneacht a bhaineann le barraí fuinnimh mar thoradh ar leasú an Chomh-Bheartais Talmhaíochta, tionscnamh na hÍocaíochta Singil Feirme agus leasú an réimis siúcra. Ar deireadh, cabhróidh forbairt earnála bithbhreoslaí le héagsúlacht bhreoslaí trí fhoinsí breosla in-athnuaite dúshasaigh a fhorbairt.
- 2.2.22 Leagann Treoir an AE um Bithbhreoslaí spriocanna táscacha amach um dhul chun cinn 2% na mbithbhreoslaí sa mhargadh don bhliain 2005 agus 5.75% don bhliain 2010. Tá Éire ag tosú ó bhunlíne sa réimse sin, mar an gcéanna leis an gcuid is mó de thíortha agus ghlac Coimisiún an AE le tiomantas Éireann do sprioc 2% a bhaint amach faoi 2008. Leagfaidh an Rialtas sprioc 5.75% amach um dhul chun cinn na mbithbhreoslaí sa mhargadh de réir Threoir an AE. Bunóidh an Tascfhórsa Aireachta spriocanna do 2020, agus forbairtí ag leibhéal AE chomh maith le teorainneacha ar tháirgeadh intíre á nglacadh san áireamh acu. Déanfaidh sé imscrúdú, chomh maith, ar an méid ar féidir le bithbhreoslaí dara giniúna cabhrú le spriocanna níos fadtréimhsí in Éirinn, a mbaineann aeráid fhabhrach léi um fhás amhábhair thábhachtacha, cosúil le bithmhais adhmaid.
- 2.2.23 Beidh meascán de bhithbhreoslaí allmhairithe agus bithbhreoslaí a tháirgtear sa tír de dhíth chun sprioc 5.75% a ghnóthú agus patrúin reatha úsáidte talún chomh maith le teorainneacha ar theicneolaíocht bhithmhaise á gcur san áireamh. Gnóthófar sprioc 2010 trí chláir bhreise mháil nó oibleagáid bithbhreoslaí a chur i bhfeidhm ar sholáthróirí breosla. Bheadh toradh 2.5% ar 10% den achar curaíochta faoi bheartais reatha úsáidte talún. Beidh athrú suntasach i mbeartais úsáidte talún i gceist chun 5.75% a ghnóthú faoi 2010 agus is cosúil go mbainfeadh leibhéal allmhairithe leis.
- 2.2.24 Tá sé beartaithe ag Coimisiún na hEorpa, i gcomhthéacs athbheithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Treoir um Bithbhreoslaí, tuarascáil a ullmhú in

2006 a dhéanfaidh iniúchadh ar chur i bhfeidhm na Treorach i mBallstáit agus ar bhearta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm amach anseo.

- 2.2.25 Tabharfaidh Plean Gnímh Náisiúnta Bithfhuinnimh an Rialtais aghaidh ar na beartas is cuí atá le déanamh chun an sprioc 5.75% a ghnóthú, agus forbairtí ag leibhéal AE á gcur san áireamh. Rachaidh sé i ngleic chomh maith leis na margaí teasa agus leictreachais agus fachtóirí soláthair agus éilimh bhithmhaise á gcur san áireamh.
- 2.2.26 Spreagann beartas reatha úsáid na dtáirgí talmhaíochta san earnáil bhithbhreosla. Féadtar seachtháirgí sna tionscail phróiseála feirmeoireachta agus bia a aisghabháil agus a úsáid i mbealaí éagsúla mar bhithbhreoslaí. Leathnaíodh an Clár Spreagtha Taighde de chuid na Roinne Talmhaíochta agus Bia a sholáthraíonn maoiniú chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail tosaíochta taighde maidir le bithbhreoslaí. Tá tograí á meas ag an Rialtas anois maidir le tús a chur le deontais bunúcháin do miscanthus agus roschoill gearruainíochta. Ina theannta sin, tá Teagasc ag déanamh taighde, leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, a bhfuil an acmhainneacht do raon forbartha barraí (síolta ola, cruithneacht, biatas siúcra) dearbhaithe cheana féin aige maidir le déantús bithbhreoslaí. Méadaíodh an scóip d'fhorbairt mar thoradh ar athruithe i réimis gránaigh agus biatais siúcra, nuair is féidir, mar shampla leis na barraí seo leas a bhaint as teidlíochtaí atá curtha ar leataobh faoin Scéim Íocaíochta Feirme Singile nuair a fhástar iad mar bharraí neamhbhia. D'éiligh an Rialtas go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpréimh atá iníochta faoi Scéim Barraí Fuinnimh an AE d'fhonn a aimsiú nach leor é chun dreasachtaí a chur ar fáil d'fhás barraí fuinnimh. Gheall Coimisiún an AE go dtabharfaidh sé faoi athbhreithniú ar oibriú na scéime.
- 2.2.27 Chuir an scéim phiolótach um fhaoiseamh cánach ola mianraí 2005 tús le forbairt earnáil bithbhreoslaí dúshasacha na hÉireann. Leathnaigh an tAire Airgeadais an scéim faoisimh i mí na Nollag 2005 nuair a chuir sé buiséad 2006 i láthair. Cuireann an scéim faoiseamh máil os cionn €200m ar fáil thar thréimhse cúig bliana, agus cuirfear tús leis in 2006. Táthar ag súil go dtacóidh an faoiseamh sin le húsáid agus táirgeadh 163 milliún lítear (+-) de bhithbhreoslaí in aghaidh na bliana in Éirinn, nuair a bheidh sé go hiomlán i bhfeidhm agus go mbeidh 2% de bhreoslaí iompair i gceist leis faoin mbliain 2008.
- 2.2.28 Tá an Rialtas tiomanta, chomh maith, d'athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh eile bheartais chun infheistíocht agus úsáid bhithbhreoslaí a spreagadh. Mar shampla, beidh tacaíocht airgeadais á cur ar fáil ag Fuinneamh Inmharthana Éireann do ghlantionscadail ola phlandaí, d'fhonn cabhrú le monatóireacht ar dhea-chaighdeán agus mionathruithe innill.
- 2.2.29 Maidir leis an tréimhse níos faide, i ndiaidh 2010, aithníonn an Rialtas go mbeidh tábhacht na mbithbhreoslaí mar ghné de bheartais chomhshaoil iompair an AE ag méadú de réir a chéile agus dul chun cinn á dhéanamh. Beidh gá le leibhéal cinnteachta infheistíochta ionas go mbeidh Éire in ann leas a bhaint as deiseanna a thagann chun cinn san earnáil. Ní mór an gá atá le cinnteacht den sórt sin a aithint chun iniúchadh a dhéanamh, tríd an Tascfhórsa Aireachta Bithfhuinnimh, ar na bearta bheartais is cuí le sprioc méadaithe a ghnóthú. Ar na roghanna atá ann, áirítear, cláir bhreise um fhaoiseamh máil, nó oibleagáid ar sholáthróirí chun comhréir áirithe

bithbhreoslaí a chur ar an margadh thar thréimhse shocraithe. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gceadaítear "sainorduithe" – ina gceanglaítear ar sholáthróirí breosla céatadán bithbhreosla a tháirgeadh i ngach lítear breosla a dhíoltar – faoi láthair faoi dhlí an AE. Tá na dlíthe sin agus roghanna eile beartais á meas faoi láthair ag Coimisiún an AE agus agus féachfaidh aon treoir bheartais a roghnaíonn an Rialtas d'fhorbairtí ag leibhéal an AE.

- 2.2.30 Ar deireadh, tá ról lárnach ag an obair a dhéanann Fuinneamh Inmharthana Éireann maidir le gnóthú na gcuspóirí inbhuanaitheachta go ginearálta. Tá maoiniú suntasach á chur ar fáil d'Fhuinneamh Inmharthana Éireann in 2006 chun cláir um chaomhnú fuinnimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus chun úsáid na bhfoinsí malartacha fuinnimh a chur chun cinn. Mar shampla, díreáir tacaíocht airgeadais, laistigh de Chlár Taighde, Forbartha agus Taispeántais SEI – 'Tithe don Lá Amárach', ar spreagadh a thabhairt d'fhorbróirí tithíochta, idir nua-thógtha agus athchóirithe, lena mbaineann cnuasacha de 5 teaghlach nó níos mó, chun gnéithe dearaidh agus teicneolaíochta a ionchorprú, gnéithe a sheachadfaidh feidhmíocht i bhfad níos fearr fuinnimh agus CO₂.
- 2.2.31 Is cur chuige nua tábhachtach don earnáil teasa é an pacáiste "Tithe níos Glaise". Áirítear sa scéim, maoiniú do choirí agus sornóga millín adhmaid agus slisadhmaid agus teicneolaíochtaí teaschaidéail agus grianchaidéail. Déanfar an scéim a rolladh amach, ar dtús, ar feadh cúig bliana agus tacóidh sé leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite i mbreis is 10,000 teaghlach. Táthar ag súil go sábhálfad an scéim 25,000 tona CO₂ in aghaidh na bliana faoina bhliain dheireanach. Tá léibhéal ard de ghlacadh cheana maidir leis na raon de theicneolaíochtaí in-athnuaite atá clúdaithe sa scéim. Tá méadú seasta á léiriú sna hearnálacha gréine agus teaschaidéail agus tá tóir mhéadaitheach i measc iarrthóirí deontais ar an earnáil teasa bithmhaise atá ag teacht chun cinn. Tabharfaidh an scéim a thuilleadh tacaíochta do mhéadú na n-earnálacha sin agus beidh líonra agus caighdeán uile-oileáin um oiliúint suiteáilithe ina bhonn aici. Tá aghaidh á tabhairt ar roinnt saincheistanna teicniúla agus riaracháin a bhaineann le giniúint micreaghaoithe agus CHP i rith na gearrthréimhse, ag féachaint do chur i gcrích na dteicneolaíochtaí sin a mhéadú chomh maith. Déanfar dlúthmhonatóireacht ar an scéim chun forbairt leanúnach margaidh bríomhair a chinnntiú le haghaidh na dteicneolaíochtaí nua sin, lena n-áireofar, líonra agus caighdeán uile-oileáin um oiliúint suiteáilithe.

CHP/ Micrea-CHP

- 2.2.32 Is foirm fhíoréifeachtúil giniúna fuinnimh í Teas agus Fuinneamh in éineacht toisc go mbailíonn sí teas agus leictreachas i bpróiseas amháin. Baineann ceann de na leibhéil is ísle úsáidte CHP san AE le hÉireann (2.4% in 2004). I bhfianaise easpa tacaíochta breise chun cabhrú le dul chun cinn CHP, bhíodhas ag súil go leanfadh acmhainn ar aghaidh ag méadú go mall nó go laghdódh sé, fiú, mar thoradh ar raon fachtóirí, lena n-áirítear, praghsanna neamhfhábharta breosla, ardmhuirir nasctha agus neamhchinnteacht infheistíochta. Tá an Rialtas tiomanta d'úsáid CHP ardéifeachtach in Éirinn a mhéadú trí aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar a úsáid atá ann faoi láthair. Tacóidh an scéim deontas a fógraíodh le déanaí do CHP ar scála beag agus CHP bithmhaise ar scála mór leis an tionscnamh seo. Tá an clár CHP ag soláthar deontais 30% i dtreo suiteáil saoráidí CHP ar scála beag, a chuireann

an acmhainn ar fáil do thionscail níos lú chun a leictreachas féin a ghiniúint agus an teas a ghintear ón bpróiseas sin a úsáid. Tá deontais á gcur ar fáil chomh maith do CHP ar scála níos mó trí bhithmhais. Ar na tionscnaimh ar leithligh atá ann chun úsáid níos leithne CHP a chur chun cinn, áirítear, imscrúdú an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh ar na constaicí fisiciúla agus rialála a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bheith mar gineadóir CHP agus obair SEI ar fheachtas suntasach faisnéise faoi na tairbhí a bhaineann le CHP.

Aigéan

- 2.2.33 Tá ceann de na hacmhainní fuinnimh aigéin, is mó a bhfuil gealladh fúithi, le fáil in Éirinn. Tá Éire ag bogadh chun tosaigh maidir le forbairt na hacmhainne sin. Seoladh an Straitéis Náisiúnta um Fhuinneamh Aigéin i mí Aibreáin 2006, straitéis a bhaineann le forbairt an fhuinnimh aigéin. Molann an straitéis gur chóir an luas a ghéarú i dtaobh chur i gcrích na dteicneolaíochtaí fuinnimh aigéin in Éirinn tríd an acmhainn le haghaidh taighde agus forbairt a mhéadú, laistigh d'institiúidí acadúla agus aonáin tráchtála a fhorbraíonn feistí in Éirinn. Sainmhíníodh straitéis struchtúrtha céimnithe forbartha – cuirfidh seachadadh na straitéise seo ar chumas na hÉireann úsáid a bhaint as a hacmhainn fuinnimh aigéin laistigh de dheich mbliana. Cuireadh feiste um thástáil mhúnlaí scála i gcrích i gcéad chéim na straitéise cheana féin, ag láithreán tástála sa Spidéal, Contae na Gaillimh. Mheas an Roinn ina cáipéis, Fuinneamh Aigéin in Éirinn, in éineacht le SEI go bhféadfaí 84 MW d'acmhainn shuiteáilte a bheith ann faoi 2020, a thiocfadh in ionad 90,000 tona CO₂.
- 2.2.34 Tá margadh an teaschaidéail ag leathnú go mear in Éirinn, agus an earnáil intíre ag cur dlús leis an éileamh, go háirithe, sa deighleog nua féintógtha den mhargadh. Bheadh an chuid is mó de na hiarratais go dtí seo ag baint úsáide as an talamh mar fhoinsé teasa le bailitheoirí cothrománacha, ach tá an tóir ar theaschaidéail aeir ag méadú de réir a chéile, go háirithe i dtionscadail ina bhfuil teorainn ar spás. Ba ionann díolacháin agus thart ar 1500 aonad in 2004, feabhsú suntasach ar an mbliaín roimhe sin (+50%). Cuireann aiseolas ón tionscal in iúl gurbh é 2005 an bliain ab fhéarr go dtí seo agus le tionscnamh na Scéime Deontais um Thithe níos Glaise, go sáróidh 2006 aon súil atá ann. Mhéadaigh líon na gcuideachtaí a bhfuil teaschaidéail á sholáthar acu ó dhornán imreoirí go dtí breis is 130 soláthróir i mbliana.
- 2.2.35 Tá borradh faoin margadh gréine teirmeach chomh maith. Measadh gurbh ionann díolacháin in 2004 agus 2000 m² de ghrianphainéil teirmeacha (+42% le linn 2003). Tuairiscíonn an tionscal méadú ollmhór san éileamh arís in 2005, agus na féintogálaithe ar na cinn is fuinniúla. Is fiú a thabhairt faoi deara go ndearnadh roinnt suiteálacha móra anuraidh i bhfoirgnimh thráchtála agus foirgnimh phoiblí (m.sh. Institiúid Taighde Comhshaoil Chorcaí), rud a mhéadaigh na huimhreacha arís. Tá an earnáil ag athrú ag luas tapa ón soláthróir aonair fhuinniúil go dtí córas leithdháilte atá fioreagraithe, agus scair shuntasach á glacadh ag ceannaithe teasa agus pluiméireachta agus ag conraitheoirí móra. Is léir, cheana féin, go n-imreoidh an Scéim Deontais um Thithe níos Glaise tionchar mór ar dhíolacháin.

Éileamh a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh agus bearta caomhnúcháin a threisiú Spriocanna beartais go hachomair

Spriocanna beartais go hachomair

- Phlean Gnímh um Éifeachtacht Fuinnimh a fhorbairt chun le feabhsú 20% a chur i bfeidhm in éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020.

Comthéacs agus ionstraimí reatha beartais

- 2.2.36 Is tosaíocht mhór don AE agus d'Éirinn í éifeachtacht fuinnimh. D'fhéadfadh éifeachtacht fheabhsaithe fuinnimh a bheith ar an modh is saoire agus is glaine chun astuithe gáis an cheaptha teasa agus costais fuinnimh do thomhaltóirí a lagdú, idir teaghlaigh agus ghnólachtaí araon. Cuireann éifeachtacht fuinnimh le raon cuspóirí beartais náisiúnta, lena n-áirítear, slándáil an tsoláthair, iompar inbhuanaithe, fuinneamh inacmhainne, iomaíochas eacnamaíoch, úsáid éifeachtúil acmhainní agus feabhsúcháin chomhshaoil, go háirithe maidir le carbón. Áireofar ar na tairbhí eile, i dtéarmaí táirgí agus seirbhísí atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, forbairt maidir le poist agus fás a chruthú san earnáil fuinnimh. Beidh ról ag taighde agus nuálaíocht chomh maith.
- 2.2.37 Cé go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar rátáil déine fuinnimh na hÉireann ar an iomlán, le cúig bliana déag anuas níl amhras ar bith ann nach bhfuil tuilleadh feabhsaithe de dhíth. Thar an tréimhse 1990-2004 d'fhás OTN le 140% agus d'fhás an ceanglas fuinnimh phríomhúil iomlán (TPER) le 59% agus astuithe fuinneamh-bhunaithe CO₂ le 45%. Cé gur chuir fás méar OTN agus athruithe struchtúrtha ar an ngeilleagar leis an treocht seo, chuaigh an méadú a éifeachtacht gléasra úr san earnáil ghiniúna leictreachais chomh maith le méadú ar mhéideanna de ghiniúint fuinnimh in-athnuaite go mór leis an bhfeabhas seo.
- 2.2.38 Measann an AE ina pháipéar glas ar éifeachtacht fuinnimh le déanaí *'Doing More With Less'* go bhféadfadh an AE mar iomlán 20% dá úsáid reatha fuinnimh a shábháil i mbealach a bheadh éifeachtúil ó thaobh costais de. Tá an Rialtas tiomanta mar cuid dá fhreagartha ar dhúshlán an AE maidir le héifeachtacht fuinnimh margadh a chinntiú, a spreagann taighde agus infheistíocht leanúnach i mbearta ar mhéadú éifeachtachta fuinnimh.
- 2.2.39 Forbróidh an Rialtas Plean Gnímh um Éifeachtacht Fuinnimh i mbliana a chuirfidh leis an méid atá bainte amach go dtí seo, a dhíreoidh ar na réimsí sin ar féidir leo níos mó a bhaint amach agus a thacóidh le cuspóirí an AE. Leagfaidh sé sin bearta daingne amach chun laghdú 20% san éileamh fuinnimh a sheachadadh faoi 2020 i gcomhthéacs Éireannach ina mbeadh thart ar 3 Mtoe in aghaidh na bliana i gceist leis sin faoin dáta sin. Sprioc idirmheánach is ea coigiltis 1 Mtoe a ghnóthú i rith na naoi mbliana ó mhí Eanáir 2008 i leith, rud a threoróidh Éire i dtreo na Treorach um Sheirbhísí Fuinnimh a chomhlíonadh. Beidh díbhinn fhéideartha choigiltis mór i gceist don gheilleagar i rith na tréimhse agus tacóidh sé le fás agus le cruthú post. Bainfidh sé an méid sin amach trí na bearta seo a leanas a úsáid:
- cur i bfeidhm na dTreoracha AE um fheidhmíocht fuinnimh sna foirgnimh agus éifeachtacht úsáide deiridh agus seirbhísí fuinnimh;

- cur chun cinn na húsáide teasa agus cumhachta in éineacht trí scéimeanna nua agus cinn atá ann cheana;
- soláthar clár um éifeachtacht fuinnimh mar chuid de na Cláir Oibríochta Réigiúnacha 2007-2013;
- cur leis an acmhainn taighde agus forbartha agus nuálaíochta in éifeachtacht fuinnimh agus i dtiontú teicneolaíochta;
- obair a dhéanamh le húdaráis i dTuaisceart Éireann maidir le dul chun cinn a sheachadadh ar chur chuige uile-oileáin maidir le héifeachtacht fuinnimh;
- spreagadh tionscnamh um Bainistíocht Taoibh Éilimh chun uaséileamh leictreachais a laghdú; agus
- tabhairt faoi mórfheachtas náisiúnta um éifeachtacht fuinnimh i rith na tréimhse 2006 – 2009, ag díriú ar thomhaltóirí aonair, gnólachtaí, an earnáil phoiblí agus iompar.

2.2.40 Tá ról ar leith ag an Stráitéis Náisiúnta Spásúla maidir le cabhrú le spriocanna astuithe a ghnóthú in Éirinn. Cuireann an Straitéis, ar foilsíodh é in 2002, creat fiche bliain ar fáil do phleanáil an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tá an acmhainneacht ag pleanáil mhaith spásúla chun tionchar tairbheach comhshaoil a sheachadadh i réimsí cosúil le hiompar agus cur chuige ginearálta iomlánaíoch maidir le forbairt leanúnach spásúla.

Éifeachtacht fuinnimh agus an timpeallacht tógtha

- Rinne an Rialtas athbhreithniú ar Rialacháin Tógála i mí an Mheithimh 2002 d'fhonn foráil a dhéanamh d'fheidhmíocht theirmeach agus caighdeán inslithe níos airde do theaghlaigh. Cuireadh na caighdeán níos airde sin, ar measadh san NCCS go gcuirfí i bhfeidhm in dhá chéim iad (2001 agus 2005), i bhfeidhm i gcéim amháin le héifeacht ón 1 Eanáir 2003.
- Rinne an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil a thuilleadh leasuithe ar na Rialacháin Tógála i mí na Nollag 2005, chun Airteagail 3, 4 agus 5 den Treoir um Fheidhmíocht Fuinnimh i bhFoirgnimh a aistriú go páirteach agus chun feidhmíocht theirmeach/caighdeán inslithe níos airde a ionchorprú d'fhoirgnimh nua neamhtheaghlaigh (oifigí, siopaí, monarchana, ionaid fóillíochta nua srl.) a gcuirfear tús leo an 1 Iúil 2006 nó ina dhiaidh sin. Beidh laghdú 45,000 tona sa bhreis in astuithe in aghaidh na bliana faoi dheireadh 2012 mar thoradh air sin. Soláthraíonn na rialacháin an bonn dlíthiúil, chomh maith, do thionscnamh modheolaíochta athbhreithnithe um fheidhmíocht fuinnimh foirgnimh a mheasúnú do theaghlaigh nua.
- Éileofar Grádú Fuinnimh Foirgneamh (BER) ar Theagmhaisí Nua ó 1 Eanáir 2007 i leith, ar Fhoirgnimh Lasmuigh den Tír ó 1 Eanáir 2008 i leith, agus ar Fhoirgnimh atá ann cheana ar cíós nó ar díol ó 1 Eanáir 2009.
- Spreagann clár 'Tithe don Lá Amárach' SEI glacadh cleachtas atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de i ndearadh agus tógáil foirgnimh. Maoiníonn an clár dearthóirí agus ailtirí a oibríonn ar "chnuasaigh" foirgneamh (de ghnáth 10–100 foirgneamh) lena mbaineann paraiméadair úsáide fuinnimh atá feabhsaithe go mór agus iad thart ar 20–40% níos fearr ná ceanglais na Rialachán reatha Tógála.

- Maidir le héifeachtacht inbhuanaithe fuinnimh a chur chun cinn, úsáideadh roinnt scéimeanna tithíochta sóisialta chun cur chuige nua a léiriú i dtaobh dearaidh atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus úsáideadh teicneolaíochtaí úra fuinnimh-éifeachtúla chomh maith.
- Ar deireadh, déanfar athbhreithniú ar Rialacháin náisiúnta Tógála thart ar gach cúig bliana de réir cheanglais na Treorach um Fheidhmíocht Fuinnimh i bhFoirgneamh. (Rinneadh leasú dhá chéime de Chuid L de na Rialacháin Tógála maidir le teagmhaisí atá le bheith ann in 2001 agus 2005 a chomhcheangal i leasúchán amháin in 2003, agus na chéad leasuithe le bheith ann in 2008. Déanfar an t-athbhreithniú sin chun uasghrádú leanunach na gcaighdeán feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh nua agus athruithe ábhartha ar fhoirgnimh reatha a chinntiú. Cuirfidh sé deiseanna ar fáil, chomh maith, um fhorbairtí leanúnacha teicneolaíochta a ghlacadh san áireamh. Cuirfear Breis-Rialacháin Tógála i gcrích in 2007 chun bonn a sholáthar do thionscnamh modheolaíochta nua i gcomhair foirgnimh nua-thógtha neamhtheaghlaigh. Léireofar tógáil an mheasúnaithe ar fheidhmíocht fuinnimh ar bhealach cosúil leis an mbealach a dhéantar measúnú ar teaghlaigh nua, nuair a bheidh an mhodheolaíocht sin forbartha.

2.2.41 Tá sí mar aidhm ag Clár Infheistíochta na hEarnála Poiblí cur i bhfeidhm straitéisí, teicneolaíochtaí agus seirbhísí um dhearadh feabhsaithe éifeachtachta fuinnimh a spreagadh i dtionscadail tógála agus aisfeistithe foirgnimh san earnáil phoiblí. Déanann sé éascaíocht d'fheabhsuithe suntasacha éifeachtachta fuinnimh a sheachadadh i ndearadh agus sonraíocht na nuathógála agus na tógála athchóirithe. Tá an clár i mbun próisis maidir le biúróna bainistíochta fuinnimh a bhunú chun soláthar seirbhísí rialaithe agus bainistíochta fuinnimh ar conradh a spreagadh d'fhoirgnimh earnála poiblí nach mbaineann an scóip leo chun na seirbhísí a sholáthar ó acmhainní inmheánacha. Cabhróidh na biúróna le heagraíochtaí na hearnála poiblí, chomh maith, chun a n-úsáid agus costais fuinnimh a bhainistiú. Tá dhá bhiúró go hiomlán i bhfeidhm anois: tá an chéad cheann lonnaithe in Oifig na nOibreacha Poiblí, agus breis is 150 de na foirgnimh is mó in eastát lár-oifigí an Rialtais á gclúdach aige; clúdaíonn an dara ceann na príomhcholáistí tríú leibhéal i mBaile Átha Cliath: UCD, Coláiste na Tríonóide, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá obair tosaithe ar Bhiúró a bhunú a chuimsíonn cúig Ospidéal Teagaisc Acadúla Bhaile Átha Cliath: Ospidéal Naomh Séamus, Ospidéal Naomh Uinseann, Ospidéal Beaumont, Ospidéal Mater agus Ospidéal Adelaide agus na Mí a ionchropraíonn Ospidéal Náisiúnta na Leanáí. Tá na hospidéal sin ar roinnt de na húsáideoirí is mó fuinnimh laistigh den earnáil sláinte.

2.2.42 Seolfaidh an Rialtas mórfheachtas náisiúnta um éifeachtacht fuinnimh san Fhómhar 2006, mar chuid den Phlean Gnímh um Éifeachtacht Fuinnimh, agus é ag díriú ar thomhaltóirí aonair, gnólachtaí, an earnáil phoiblí agus iompar. Beidh sé mar aidhm ag an bhfeachtas ilbhliantúil seo iompraíochtaí a athrú d'fhonn cur amú fuinnimh a laghdú, trealamh agus próisis atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a úsáid agus fuinneamh a úsáid ar bhealach níos stuama.

2.2.43 Tá baint dhíreach ag Soláthar Custaiméirí BSL maidir le tairbhí éifeachtacht fuinnimh níos fearr a chur chun cinn dá chustaiméirí ó 1991 i leith. Meastar gurbh ionann an coigilteas iomlán i gcostais dhíreacha don ghnó, tionscal agus custaiméirí cónaitheacha (coigiltis i rith an tsaoil) idir 1991 agus 2005, agus thart ar 6,300 GWh. Soláthraíonn an Scéim um Laghdú Uaséileamh an Gheimhridh dreasachtaí do chustaiméirí chun a n-úsáid leictreachais a laghdú agus patrúin chobhsaí úsáide fuinnimh a bhunú. Méadaíonn leibhéal na dreasachta de réir méid an fhuinnimh a shábháiltear. Ina theannta sin, leagann an CER amach spriocanna intomhaiste do Sholáthar Custaiméirí BSL d'fhonn gnóthacháin éifeachtacht leictreachais a bhaint amach in úsáid deiridh leictreachais. Comhaontaítear ar na spriocanna idir Soláthar Custaiméirí BSL agus an CER ag tús gach bliana agus tuairiscítear an fheidhmíocht in aghaidh na sprice don CER ag deireadh gach bliana.

Éifeachtacht Fuinnimh agus Iompar

2.2.44 Maidir leis an earnáil iompair, gníomhóidh feabhsuithe in éifeachtacht mar bhealach tábhachtach chun an méid a bhraitheann Éire ar ola allmhairithe a mhaolú. Tá an Rialtas tiomanta do chomhtháthú na forbartha spásúla agus na hinfheistíochta iompair chun patrúin taistil níos inbhuanaithe a spreagadh do dhaoine aonair agus do ghnó (m.sh. iompar poiblí, rothaíocht agus siúl) agus glantairbhí a sheachadadh i dtéarmaí costais laghdaithe chomhshaoil agus sláinte. Soláthróidh an leibhéal infheistíochta is airde riamh san iompar poiblí, faoi Iompar 21, i rith na tréimhse 2005-2015 rogha malartach ar an ngluaisteán príobháideach, go háirithe i mórcheantair uirbeacha, lenar féidir níos lú truaillithe agus foirmeacha iompair nach mbraitheann chomh mór sin ar fhuinneamh a spreagadh. Laghdóidh uasghrádú beartaithe an líonra náisiúnta bhóthair achair ama taistil go suntasach ar phríomhbhealaí idiruirbeacha agus méadóidh sé iontaofacht ag an am céanna. Glacfaidh an t-uasghrádú sin ról tábhachtach maidir le héifeachtacht fuinnimh san earnáil iompair a fheabhsú.

2.2.45 Is bealach bunúsach é bainistíocht éileamh agus éifeachtacht fuinnimh chun déine fuinnimh níos lú a sheachadadh san earnáil iompair. Tabharfar straitéis mhionchruinn bainistíochta éilimh isteach de réir a chéile, i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath ar dtús, mar a shonraítear laistigh d'Iompar 21. Ríomh Clár um Athrú Aeráide na hEorpa go mbeadh 50 milliún tona CO₂ i gceist leis an méid laghdaithe ar féidir le cur chun cinn éiceachúrsaí a chur i gcrích san Eoraip faoin mbliain 2010. Tá feachtas um fheasacht phoiblí a ardú, a mhaoinaítear faoi Iompar 21 agus atá dírithe ar chur chun cinn éiceachúrsaí agus ar thionscadail phiolótacha chun a acmhainneacht a thástáil ar bun lena mbaineann féidearthacht mhór chun mórthorthaí a sheachadadh i dtéarmaí astuithe CO₂ chomh maith le tairbhí don tomhaltóir i dtéarmaí coigiltis bhreosla.

2.2.46 Sa chomhthéacs sin, baineann an acmhainneacht le dreasachtaí cánach a spreagann ceannach feithiclí glana agus fuinneamh-éifeachtach chun éifeachtacht bhreoslaí an phunainn fheithicle a mhéadú. Tá laghdú 50% i gCáin Chlárúcháin Feithiclí (VRT) in Éirinn do ghluaisteáin hibrid-leictreacha go dtí deireadh 2006, a bhfuil sí mar aidhm aige an margadh do na feithiclí sin a spreagadh. Leathnaíodh an faoiseamh VRT chuig feithiclí breosla-sholúbtha le haghaidh tréimhse trialaí de dhá bhliain, tar éis é a fhógairt i mBuiséad 2006. Soláthraíonn Iompar 21 maoiniú do thionscadail phiolótacha

le haghaidh teicneolaíochtaí bithbhreosla agus hibrid-leictreacha chun cur leis an scéim faoisimh mháil um bithbhreoslaí.

2.2.47 Tacaíonn Éire le Comhaontú Deonach an AE idir déantóirí gluaisteáin agus an Coimisiún mar mhodh atá éifeachtach ó thaobh costais de chun éifeachtacht bhreosla a mhéadú. Laghdaigh astuithe CO₂ ó ghluaisteáin nua phaisinéirí a díoladh san EU-15 le 11.8% idir 1995 agus 2003. Is glacadóir teicneolaíochta í Éire mar thoradh ar easpa tionscal gluaisteáin dhúchasaigh agus níl mórán cumais inti tionchar a imirt ar fhorbairt teicneolaíochta feithicle níos glaine. Tá aghaidh le tabhairt ar dhúshláin áirithe chomhshaoil sna hearnálacha iompair eitlíochta agus mhara maidir le heasnamh breoslaí malartacha. Beidh dul chun cinn teicneolaíochta domhanda ríthábhachtach maidir le teicneolaíochtaí úra glana atá níos éifeachtúla ó thaobh breoslaí de a thabhairt isteach sa mhargadh.

Éifeachtacht Fuinnimh agus Tionscal

2.2.48 Tacaíonn an Rialtas le tionscnaimh laistigh de thionscal na hÉireann chun éifeachtacht fuinnimh a spreagadh. Tá rannpháirtíocht ghníomhach ó thionscail fuinnimh na hÉireann i gclár thaighde agus fhorbartha de dhíth chun a chinntiú go dtacaíonn an taighde agus nuálaíocht straitéiseach riachtanach leis na tosaíochtaí beartais fuinnimh ina n-iomláine. Díríonn oibriú chlár na gComhaontuithe Fuinnimh laistigh den Líonra Fuinnimh um Thionscal Mór ar na cuideachtaí is mó a úsáideann fuinneamh in Éirinn. Cuirfidh an clár nua leis an méid a baineadh amach go dtí seo, trí éileamh ar ghnólachtaí oibriú i dtreo teastasaithe Chaighdeán nua na hÉireann maidir le bainistíocht fuinnimh, IS 393. Ina chúiteamh air sin, tairgfídh SEI cuideachtaí rannpháirteacha tacaíocht shainoiriúnaithe maidir leis an gcaighdeán a bhaint amach agus leas iomlán a bhaint as an bpróiseas.

Clár na gComhaontuithe Fuinnimh

Tá Clár na gComhaontuithe Fuinnimh, a seoladh le déanaí, bunaithe ar *Chaighdeán na hÉireann um Chórais Bhainistíochta Fuinnimh (IS 393)*. Tugann cuideachtaí faoi obair chun teastasú IS 393 a ghnóthú trí chlárú mar bhall de Chlár na gComhaontuithe Fuinnimh, arna dtacú ag comhairle sainoiriúnaithe ó SEI. Éilíonn IS 393 go ndéanann cuideachtaí fuinneamh a bhainistiú trí struchtúir fhoirmeálaithe chun coigiltis shuntasacha a ghnóthú in úsáid fuinnimh agus astuithe gháis an cheaptha teasa. Clúdaíonn an Caighdeán gach gné a bhaineann le cur chuige cuideachta maidir lena chostais agus úsáid fuinnimh a bhainistiú. Dearadh é le haghaidh fiontair mhóra dianfhuinnimh, a d'fhéadfadh go mbeadh níos mó baol orthu maidir le hathruithe i gcostais fuinnimh. Táthar ag súil go mbeidh 20 cinn de na tionscail is mó úsáide fuinnimh in Éirinn cláraithe le Clár na gComhaontuithe Fuinnimh faoi dheireadh 2006. Táthar ag súil, chomh maith, go meallfaidh Fuinneamh Imharthana Éireann 60 ceann as na 100 tionscal is mó úsáide fuinnimh in Ireland, lena mbainfidh bille bliantúil fuinnimh €2 milliún chun cáiliú mar rannpháirtithe. Tá Clár Gnímh comhthreomhar um Bainistíocht Fuinnimh (EMAP) i bhfeidhm do na cuideachtaí sin a bhféadfadh nach bhfuil na hacmhainní acu chun na ceanglais atá riachtanach do ghnóthú IS 393 a chomhlíonadh.

2.2.49 Tá Clár Gnímh Bainistíochta Fuinnimh á chur chun cinn ag SEI agus é dírithe ar earnáil na bhFiontar Beag, a mbaineann an acmhainneacht leis chun an leas is fearr a bhaint as éifeachtacht fuinnimh ar fud an gheilleagair. Beidh an clár ina príomhghé de straitéis cumas iomaíochta an Rialtais don tréimhse amach anseo. Soláthróidh tuarascáil bhliantúil faoin Líonra Fuinneamh um Thionscal Mór, atá ann le deich mbliana anuas cheana, athbhreithniú luachmhar ar an obair a tugadh faoi agus na torthaí a baineadh amach i gcoinne cúlra d'fheabhas leanúnach agus bainteacht mhéadaithe d'úsáideoirí fuinnimh.

Clár taighde agus forbartha a sheachadadh a thacaíonn le dul chun cinn teicneolaíochta san earnáil.

Comhthéacs agus ionstraimí reatha beartais

Spriocanna beartais go hachomair

- Bainteacht iomlán le hiarrachtaí idirnáisiúnta taighde, lena n-áirítear IEA agus an AE
- Comhoibriú taighde uile-oileáin
- Méadú ar mhaoiniú agus tuilleadh de threoir straitéiseach do RTDI mar chuid de Stráistéis Náisiúnta Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta an Rialtais
- Príomhthosaíochtaí taighde fuinnimh a shainathint le comhairle ó Chomhairle Taighde Fuinnimh na hÉireann
- Forbairt d'acmhainn taighde fuinnimh

2.2.50 Tá comhthéacs níos leithne ann do caiteachas taighde go ginearálta, sé sin gur thug an Rialtas leibhéal suntasach maoinithe d'eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht thar an tréimhse 2006 to 2013, sa Stráistéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta a lainseáladh i dtús an tsamhraidh in 2006. Tá an costas thart ar €3.8b thar shaolré na Straitéise. Is ionann é sin ansin agus céim athraithe ar an maoiniú a leithdháileadh thar an tréimhse 1997 go dáta, inár mhéadaigh maoiniú faoi thrí sa réimse seo.

2.2.51 Tá taighde agus nuálaíocht fuinnimh ina ghné thábhachtach maidir le clár oibre beartais fuinnimh idirnáisiúnta agus AE. Aithníonn an AE an tábhacht a bhaineann le teicneolaíochtaí nua fuinnimh agus taighde a bhaineann le fuinneamh i dtaobh cuspóirí fuinneamh ar an iomlán agus i dtaobh gheilleagar an AE. Is príomhthosaíochtaí taighde iad éifeachtacht fuinnimh, éagsúlacht fuinnimh agus teicneolaíochtaí carbóin ísil chomh maith le líonraí leictreachais. Meastar gur príomhbhealach chun torthaí a sheachadadh é cur chuige níos straitéisí maidir le pleanáil agus maoiniú taighde agus nuálaíocht náisiúnta. Tacaíonn an Rialtas leis an tosaíocht atá á déanamh san AE agus sa Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh agus léirítear é sin sna cuspóirí náisiúnta taighde fuinnimh. Beidh príomhról ag taighde fuinnimh, chomh maith, maidir le spriocanna náisiúnta Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta.

2.2.52 Ba é toradh athbhreithnithe 2005 ar thaighde fuinnimh na hÉireann ná gur chóir go mbeadh gníomhaíochtaí agus maoiniú reatha comhordaithe níos fearr agus go dtabharfar iad de réir beartas fuinnimh agus beartas eacnamaíoch go ginearálta. Tháinig sé sin de réir thorthaí Athbhreithnithe IEA ar Éirinn 2003.

Ar an tacaíocht a chuirfear ar fáil don mheántréimhse, áireofar, treoir straitéiseach a fheabhsú le haghaidh taighde fuinnimh na hÉireann sa bhonneagair náisiúnta fuinnimh. Beidh éifeachtacht fuinnimh, bainistíocht éilimh agus teicneolaíochtaí in-athnuaite ina bpríomhthosaíochtaí chomh maith, lena mbainfidh an sprioc maidir le hacmhainn taighde fuinnimh a thógáil sa chóras ardoideachais. Beidh comhoibriú reatha ina bhonn ag deiseanna chun tionscnaimh uile-oileáin a fhorbairt i dtaighde fuinnimh.

2.2.53 Cuirfidh Comhairle Taighde Fuinnimh na hÉireann, a bunaíodh le déanaí, comhairle ar fáil faoi thosaíochtaí do thaighde fuinnimh na hÉireann suas go dtí 2013 agus don tréimhse níos faide. Déanfaidh an Chomhairle gníomhaíochtaí reatha fuinnimh RTDI a chomhordú agus soláthróidh sí anailís agus comhairle maidir le hacmhainn taighde, agus naisc agus taighde fuinnimh á gcruthú aici leis an mbeartas fuinnimh ina iomláine chomh maith le beartais eile earnaála. Cuirfidh sí comhairle agus cúnamh ar fáil, chomh maith, le hidirghníomhú na hÉireann le cláir fhuinnimh AE agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear, Clár Creata an AE. Beidh an ghné uile-oileáin ina cuid lárnach d'obair na Comhairle.

2.2.54 Tá maoiniú Stáitchiste á méadú go suntasach ag an Rialtas do RTDI fhuinnimh. Méadófar an líne nua buiséid do 2006 arb ionann é agus €3.5 milliún le linn na tréimhse chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh taighde. Tiocfaidh sé sin le deiseanna eile maoiniucháin, lena n-áirítear, an acmhainneacht do thógáil na hacmhainne fuinnimh trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Glacann tionscail fuinnimh na hÉireann páirt ghníomhach i gcláir thaighde agus forbartha chun a chinntiú go dtacaíonn an taighde agus nuálaíocht straitéiseach riachtanach le tosaíochtaí beartais fuinnimh ar an iomlán. Spreagfaidh tiomantas d'fhuinneamh náisiúnta RTDI méadú nua chomh maith in earnáil na bhfontar fuinnimh, a fhorbróidh acmhainn láidir náisiúnta um thaighde fuinnimh ar fud na ndisciplíní go léir.

2.2.55 Tagann na tionscnaimh thacaíochta do RTDI leis an Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, a seoladh le déanaí, a mbeidh mar chuid lárnach den Phlean Forbartha Náisiúnta atá le teacht i bhfeidhm go luath (féach an t-alt thuas 2.2.50).. Ar an mbealach céanna, méadóidh gníomhartha RTDI na tairbhí agus na deiseanna d'eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht agus cabhróidh siad leis an ngeilleagar ar bhealach inbhuanaithe.

Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na spriocanna beartais agus ar na gníomhartha beartais as Inbhuanaitheacht an tSoláthair Fhuinnimh a chinntiú.

Inbhuanaitheacht an tSoláthair Fhuinnimh

Cuspóir beartais

- Aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide trí astuithe gháis fuinneamh-ghaolmhaire an cheaptha teasa a laghdú.
- Leibhéal na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú i leictreachas, teas agus iompar.
- Forbairt foinsí malartacha fuinnimh a spreagadh trí dhreasachtaí a sholáthar;
- Éileamh a laghdú trí bhearta éifeachtachta agus caomhnúcháin fuinnimh a láidriú; agus
Clár taighde agus forbartha a sheachadadh a thacóidh le dul chun cinn teicneolaíochta san earnáil.

Spricanna beartais

- Gnóthófar dul chun cinn soiléir maidir leis na foinsí in-athnuaite mar chomhréir den úsáid leictreachais: 15% faoi 2010; 30% faoi 2020.
- Dul chun cinn 2% ar a laghad i dtaobh bithbhreoslaí bainte amach faoi 2008 agus 5.75% faoi 2010
- Sprioc 5% maidir le soláthar foinsí in-athnuaite sa mhargadh teasa faoi 2010
- Sprioc CHP go suitealfar 400MW faoi 2010.
- Feabhas 20% in éifeachtacht fuinnimh bainte amach faoi 2020.

Gníomh beartais

- Plean Gnímh Náisiúnta Bithmhaise a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Clár faoisimh mháil a chur i gcrích do bithbhreoslaí agus chlár um chúnamh deontais chaipitil do shaoráidí próiseála bithbhreoslaí
- Scéim deontais CHP a sheachadadh do CHP ar scála beag agus do CHP bithmhais-fhotha ar scála mór.
- Leanúint ar aghaidh leis an Scéim 'Tithe níos Glaies' agus é a leathnú
- Scéim REFIT a chur i bhfeidhm.
- An straitéis um fhuinneamh aigéin a chur i bhfeidhm le cur chuige ceithre céime.
- Plean gnímh ar éifeachtacht fuinnimh a fhorbairt lena n-áirítear:
 - cur i bhfeidhm Threoracha an AE um fheidhmíocht fuinnimh i bhfoirgnimh agus um sheirbhísí éifeachtachta agus fuinnimh úsáide deiridh;
 - soláthar clár um éifeachtacht fuinneamh mar chuid de na Cláir Oibríochta Réigiúnacha 2007-2013;
 - cur leis an acmhainn taighde, forbartha agus nuálaíochta;
 - dul chun cinn a sheachadadh maidir le cur chuige uile-oileáin um éifeachtacht fuinnimh;
 - spreagadh tionscnamh um Bainistíocht Taoibh Éilimh; agus seoladh mórfheachtais náisiúnta um éifeachtacht fuinnimh.

2 An Creat Beartais

2.3 IOMAÍOCHAS AN tSOLÁTHAIR FHUINNIMH A FHEABHSÚ

- 2.3.1 Braitheann fás agus iomaíochas leanúnach eacnamaíoch na hÉireann ar sholáthar fuinnimh iontaofa lena mbaineann praghsanna iomaíocha. Braithfidh cumas na hÉireann chun ardleibhéil infheistíochta díri ón gcoigríoch a mhealladh agus timpeallacht fhábhrach a sholáthar do thionscal na hÉireann go ginearálta ar an acmhainn atá aici chun soláthar iontaofa fuinnimh a sheachadadh ag costas iomaíoch. Cruthaíonn margadh beag fuinnimh na hÉireann, suíomh na tíre ar imeall na hEorpa agus na hardphraghsanna inbhuanaithe domhanda ola agus gáis a bhagraíonn dúshlán áirithe uirthi i dtéarmaí costais iomaíocha fuinnimh. Tá sí mar aidhm ag gníomhartha beartais maidir le slándáil an tsoláthair agus inbhuanaitheacht na ndúshlán sin a sháru. Cuirfidh cruthú Margaidh Shingil Leictreachais in 2007 dlús le margadh níos iomaíche agus déanfaidh sé éascaíocht dó.
- 2.3.2 Tá dhá chuspóir beartais ag an Rialtas chun iomaíochas soláthar fuinnimh na hÉireann a chinntiú:
- Earnálacha gáis agus leictreachais a léirscaoileadh trí shásraí margadh fuinnimh a chur i bhfeidhm;
 - Iomaíocht a éascú trí shocruithe institiúideacha agus an struchtúr margaidh a athchóiriú.

Earnálacha gáis agus leictreachais a léirscaoileadh trí shásraí margadh fuinnimh a chur i bhfeidhm

Spríocanna beartais go hachomair

- Tabhairt isteach an Mhargaidh Shingil Leictreachais le linn 2007;
- Lánoscailt mhargadh gáis na hÉireann faoin 1 Iúil 2007;
- Díchuachadh dlíthiúil na Líonraí BGE faoi dheireadh 2006;
- Díchuachadh dlíthiúil DSO BSL faoin 1 Iúil 2007.

Comhthéacs agus ionstraimí beartais

- 2.3.3 Tugann an Rialtas lántacaíocht do thionscnamh an mhargaidh Shingil Leictreachais le linn 2007 agus tá sé tiomanta don Bhille Margaidh Shingil Leictreachais a sheachadadh, a chuirfidh an bunús dlíthiúil ar fáil don mhargadh faoi mhí Aibreáin 2007. Mar ullmhúchán don bhille sin, tá roinnt tograí ón Rialtas mar chuid den Bhille Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha) 2006 um leathnú fheidhmeanna an rialtóra d'fhonn bonn a chur ar fáil dá hobair sa chomhthéacs uile-oileáin.
- 2.3.4 Bíonn tiomantas shuntasach acmhainní ón dá Rialtas de dhíth, i gcónaí, ar ghnóthú an Mhargaidh Shingil Leictreachais. Tacaíonn an Rialtas, chomh maith, le bunú Oibreora um Margadh Singil, mar a gcuirtear síos air sa Chreat Forbartha Margadh Fuinnimh Uile-Oileáin. Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag meas, i gcomhar leis na húdaráis i dTuaisceart Éireann, oiriúnacht Oibreora singile um Chóras Tarchuir don mhargadh uile-oileáin.

An Margadh Singil Leictreachais: Príomhchoincheapa

Maidir le comhoiriúnú an réimis mhargaidh mar chuid d'fhorbairt an mhargaidh uile-oileáin, bíonn aistriú go socrú Margaidh Ollacmhainne don mhargadh leictreachais uile-oileáin i gceist leis. Tá Údarás Rialála Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann (CER and NIAER) i mbun oibre le chéile chun sásra a fhorbairt don Mhargadh Singil Leictreachais (SEM).

Chinn na hÚdarás Rialála go mbeidh an SEM ina mhargadh tiomantais lárnaigh (ollacmhainn) le praghas singil imréitigh agus sásra íocaíochta léiracmhainne. Is éard is ciall leis sin, ná go gcaitear an leictreachas go léir sa mhargadh mórdhíola a dhíol trí láracmhainn leictreachais. Ní bheidh aon deiseanna ar fáil um idirbhearta déthaobhacha (cuideachta le cuideachta) um chumhacht fhísiciúil, cé go mbeidh cead ag gineadóirí agus soláthróirí dul isteach i gConarthaí do Dhifríocht (CfDs). Éileofar ar gineadóirí ar mhian leo fuinneamh a dhíol tríd an acmhainn tairiscintí a chur faoi bhráid an oibreora mhargaidh/an oibreora chórais. Dá bhrí sin, roghnófar na gineadóirí is éifeachtaí ó thaobh costais de ar dtús chun leictreachais a ghiniúint.

Beidh Praghas amháin Imeachach Córais (SMP) ag an SEM, a shocraítear i gcomhair gach leathuaire, de réir na gineadóra dheireanaigh in ord éifeachtachta a roghnaíodh le giniúint. Gheobhaidh gach rannpháirtí san acmhainn an SMP beag beann ar a mbuntairiscint. Tá na rialtóirí ag obair le chéile chun a chinntiú nach mbeidh an acmhainneacht ag aon rannpháirtí chun cumhacht mhargaidh a chur i bhfeidhm tríd an bpraghas córais a ionramháil chun a leasa féin. Bainfear an méid sin amach trí rialacha daingne tairisceana a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar iompraíocht tairisceana.

D'aithin an dhá rialtóir ceannasaíocht imreoirí margaidh mar ábhar oibre ar leithligh agus tá imscrúdú cúramach á dhéanamh air sin mar chuid d'fhorbairt rialacha an SEM. Is saincheist í beagmhéid mhargadh na hÉireann agus comhchruinniú níos airde smachta gléasraí sa réigiún "socrú praghais", a bhfuil gá breathnú uirthi chun oibriú eacnamaíoch neamhsaofa an tsásra ollacmhainne a chinntiú.

Ina theannta sin, chinn na húdarás rialála go mbeidh sásra íocaíochta léiracmhainne ag an SEM. Ciallaíonn sé sin go spreagfar an gléasra giniúna agus go ndéanfar é a chúiteamh nuair a bhíonn sé ar fáil le leictreachas a ghiniúint, fiú, mura n-éilítear air leictreachas a ghiniúint. Déantar an cinneadh sin ar an mbonn go gcuirfidh an sásra íocaíochta léiracmhainne slándáil níos mó ar fáil don mhargadh agus do thomhaltóirí chomh maith. Bheadh spící praghais de dhíth ar mhargadh fuinnimh amháin i líon beag uaireanta gach bliana chun leordhóthaineacht ioncaim a chinntiú. Ar an iomlán, meastar go mbeadh sé níos cuí margadh a chur i bhfeidhm lena mbainfeadh cobhsaíocht níos mó, praghsanna nach bhfuil chomh luaineach céanna agus slándáil soláthair níos mó. Tá mionsonraí an tsásra sin á bhforbairt ag na Rialtóirí ó Thuaidh agus ó Dheas faoi láthair.

Beidh thart ar 2.5 milliún custaiméirí leictreachais ag an margadh leictreachais uile-oileáin (1.8 milliún in Éirinn, 0.7 milliún i dTuaisceart Éireann).

- 2.3.5 Tá an Rialtas tiomanta do margadh gáis nádúrtha atá ag éirí níos iomaíche leis a chinntiú ar mhaithe le tomhaltóirí, fiontair agus an ngeilleagar chomh maith le forbairt réigiúnach. Go dtí seo, áirítear ar an dul chun cinn atá déanta, oscailt chéimnithe an mhargaidh gháis mhiondíola, na gníomhartha a ghlac an CER chun iomaíocht a spreagadh agus BGE a rialú agus an iomaíocht atá ag eascair ó dheighleog an tsoláthair. Is príomhchomhthéacs é an Creat um Margadh Fuinnimh Uile-Oileáin maidir le chur chun cinn seachadhta de mhargaidh gháis iomaíocha, inbhuanaithe agus iontaofa ar oileán na hÉireann. Is comhcheist uile-oileáin í slándáil an tsoláthair. Cuideoidh infheistíocht leanúnach sa bhonneagar, Thuaidh agus Theas le slándáil threisithe soláthair mar aon leis an gcomh-athbreithniú ar stóráil gháis agus acmhainneacht LNG ar an oileáin mar iomlán. Tá cur i gcrích d'oscailt iomlán mhargaidh gháis ina príomhtháirge insoláthartha sa tréimhse láithreach.
- 2.3.6 Tugann an Rialtas lántacaíocht do léirscaoileadh iomlán an mhargaidh gháis a ghnóthú faoi lár na bliana 2007. Tá forálacha mar chuid den Bhille Fuinnimh (Forálacha Ilghéitheacha) 2006 chun éascaíocht a dhéanamh don léirscaoileadh sin. Sa chomhthéacs seo, beidh sí mar aidhm ag an Rialtas go gcuirfear díchuachadh dlíthiúil rannáin soláthair agus líonraí BGE i gcrích roimh dheireadh 2006.
- 2.3.7 Tá Rialtas na hÉireann dírithe, mar chuid den phróiseas léirscaoilte, ar chinnte a dhéanamh de go leanfar ar aghaidh ag cosaint leasanna an tomhaltóra agus go gcuirfear iad chun cinn. Tá ról reachtúil ar leith ag an CER anois maidir le leasanna an tomhaltóra a chur san áireamh agus na leasanna sin a chosaint i rialáil na n-áiseanna fuinnimh. Bhunaigh an Rialtas Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí, a chinnteoidh go gcloisfear guth tomhaltóirí sna hearnálacha rialaithe. Cuirfidh ionadaíocht fheabhsaithe ar leasanna an tomhaltóra le trédhearcacht, rogha agus comhairliúchán níos fearr san earnáil fuinnimh. Leagann na forbairtí sin béim ar an ngá le gníomh gaolmhar d'fhonn torthaí níos iomaíche a bhaint amach.

Tionchar méaduithe na bpraghsanna fuinnimh a laghdú trí bhearta cosanta a chur i bhfeidhm

Spriocanna beartais go hachomair

- BSL atá inmharthana ó thaobh tráchtála de a choimeád;
- Ba chóir roinnt sócmhainní áirithe straitéiseacha leictreachais, lena n-áirítear líonraí, a choimeád faoi úinéireacht Stáit don fhadtréimhse;
- Fáil réidh le cumhacht mhargaidh ag aon imreoir amháin sa ghléasra giniúna socraithe praghais;
- Breathnú ar chúlsoláthar talún faoi úinéireacht stáit maidir le láithréain ghiniúna reatha agus fhéideartha
- Ní mór fíoriomaíocht agus iomaíocht éifeachtúil sa soláthar a spreagadh agus a éascú ar mhaithe le tomhaltóirí

Comhthéacs agus ionstraimí beartais

- 2.3.8 Is earnáil straitéiseach fhíorthábhachtach í an earnáil fuinnimh agus cuid den bhonneagar náisiúnta a chuireann taca faoi fhás eacnamaíoch. Is é sa chomhthéacs seo gur chóir go mbeadh beartas náisiúnta fuinnimh dírithe go láidir ar chúnamh le táirgiúlacht, iomaíochas náisiúnta agus geilleagar láidir a choinneáil.
- 2.3.9 Is príomhchuspóir den bheartas fuinnimh é iomaíochas phraghsanna fuinnimh na hÉireann a chinntiú. Tá praghsanna leictreachais na hÉireann i bhfad níos airde ná meánphraghsanna na hEorpa d'úsáideoirí teaghlaigh agus tionscail araon. Cuirtear Éire, ar bhonn leanúnach, i measc na trí thír is costasaí do thomhaltóirí tionscail san Eoraip agus staidéir éagsúla ar chomparáidí praghsais in 2004/2005 á n-úsáid. Tá praghsanna do thomhaltóirí teaghlaigh i bhfad níos airde ná meánphraghsanna an AE chomh maith.
- 2.3.10 Tá comhtharlú fachtóirí oibríochta struchtúrtha agus margaidh ag cur le hardleibhéil phraghsanna. Is é meascán breosla agus an spleáchas sonrach ar ghás i gcomhair chomhréir ábhartha na riachtanas giniúna an príomhfachtóir a chuireann le hardchostais ghiniúna. Baineann thart ar 70% den éagsúlacht idir costais ghiniúna na hÉireann agus na hEorpa, áit a bhfuil comhréireanna níos airde hidrighiniúna agus giniúna núicléiche ar chostas níos ísle ag Ballstáit eile, le tionchar an mheascáin bhreoslaí i stáisiún leictreachais na hÉireann. Mar a cuireadh síos air i Mír [2.1.25], beidh gníomhartha beartais a dhéanann éascaíocht d'éagsúlacht an mheascáin bhreosla ríthábhachtach maidir le tomhaltóirí na hÉireann a chosaint ón tionchar timthriallach ó thráchtarra idirnáisiúnta, ar nós gáis. Cuirfear iarrachtaí chun an meascán breosla a aistriú ó ghás i bhfeidhm, áfach, idir an meántréimhse agus an fadtréimhse.
- 2.3.11 Seachas meascán breosla, tá dhá chúis eile go bhfuil praghsanna na hÉireann níos airde ná meánphraghsanna na hEorpa agus baineann siad le hoibriú an mhargaidh. Ar an gcéad dul síos, ardchostais saothair agus, ar an dara dul síos, leibhéil ísle d'fháil ghléasraí. Nuair a chuirtear an dá rud seo le chéile, bíonn na costais giota maith níos airde i nginiúint chumhachta.
- 2.3.12 Cuireann costais a bhaineann le húsáid na líonraí tarchuir agus leithdháilte leictreachais agus gáis le praghsanna fuinnimh chomh maith. Déanann an CER rialáil phraghsanna a chothabháil ar fud na ngnólachtaí nádúrtha monoplachta sin. Measann an Rialtas go dtagann an cur chuige rialála sin le caighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta d'fhonn dlús a chur le héifeachtachtaí agus le costais a bhaineann leis an líonra rialúcháin.
- 2.3.13 Ceistíodh go forleathan, éifeachtúlacht agus oiriúnacht na socruithe agus struchtúr reatha. Tá an struchtúr margaidh faoi rialú dian agus bhrath sé ar comhcheangal de praghsanna breise agus doirte, ceanntanna táirgthe cumhachta (VIPP) agus iomaíocht maidir le conarthaí fadtréimseacha chun gineadóirí agus soláthróirí neamhspleácha a spreagadh chun dul isteach sa mhargadh.
- 2.3.14 Cé gur fhorbair leibhéal éigin rogha soláthróra do chustaiméirí mórthionscail, tá an iomaíocht teoranta do theaghlaigh. Tugadh buarthaí chun cinn faoi

shlándaíl an tsoláthair leictreachais láithreach agus sa mheántéarma chomh maith le ceisteanna faoi iomaíocht agus ceannsaíocht de bharr easpa iontrála sa mhargadh.

- 2.3.15 Méadaíonn fáil lag gléasra an fhadhb seo agus dá bharr seo bíonn na corrlaigh stoic gann sa gheimhreadh. Tá acmhainn nua giniúna de dhíth chomh luath le 2009, nó roimhe sin fiú. Cuireann fás i bhfuinnimh in-athnuaite castacht i nginiúint agus líonraí mar go mbíonn gléasra cultaca giniúna atá freagrach agus solúbatha de dhíth ar nádúr ócáide na giniúna gaoithe, corrlach stoic imleor agus breis idirnasctha.
- 2.3.16 Athreoidh an córas reatha le tabhairt isteach an Mhargaidh Shingil Leictreachais (SEM) in 2007, a chruthóidh margadh leictreachais mhórdhíola bunaithe ar chóras ollacmhainne ar bhonn uile-oileáin.
- 2.3.17 Ceann de na mófhachtóirí a sainaitníodh maidir le tionchar a bheith acu ar dhroghall gineadóirí neamhspleácha dul isteach sa mhargadh ná ceannsaíocht mheasta agus fíorcheannsaíocht an BSL. Tagann an cheannsaíocht seo as úinéireacht an BSL de phunann hór agus éagsúil de ghléasra agus go háirithe as cumas na cuideachta praghsanna a shocrú. Is le BSL an gléasra go léir ar dócha a shocraíonn an imeallphraghas sa SEM agus, mar sin, leanfaidh an tionchar atá ag a cheannsaíocht ar acmhainneacht iontrála an mhargaidh ar aghaidh. Ní rachfaidh tabhairt isteach an SEM féin i ngleic le ceist na ceannsaíochta, go háirithe maidir leis an gcumas praghsanna a shocrú. Ní mór go bhfeidhmeoidh iomaíocht go héifeachtúil má tá sochair an scála mhéadaithe, i dtéarmaí an mhargaidh uile-oileáin, le tabhairt go cothrom do thomhaltóirí.
- 2.3.18 Ní dheachaigh díchuachadh nó oscailt an mhargaidh i ngleic le ceannsaíocht mheasta agus fíorcheannsaíocht an BSL sa mhargadh. Éilíonn an cás reatha leibhéal domhianaithe dianrialaithe margaidh feidhmithe a chruthú, cur chuige a ghargaíonn an tseanfhabhb de neamhshiméadracht faisnéise idir an rialtóir agus an comharba.
- 2.3.19 Athneartóidh athrú struchtúrtha na tairbhí ar féidir a fhabhrú ón SEM agus seachadhfaidh sé timpeallacht mhargaidh níos bríomhara ar an oileán. Is í aidhm an dá Rialtais don mhargadh fuinnimh uile-oileáin ná soláthar a dhéanamh do mhargaí iomaíocha, inbhuanaithe agus iontaofa ag an gcostas is ísle le saoirse rogha do thomhaltóirí
- 2.3.20 Tá socruithe rialála chun cumhacht an mhargaidh a mhaolú á bhforbairt ag an dá rialtóir. Ní mór go dtiocfadh gníomhartha rialála le bearta beartais chun comhchruinniú úinéireachta a laghdú i nginiúint chumhachta, go háirithe i ndáil le smachtú an ghléasra phraghas-socraithe agus comharthaí daingne a chur i ndáil le hathrú struchtúrtha céim ar chéim san earnáil leictreachais, Thaidh agus Theas.
- 2.3.21 Tá aghaidh le tabhairt ar dhúshláin sa dá mhargadh má táthar chun na torthaí riachtanacha a sheachadadh agus má táthar chun an infheistíocht mhór pholaitíochta, eacnamaíoch agus rialála a ghnóthú. Go hachomair, caitear na constaicí ar iomaíocht éifeachtach ar an dá thaobh a bhaint trí bheartas chomh maith le gníomh rialála. Tacóidh margadh singil éifeachtach mórdhíola

lánfheidhmiúil leictreachais ar an oileáin le raon cuspóirí beartais fuinnimh i rith na tréimhse.

- 2.3.22 Rinneadh coimisiúnú do Deloitte, i gcoinne an chúlra sin, chun athbhreithniú a dhéanamh ar earnáil leictreachais na hÉireann. Is anailís chuimsitheach ar na socruithe institiúideacha agus ar na struchtúir mhargaidh í an Tuarascáil, atá á foilsiú mar cháipéis chúlra-thacaíochta leis an bPáipéar Glas um Fhuinneamh ina ndéanann na comhairligh anailís ar raon de roghanna ó chaomhnú an status quo ar adamhaithe an BSL. Cuireann a dTuarascáil sraith tograí ar fáil, a sheachadfaidh, dar le Deloitte, na socruithe agus struchtúir is oiriúnaí le himeacht ama, de réir na gculpóirí beartais um shlándáil an tsoláthair, iomaíochas, inbhuanaitheacht agus forbairtí an mhargaidh fuinnimh uile-oileáin.
- 2.3.23 Tá an cás a rinneadh d'athrú dochloíte. Tá gá éigeandála ann maidir le cinntí agus infheistíocht fhadtréimseach a dhéanamh anois, a bhogfaidh ar aghaidh muid, thar ama, go cinnteach i dtreo mhargadh fuinnimh níos éifeachtúla agus níos éagsúlaithe agus leibhéal i bhfad níos éifeachtaí d'úsáid fuinnimh mar gheilleagar, trí chaighdeán idirnáisiúnta.
- 2.3.24 Tá cás láidir ann, ó thaobh shándáil an tsoláthair agus an mhargaidh, maidir le tabhairt faoi phróiseas athraithe struchtúrtha san earnáil leictreachais. Cuirfidh slándáil fheabhsaithe soláthair, laghduithe i gcostais inrialaithe na sealbhóirí reatha agus margadh fuinnimh atá níos dinimiciúla deiseanna ar fáil do na himreoirí go léir, lena n-áirítear, earnáil an fhuinnimh in-athnuaite agus infheisteoirí dúchasacha. Gníomhóidh an iomaíocht san ghiniúint mar chatalaíoch d'fheasuithe in i gcostais oibriúcháin agus chothabhála, táirgiúlacht, infhaighteacht, solúbthacht agus nuálaíocht. Soláthróidh iomaíocht i soláthar rogha do chustaiméirí agus spreagfaidh sé nuálaíocht i gcuaichadh earraí agus seirbhísí.
- 2.3.25 Má choinnímid an status quo forbróidh an margadh leictreachais go mall agus ní tharlóidh feabhsuithe i bhfáil gléasra agus leibhéal éifeachtachta ach thar thréimhse fhada. Ní bheidh brú éifeachtúil anuas ar phraghsanna, beagán de spreagadh ann d'iontrálaithe úra agus dianrialú, agus leanfar de na teorainneacha dúchasacha don lucht leasa go léir. Ag am ina bhfuil infheistíocht shuntasach de dhíth i nginiúint chumhachta, tá deis ann faoi láthair chun briseadh amach ó thimthriall reatha na héablóide margaidh agus iomaíocht bhríomhar a sheachadadh. Ní bheadh sé rómhaith d'imreoirí an mhargaidh an deis seo a chailleadh. Ní bheadh sé rómhaith ach an oireadh d'oibriú éifeachtúil an mhargaidh uile-oileáin, iomaíochas na gcostas fuinnimh, tomhaltóirí nó don gheilleagar mar iomlán.
- 2.3.26 Measann an Rialtas go ndéanfaí athrú ar bith a sheachadadh de réir a chéile ag obair leis an lucht leasa go léir. Tá na prionsabail a leanas lárnach don chinneadh d'fhonn bogadh ar aghaidh leis an ordaitheach athraithe:
- Measann an Rialtas go bhfuil sé tábhachtach BSL atá láidir agus inmharthana ó thaobh tráchtála de a choinneáil. Léiríonn rún an bheartais bunról an BSL i bhforbairt earnáil leictreachais na hÉireann agus a thiomantas d'athrú. Ní sé ceaptha ag an Rialtas Grúpa BSL a phríobháidiú nó a adamhú.

- Tugann an Rialtas lántacaíocht d'fhorbairt leanúnach an ESBI mar imreoir idirnáisiúnta rathúil.
- Tá sí de thuairim daingean an Rialtais gur chóir sócmhainní straitéiseacha leictreachais a choinneáil faoi úinéireacht Stáit don fhadtréimhse. Áirítear orthu seo líonraí tarchuir agus leithdháilte agus sócmhainní áirithe giniúna, lena n-áirítear saoráidí stórála caidéal agus hidreashaoráidí.
- Is léiriú é úinéireacht na bpríomhláithreán giniúna arbh fhéidir a thuilleadh forbartha a dhéanamh orthu ar roinnt mhaith buntáistí a bhaineann le BSL i dtéarmaí pleanála agus rochtana ar bhonneagar d'iontrálaithe nua atá ag iarraidh iad féin a bhunú san earnáil ghiniúna cumhachta. Dar leis an Rialtas, is í straitéis náisiúnta atá i gceist leis na láithreáin sin agus creideann sé gur chóir breathnú a dhéanamh ar chruthú de chúlsoláthar talún de na láithreáin sin d'fhonn dreasachtaí a chur ar fáil d'fhorbairt acmhainn nua neamhspleách ghiniúna.
- Caithfear aghaidh a thabhairt ar cheist na ceannsaíochta agus cumhachta margaidh i ngléasra giniúna praghas-socraithe mar cheist tosaíochta láithreach
- Ba chóir fíoriomaíocht éifeachtúil i soláthar fuinnimh a spreagadh agus a éascú ar mhaithe le tomhaltóirí.

2.3.27 Trí bhogadh ar shiúl ó status quo, is féidir leis na himreoirí go léir spreagadh a chruthú do rogha agus nuálaíocht i margadh a beadh rialaithe níos oiriúnaí agus margadh freagrach. Thar am ba chóir go ndéanfaidh an treoir bheartais pro-iomaíochta seo éascaíocht do ráta feabhsaithe aischair ar shócmhainní faoi úinéireacht Stáit trí éifeachtachtaí treisithe agus feidhmíocht níos fearr.

Leasú Rialaithe

2.3.28 Tá margadh leictreachais na hÉireann á rialú ag CER ó 1999 agus an margadh gáis ó 2002. Tá feidhmeanna agus dualgais reachtúla agus neamhspleácha forleathana ag an gCoimisiún, a d'fhorbair i dtimpeallacht athraitheach agus dhúshlánach. Bhí forbairtí ag leibhéal AE mar chúlra ríthábhachtach. Léiríonn baint amach an rialaithe cothromaíochta ceart an gá do chur chuige solúbhtha leanúnach san earnáil fuinnimh ag cur san áireamh an raon dúshlán do bheartas fuinnimh. Comhlánóidh an fhorbairt de mhargaí réigiúnacha leictreachais AE, ina bhfuil ról réamhghníomhach ag a nCER, mar Chomhalta de chuid Ghrúpa Rialaitheoirí na hEorpa, an dul chun cinn i dtreo Mhargadh comhtháite Singil Leictreachais AE.

2.3.29 Leag Páipéar Bán an Rialtais sa "Regulating Better", na prionsabail treorach amach do rialú níos fearr. Is ionann iad agus riachtanas, éifeachtúlacht, comhréireacht, trédhearcacht, freagracht agus agus comhsheasmhacht. Sa chomhthéacs sin tá an Rialtas tiomanta d'athbhreithniú leanúnach ar an gcreat rialála lena chinntiú go bhfuil sé freagrach, ábhartha agus inmharthana. Tá sainaithebhreithnithe beartaithe go Rannach, ag cur struchtúir mhargaidh atá ag forbairt agus dúshlán bheartais san áireamh. Bheadh sé róluath athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an gcreat

rialála fuinnimh roimh thabhairt isteach an SEM in 2007. Bheadh sé tráthúil agus oiriúnach athbhreithniú a dhéanamh go gairid ina dhiaidh sin ag féachaint do rialú a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na dúshláin fuinnimh suas go dtí 2020. Cuirfidh sé eispéreas an SEM agus forbairtí eile AE san áireamh.

2.3.30 Leanann an Rialtas ar aghaidh ag déanamh breathnaithe ar na réimsí atá le feabhsú i rialachas na n-aonán faoi úinéireacht stáit in earnáil fuinnimh na hÉireann agus a ról mar lucht leasa agus déantóir beartais á chomhlíonadh aige de réir Threoirlínte an OECD um Rialáil Chorparáideach na bhFiontar faoi Úinéireacht Stáit (2005), nuair is gá.

2.3.31 Ar deireadh, tá an Rialtas tiomanta d'athbhreithniú rialta ar threoir bheartais fuinnimh, a dhéanfaidh siad gach cúig bliana.

Bochtaineacht Bhreosla

Ábhar imní atá i mbochtaineacht bhreosla don Rialtas. Táthar á plé, agus leanfar á plé i bhfoirmiú beartais fuinnimh. Breatnófar ar leathnú ar na tionscnaimh reatha beartais chun dul i ngleic leis an gceist.

Glacann Ranna Rialtais eile a bpáirt chomh maith maidir le hiarracht a dhéanamh an bhagairt de bhochtaineacht bhreosla a laghdú nó réidh a fháil de. Áirítear an méid a leanas ar na bearta reatha: liúntais bhreosla na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, le cois rátaí leasa sóisialta agus sochair leasa eile atá ann cheana, agus bearta aon uaire d'infheistíocht chaipitil fadtréimhseach a bhfuil sé mar aidhm acu éifeachtach fuinnimh a fheabhsú agus leibhéil fhoriomlána éileamh a laghdú.

Cuireann an clár um Oibreacha Leigheasúcháin (€65 milliún) oibreacha leigheasúcháin ar fáil do thithe lena mbaineann máchailí tromchúiseacha dearaidh nó tógála nó tithe atá lonnaithe in eastáit uirbeacha atá trochailte. Laghdóidh tionscnamh atá á chur chun cinn ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (RCORA) líon na dtithe gan teas lárnach trí chlár infheistíochta i rith na tréimhse ceithre bliana 2004-2008. Tá an clár dírithe ar thithe údaráis áitiúil agus ar thithe a bhfuil daoine breacaosta ina gcónaí iontu agus iad ag tabhairt faoi deara gur ag na daoine breacaosta i gceantair thuaithe a bhíonn na costais is airde teasa. Tá sé mar aidhm ag an gclár aghaidh a thabhairt ar 9,000 teach in 2006 agus buiséad €32 milliún aige.

Bunaíodh Clár Tithíochta Ioncaim Íseal SEI (a seachadadh tríd an Scéim um 'Theaghlaigh níos Teasaí') chun cabhrú le plean gnímh náisiúnta a bhunú agus a chur i bhfeidhm d'fhonn bearta infheistíochta caipitil um éifeachtúlacht fuinnimh a sheachadadh i dtithíocht ioncaim ísil. Is €1.9 milliún an caiteachas caipitil atá molta don chlár in 2006, a chlúdóidh 2,700 teach, trí ghníomhaireachtaí suiteála a oibríonn de réir caighdeáin shainmhínithe cáilíochta. Forbróidh SEI an creat um leathnú suntasach an chlár Tithíochta Ioncaim Ísil (10,000 teach in aghaidh na bliana) agus suiteálaithe ón earnáil phríobháideach á gceapadh acu. Ba chóir go méadóidh sé sin an acmhainn agus go gcuirfidh sé dlús le luas na scéime, ionas go ndéanann sé fiordhul chun cinn maidir leis an bhfadhb náisiúnta laistigh de thréimhse bheag bhlianta.

Tugadh Scéim Teasa Lárnaigh isteach, i mí Iúil 2004, um theaghlaigh ar cíos ón údarás áitiúil nár bhain na saoráidí sin leo. Íocadh €42 milliún go dtí seo agus leithdháileadh €35 milliún sa bhreis don scéim in 2006.

Príomhghné maidir le dul i ngleic le bochtaineacht bhreosla is ea a chinntiú go gcuirtear tithíocht ar fáil lena mbainfidh modh teasa a bheidh éifeachtúil nuair a bheidh sé i bhfeidhm agus a chinnteoidh go mbeidh teas leordhóthaineach ar fáil i ngach seomra ionas gur féidir leis na daoine atá ina gcónaí ann úsáid a bhaint astu. Déanann na Treoracha um Thithíocht Shóisialta foráil a chinntíonn go mbíonn teas tí iomlán ar fáil sa tithíocht shóisialta go léir, a dearadh i gceart agus a úsáideadh córais éifeachtúla ina leith, ag féachaint do roghanna na ndaoine a mbeadh ina gcónaí iontu. Feabhsaíodh na caighdeáin inslithe a éilítear de réir a chéile chun feabhsuithe na Rialachán Tógála a chomhlíonadh. Seachadfaidh feidhmíocht fheabhsaithe theirmeach agus caighdeáin fheabhsaithe inslithe costais laghdaithe teasa chuig na daoine a bhfuil cónaí orthu i dtithe údarais áitiúil a tógadh de réir na gcaighdeán níos airde agus laghdóidh na gnéithe sin astuithe gháis an cheaptha teasa mar thoradh ar cheanglais níos ísle fuinnimh. Tá athbhreithniú ar na treoirlínte dearaidh ar bun faoi láthair agus táthar ag súil go bhfoilseofar na treoirlínte athbhreithnithe i rith 2006.

Cuirfear eolaire le chéile a chuimseoidh na scéimeanna cúnaimh go léir do na daoine sin atá bocht ó thaobh breoslaí de, nó atá faoi mhíchumas agus do na seandaoine, (lena n-áirítear, deisiúcháin riachtanacha, uasghrádú inslithe, seadándhíonú) cé acu an Rialtas lárnach nó Rialtas áitiúil a chuirfidh i bhfeidhm iad.

Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na spriocanna beartas agus na gníomhartha beartais chun Iomaíochas an tSoláthair Fhuinnimh a chinntiú.

Iomaíochas an tSoláthair Fhuinnimh

Cuspóir beartais

- Na hearnálacha gáis agus leictreachais a léirscaoileadh trí shásraí margadh fuinnimh a chur i bhfeidhm;
- Éascaíocht a dhéanamh d'iomaíocht trí shocruithe institiúideacha agus struchtúr an mhargaidh a leasú.

Spriocanna beartais

- Tabhairt isteach de Mhargadh Singil Leictreachais le linn 2007;
- Beidh lánscailt mhargadh gáis na hÉireann bainte amach roimh Iúil 2007.
- Críochnú an díchuachta dlíthiúil BGE DSO (Oibreoir Córais Dáilte) agus TSO (Oibreoir Córais Tarchuir) faoi dheireadh 2006;
- Díchuachadh dlíthiúil agus feidhmíochta ESB DSO faoi 1 Iúil 2007

Gníomh beartais

- BSL láidir atá inmharthana ó thaobh tráchtála de a choimeád.
- Sócmhainní straitéiseacha leictreachais, lena n-áirítear sócmhainní áirithe giniúna, le coimeád faoi úinéireacht Stáit don fhadtréimhse;
- Fáil réidh le cumhacht mhargaidh ag aon imreoir amháin sa ghléasra giniúna socraithe praghais;
- Breathnú ar chúlsoláthar talún faoi úinéireacht stáit maidir le láithréain ghiniúna reatha agus fhéideartha
- Ní mór iomaíocht éifeachtúil agus fíoriomaíocht i soláthar fuinnimh a spreagadh agus a éascú ar mhaithe le tomhaltóirí
- Leathnú Chlár Tithíochta Ioncaim Íseal SEI.
Roinnt tionscnamh bochtaineachta breosla faoin scéim Deontais um Dheisiúcháin Riachtanacha a chuíchóiriú.

3 An Bealach Chun Cinn

3.1 COMHAIRLIÚCHÁN AGUS COMHOIBRIÚ

- 3.1.1 Is gné fhorleatach agus rithábhachtach den gheilleagar nua-aimseartha agus den tsochaí shibhialta é fuinneamh. Is príomhghnéithe iad slándáil, iomaíochas agus inbhuanaitheacht an tsoláthair fhuinnimh a chinneann táirgiúlacht, fás agus iomaíochas eacnamaíoch, chomh maith le leas sóisialta. Imreoidh cinntí beartais a dhéantar anois agus sna blianta beaga amach romhainn tionchar tábhachtach ar feadh na mblianta agus do na glúine amach anseo. D'fhéadfadh na cuspóirí, spriocanna, bearta agus ionstraimí beartais fuinnimh, a gcuirtear síos orthu sa Pháipéar Glas seo tionchar a imirt ar dhaoine agus grúpaí éagsúla, idir daoine aonair agus teaghlaigh agus gnólachtaí, earnálacha agus tionscail. Creideann an Rialtas go mbeidh soiléireacht agus cinnteacht ar fáil d'earnáil tionscal an fhuinnimh i dtéarmaí straitéis náisiúnta fuinnimh go dtí 2020 mar thoradh ar an bPáipéar Glas seo agus díospóireacht eolasach ina dhiaidh sin faoi na hábhair a tháinig chun cinn chomh maith leis an bPáipéar Bán a fhoilseofar ansin faoi dheireadh 2006.
- 3.1.2 Baineann clár oibre dúshlánach agus fadtréimhseach um athrú leis an mbeartas fuinnimh a leagtar amach sa Pháipéar Glas seo. Tá comhairliúchán leis an bpobal, go háirithe leis an bpríomhlucht leasa sa tionscal fuinnimh, agus comhoibriú i measc Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais ina réamhchoinniollacha rithábhachtacha ionas go n-éireoidh go maith leis an gcur i bhfeidhm. Tá comhairliúcháin chuimsitheacha poiblí déanta ag an Rialtais cheana ar gach príomhréimse de bheartas fuinnimh: slándáil an tsoláthair, iomaíochas agus inbhuanaitheacht Ar na samplaí is déanaí d'ábhair chomhairliúcháin, áirítear: socruithe institiúideacha agus struchtúr margaidh na hearnála leictreachais (*Athbhreithniú ar an Earnáil Leictreachais in Éirinn*); forbairt an Mhargaidh Fhuinnimh Oileáin Uile (*Creat Forbartha an Mhargaidh Fhuinnimh Oileáin Uile*); dearadh an Mhargaidh Shingil Leictreachais (*Dearadh Ard-Leibhéal Molta agus cáipéisí ina dhiaidh sin*); fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite (*Cáipéis Chomhairliúcháin um Leictreachas In-Athnuaite*) agus (*Leictreachas In-Athnuaite – Cáipéis Chomhairliúcháin um Fhís '2020'*); éifeachtacht fuinnimh (*Plean Gnímh do Chur i bhFeidhm Threoir an AE um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh in Éirinn – Cáipéis Chomhairliúcháin*); agus taighde, forbairt agus taispeántas fuinnimh (*Páipéar Comhairliúcháin um Fhuinneamh RD&D*)
- 3.1.3 Is mian leis an Rialtas próiseas táirgiúil comhairliúcháin a chur i gcrích maidir leis na dúshláin a aithníodh agus na treoracha molta sa Pháipéar Glas seo sula dtabharfar an Páipéar Bán chun críche faoi dheireadh 2006. Tá an Rialtas tiomanta, i gcónaí, do phrionsabail na Comhpháirtíochta Sóisialta a dtugtar cuntas orthu i *Straitéis na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialta (NESG) 2006: Daoine, Táirgiúlacht agus Cuspóir agus I dTreo 2016: Creat na gComhpháirtíochta Sóisialta 10 mbliana, 2005-2015* agus i rannpháirtíocht ghníomhach na gcomhpháirtithe sóisialta.

- 3.1.4 Tá baint ag beartas fuinnimh le réimsí eile beartais. Chomh maith leis an tionchar forleatach a imríonn sé ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí, imríonn fuinneamh tionchar ar raon leathan réimsí beartais agus imríonn na réimsí sin tionchar ar fhuinneamh. Ar na príomhréimsí beartais a bhfuil baint acu lena chéile, áirítear: an comhshaol, fiontar poiblí agus príobháideach, iompar, gnóthaí sóisialta, talmhaíocht, airgeadas, iomaíocht agus gnóthaí tomhaltóirí. Ní mór gach ceann de na réimsí beartais sin agus na ranna a bhaineann leo a ghlacadh san áireamh nuair a bhíonn beartas fuinnimh á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm.
- 3.1.5 Tá an Rialtas ag tabhairt faoi chur chuige cuimsitheach agus comhtháite. Cé go bhfuil an clár oibre um beartas fuinnimh casta agus dúshlánach, tá an-chuid de na forais atá riachtanach curtha i bhfeidhm ag an Rialtas d'fhonn a chuid cuspóirí beartais a ghnóthú. Leanfaidh Roinn ar aghaidh ag feidhmiú mar phríomhroinn d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais fuinnimh. Leanfaidh an CER ar aghaidh ag glacadh róil suntasaigh maidir le cur i bhfeidhm beartais agus é ina rialtóir neamhspleách sna hearnálacha gáis agus leictreachais. Leanfaidh SEI ar aghaidh ag soláthar faisnéis maidir le fuinneamh agus ag cur i bhfeidhm príomhchláir bheartais. Leanfaidh ranna agus gníomhaireachtaí eile, atá freagrach freisin as beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sna réimsí gaolmhara a luadh thuas ar aghaidh ag glacadh rólanna tacaíochta.
- 3.1.6 Ní mór cur i bhfeidhm beartais a dhíriú ar thorthaí inláimsithe. Baineann nádúr casta, dinimiciúil agus fadtréimhseach leis an gclár oibre nua um beartas fuinnimh. Tá an Rialtas tiomanta do phrionsabail láidre chuntasachta a choimeád um thograí sonracha beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus na torthaí inmhianaithe a ghnóthú. Bíonn clár forfheidhmiúcháin cuimsitheach ach solúbtha ag teastáil ionas go n-éireoidh le clár oibre beartais lena mbaineann an scóip agus castacht sin. Sa chomhthéacs, rachaidh Roinn i mbun comhairliúcháin agus comhoibríthe leis an bpríomhlucht leasa chun clár cuí a fhorbairt agus monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn dá réir sin.

3. An Bealach Chun Cinn

3.2 CEISTEANNA UM CHOMHAIRLIÚCHÁN

I gcomhthéacs an phróisis seo um beartas fuinnimh a fhorbairt, tugann an Rialtas cuireadh don lucht leasa agus daoine aonair tuairimí a léiriú maidir leis na téamaí agus saincheisteanna go léir a tháinig chun cinn sa Pháipéar Glas seo. Lena chois sin, cuireadh na ceisteanna a leanas le chéile d'fhonn saintuairmí a fháil.

Slándáil an tSoláthair Fhuinnimh a Chinntiú

- 3.2.1 Le cois níos mó a chur le fuinneamh in-athnuaite, cad a bhféadfaí a dhéanamh chun an meascán breoslaí a éagsúlú le haghaidh giniúna leictreachais agus an spleáchas ar ola agus gás a laghdú?
- 3.2.2 Cén dóigh ar féidir leordhóthaineacht giniúna agus iompair san earnáil leictreachais a fheabhsú?
- 3.2.3 Cad a ba chóir a dhéanamh chun acmhainn stórála straitéisí a chruthú san earnáil gáis?
- 3.2.4 Cad iad na dúshlán maidir le níos mó rannpháirtíochta d'imreoirí úra i bhforbairt agus oibriúchán gléasra giniúna cumhachta - agus cén bealach ar cheart dul i ngleic leo?
- 3.2.5 Cén dóigh, agus thar cén fráma ama, ar cheart d'Éire idirnascadh leictreachais níos mó leis an Eoraip a lorg?
- 3.2.6 Cad iad na bearta a bhféadfaí a dhéanamh chun taiscéalaíocht agus táirgeadh acmhainní fuinnimh dhúshasaigh a spreagadh?
- 3.2.7 Ag cur an leibhéal de spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe san áireamh, cad a ba chóir a dhéanamh chun bearta teagmhasa a threisiú?
- 3.2.8 An leagann an Páipéar Glas na teoracha beartais chearta amach go ginearála do shlándáil soláthair fuinnimh?

Inbhuanaitheacht an tSoláthair Fhuinnimh a Chur Chun Cinn

- 3.2.9 Cad is féidir a dhéanamh chun feabhas a chur ar luas agus raon forbartha d'acmhainní fuinnimh in-athnuaite do ghiniúint leictreachais ar bonn inbhuanaithe?
- 3.2.10 Chomh maith le giniúint leictreachais, cad a ba chóir a dhéanamh chun úsáid d'fhuinneamh in-athnuaite san earnálacha iompair agus teasa a fhorbairt?

- 3.2.11 Cad iad na tionsnaimh shuntasacha úra a bhféadfaí a dhéanamh chun éifeachtacht fuinnimh a mhéadú ar fud an gheilleagair agus go háirithe i dtithe, gnóthaí, an earnáil phoiblí, an earnáil iompair agus an timpeallacht thógtha?
- 3.2.12 Cad iad bearta breise beartais a ba chóir a thabhairt isteach chun fuinnimh RTDI a mhéadú go suntasach agus cad iad na réimsí tosaíochta, a bhfuil gá díriú orthu?
- 3.2.13 I bhfianaise Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta an Rialtais, cad is gá a dhéanamh d'fhonn acmhainn láidir náisiúnta um thaighde fuinnimh a fhairsingiú go radacach?
- 3.2.14 Cad iad na príomhcheisteanna soláthair agus éilimh a bhfuil gá dul i ngleic leo chun bonn a chur ar fáil do Straitéis chomhtháite um Bith-Fhuinnimh Náisiúnta?
- 3.2.15 An gcaithfidimid rogha a dhéanamh idir spriocanna sainordaithe agus dreassachtaí níos fearr d'fhuinneamh in-athnuaite agus éifeachtacht fuinnimh – agus an é meascán den dá rud é an bealach is fearr le dul chun tosaigh?
- 3.2.16 An leagann an Páipéar Glas na treoracha beartais chearta amach go ginearála d'ínbhuanaitheacht fuinnimh?

Iomaíochas an tSoláthair Fhuinnimh a Fheabhsú

- 3.2.17 I gcomhthéasc mhargadh fuinnimh na hÉireann a léirscaoileadh, cad a ba chóir a dhéanamh chun margáí leictreachais agus gáis a bheidh níos iomaíche a fhorbairt agus cad iad na bacainní faoi leith a bheidh le sárú?
- 3.2.18 Cad iad na bearta agus spriocanna beartais a ba chóir a thabhairt isteach chun socruithe institiúideacha agus struchtúr margaidh a leasú, go háirithe sna hearnálacha leictreachais agus gáis?
- 3.2.19 Agus cuid an-mhór dá bpraghsanna fuinnimh á socrú ag praghsanna idirnáisiúnta ola agus gáis, cad a ba chóir a dhéanamh in Éirinn chun an costas leictreachais agus gáis a laghdú do thomhaltóirí?
- 3.2.20 Tá ról lárnach glactha ag fiontair faoi úinéireacht an Stáit (e.g. BSL, BGE, Bord na Móna) i bhforbairt na hearnála fuinnimh. Cén dóigh ar cheart do ról fhiontair fuinnimh faoi úinéireacht an Stáit freagairt a thabhairt ar dhúshláin maidir le freastal ar ár riachtanais fuinnimh sa todhchaí?
- 3.2.21 Cad eile is féidir a dhéanamh chun bochtaineacht bhreosla a mhaolú?
- 3.2.22 An leagann an Páipéar Glas na treoracha beartais chearta amach go ginearála maidir le feabhas a chur ar iomaíochas earnáil fuinnimh na hÉireann?

Is ceart tráchtanna a sheoladh ní nach déanaí ná dhá mhí ón bhfoilsíúchán chuig:

Aighneachtaí Fhuinneamh an Pháipéir Ghlais,
An Rannán um Pleanáil Fuinnimh,
An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Daonna,
Sráid Adelaide,
Baile Átha Cliath 2

Nó (de rogha) trí ríomhphost chuig EnergyGreenPaper2006@dcmnr.ie

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil sé molta ag an Roinn an t-ábhar uile ar láithreán Gréasáin na Roinne a fhoilsiú. Ní mór d'fhreagróirí ábhar atá faoi rún agus nach mian leo a fhoilsiú a léiriú go soiléir. Beidh feidhm ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 go 2003.

Acrainmneacha agus Nodanna

AER	Ceanglas um Fhuinneamh Ailtéarnach
BGE	Bord Gáis Éireann
CCGT	Tuirbín Comh-Chiogail Gháis
CER	Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
CHP	Teas agus Cumhacht in Éineacht
Roinn	An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
DETI	An Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta, Tuaisceart Éireann
RCORA	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
DSO	Oibreoir an Chórais Leithdháilte
BSL	Bord Soláthair Leictreachais
ESRI	An Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta
ETS	Scéim Trádála Astuithe
GAR	An Tuarascáil um Leordhóthaineacht Ghiniúna
IEA	An Gníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh
LNG	Gás Nádúrtha Leachtaithe
Mtoe	Milliún tona na coibhéise ola
MW	Meigevat
MWh	Uair meigeavata
NORA	An Gníomhaireacht um Stoic Náisiúnta Ola
OECD	An Eagraíocht um Chomhoibriú agus Forbairt Eacnamaíoch
PSO	Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí
REFIT	Foithreacha In-Taraife Fuinnimh In-Athnuaite
RTDI	Taighde, Forbairt Theicneolaíoch & Nuálaíocht
SEI	Fuinneamh Inmharthana Éireann
SEM	An Margadh Singil Leictreachais
TSO	Oibreoir an Chórais Tarchuir

Add DETI Roinn Fiontar, Trádáil agus Infheistíochta, Tuaisceart Éireann

Gluais na dTéarmaí

Téarma	Míniúchán
Bonnlód	An t-íosmhéid fuinnimh a sheachadtar nó a éilítear thar thréimhse áirithe ag ráta seasta. Is éard atá i gceist le gineadóir bonnlóid ná gineadóir a d'fheidhmeodh, faoi ghnáthchoinníollacha oibríochta, go leanúnach ag leibhéal socraithe (de ghnáth, uasleibhéal) de chumhacht aschuir.
Comhbhreoslú	Úsáid dhá bhreosla nó níos mó chun gléasra giniúna leictreachas a oibriú. Tá an fhéidearthacht a bhaineann le comhbhreoslú gléasraí móna le móin mheilte, bithmhais adhmaid agus min feola agus cnáimhe in Éirinn faoi thriail.
EirGrid	Ghlac EirGrid freagracht as oibriú na greille náisiúnta a bhainistiú ó Ghreille Náisiúnta BSL an 1 Iúil 2006. Beidh sé ina TSO don líonra i bPoblacht na hÉireann.
Idirnascóir	An phíblíne / líonra um aistriú leictreachais nó gáis go dtí córas amháin tarchuir ó cheann eile nó an bealach eile timpeall.
Lód-Sceitheadh	Gníomh a bhíonn beartaithe ag áis agus a laghdaíonn breis is 100 meigeavat (MW) de lód daingean an chustaiméara ar chúiseanna a bhaineann le leanúnachas na seirbhíse a chothabháil ó thaobh córas builc soláthair chumhachta leictreachais an aonáin tuairiscithe.
Lár-Fhiúntas	Acmhainn ghiniúna lena mbaineann meánchostas a d'fhéadfadh nach bhfeidhmeodh go leanúnach. Tá gá leis um chothromaíocht láithreach soláthair/éilimh a chothabháil.
Uas-Acmhainn	Acmhainn trealaimh ghiniúna, a choimeádtar de ghnáth um oibriú i rith uaireanta na lód laethúil, seachtainiúil nó séasúrach is airde. D'fhéadfaí roinnt gléasraí giniúna a oibriú ag tréimhsí áirithe ama mar uas-acmhainn.
Foinsí In-Athnuaite Fuinnimh	Foinse fuinnimh nach meastar go n-ideofar é mar thoradh ar úsáid leanúnach nó gur féidir é a athsholáthar laistigh d'achar gearr ama (a ghlactar leis de ghnáth gur ionann é agus saolré an duine daonna). Ar na teicneolaíochtaí reatha in-athnuaite, airítear, fuinneamh gaoithe, toinne, taoide agus gréine.

Foinsí Roghnaithe

Coimisiún um Rialáil Fuinnimh. Ráiteas um Acmhainn Gháis, 2005. 2005.

Coimisiún um Rialáil Fuinneamh. Tuarascáil Bhliantúil na Rialtóirí do Choimisiún na hEorpa. 2005.

Coimisiún um Rialáil Fuinneamh. Plean Straitéiseach, 2005-2010. 2005.

Coimisiún um Rialáil Fuinneamh agus Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fuinnimh. Market Power Mitigation in the SEM: Páipéar Cinnidh. 2006.

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nadúrtha. Margadh Fuinnimh Uile-oileáin: Leictreachas In-Athnuaite – ‘Fís 20-20’. 2005.

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nadúrtha. Taighde, Forbairt agus Taispeántas Fuinnimh: Páipéar Comhairliúcháin. 2005.

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nadúrtha agus an Roinn Fiontair, Trádála Infheistíochta. An Creat Forbartha um Margadh Fuinnimh Uile-oileáin. 2004.

An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nadúrtha. Páipéar Glas um Fhuinneamh Inbhuanaitheachta. 1999.

An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Príomhdhúshláin Mhargaí Leictreachais na hÉireann. 2005.

An Roinn Fiontair, Trádála agus Infheistíochta, Tuaisceart Éireann. Energy – a Strategic Framework for Northern Ireland. 2004.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Straitéis Náisiúnta na hÉireann um Athrú Aeráide. 2000.

An Roinn Airgeadais. Cód Cleachtais um Rialáil Comhlachtaí Stáit. 2001.

Department of Trade and Industry, U.K. The Energy Challenge – Energy Review Report 2006. 2006.

An Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta. Athbhreithniú don Mheántréimhse, 2005-2012. 2005.

An Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta. Gnéithe de Bheartas Fuinnimh na hÉireann. 2005.

EirGrid. Generation Adequacy Report, 2006-2012. 2005.

EirGrid. Transmission Forecast Statement, 2005-2011. 2005.

Coimisiún na hEorpa. A European Strategy for Sustainable, Competitive and Secure Energy. 2005.

Coimisiún na hEorpa. Doing More with Less: Páipéar Glas um Éifeachtúlacht Fuinnimh. 2005.

Coimisiún na hEorpa. Report on Progress in Creating the Internal Gas and Electricity Market. 2005.

Coimisiún na hEorpa. Energy Infrastructure and Security of Supply. 2003.

Forfas. Input to the Energy Policy Green Paper (aighneacht neamhfoilsithe). 2006

Rialtas na hÉireann. Straitéis Náisiúnta Spásúla d’Éirinn, 2002-2020. 2002.

Rialtas na hÉireann. An Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide. 2000.

An Gníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh. Lessons from Liberalised Electricity Markets. 2005.

An Gníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh. World Energy Outlook 2005. 2005.

An Gníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh. World Energy Outlook 2004. 2004.

An Gníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh. Ireland 2003 Review. 2003.

An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh. Security of Supply in Electricity Markets. 2002.

Acadamh Innealtóireachta na hÉireann. Future Energy Policy in Ireland. 2006.

Irish Business and Employers Confederation Energy Policy Committee. 7 Principles of a National Energy Policy. 2006

An Eagraíocht um Chomhoibriú agus Forbairt Eacnamaíoch. Guidelines on Corporate Governance of State-Owned Enterprises. 2005.

Fuinneamh Inmharthana Éireann. Energy in Ireland, 1990-2004. 2006.

Fuinneamh Inmharthana Éireann. Renewable Energy in Ireland, 2005 Update. 2006.

Fuinneamh Inmharthana Éireann. Security of Supply Metrics, An Chéad Tuarascáil. 2006.

World Bank. Reforming Infrastructure: Privatisation, Regulation and Competition. 2004.

